# Plean Teanga Cheantar na nOileán

## 2019-2025

**Ceanneagraíocht: Comhairle Ceantar na nOileán**

**Áisitheoirí: Muintearas Teo.**

# Clár na nÁbhar


Clár na n-ábhar.......... 2

Léarscáil den Limistéar Pleanála Teanga .......... 5

Liosta Giorrúchán .......... 6

**1. Réamhrá**.......... 7

1.2. Fís .......... 9

1.3. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga .......... 10

**2. An Cheanneagraíocht** .......... 11

2.1. Comhairle Ceantar na nOileán .......... 11

2.2. Baill an Choiste .......... 11

2.3. Áisitheoir (Muintearas Teo.) .......... 12

**3. An Limistéar Pleanála Teanga** .......... 13

3.1. Ceantar na nOileán .......... 13

3.2. Daonra .......... 14

3.3. Fostaíocht .......... 16

3.4. Seirbhísí & Eagraíochtaí sa gCeantar .......... 18

3.5.An Córas Oideachais .......... 20

3.6 Coláistí Gaeilge .......... 22

3.7. Seirbhísí Eile .......... 23

3.8 An Earnáil Ghnó .......... 24

**4. Ullmhú an Phlean** .......... 25

4.1. Feasacht .......... 25

4.2.An Taighde.......... 25

4.2.1. An Taighde Cainníochtúil .......... 25

4.2.2. An Taighde Cáilíochtúil.......... 25

**5. Torthaí an Taighde**………………………………………………………………… 26

5.1. An Suirbhé Pobail…………………………………………………………..… 26

5.2 Suirbhé an Diaspóra........................................................................................... 34

5.3. Na hAgallaimh………………………………………………………………….. 34

5.3.1. Réimse an Oideachais ...................................................................................... 35

5.3.2. An Óige ............................................................................................................ 39

5.3.3. Eagraíochtaí/Seirbhísí eile ............................................................................... 41

5.3.4. Déagóirí, Daoine Aosta ................................................................................... 43

5.3.5.An Chléir ........................................................................................................... 45

5.3.6. Ranganna Gaeilge & Foghlaimeoirí ................................................................ 45

5.3.7. Lucht gnó .......................................................................................................... 47

**6. Bearta an Phlean Teanga** ...................................................................................... 48

6.1. Réamhrá………………………………………………………………….......... 48

6.2. Feidhmiú an Phlean Teanga…………………………………………………. 49

6.3. An Córas Oideachais………………………………………………………… 50

6.4. Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh,
lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga ................................................................ 56

6.5. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúaí Eile ..................................................... 59

6.6. Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais ............................... 65

6.7. An Earnáil Ghnó ................................................................................................... 67

6.8. Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn ......................................................... 69

6.9. Na Meáin Chumarsáide …………………………………………………………. 71

6.10. Seirbhísí Poiblí ……………………………………………………………… 72

6.11 Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil ......................................................................... 76

6.12 Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire ........................................................ 79

6.13 Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina
leith ........................................................................................................................... 82

**7. Costais** .......... 87

**8. Forbairt Feasachta agus Poiblíocht**………. 93

**9. Feidhmiú agus Monatóireacht**……….…..... 94

10. Leabharliosta.......... 96

11. Foinsí Eolais .......... 97


**12. Aguisíní**

Aguisín 1. Suirbhé ar an diaspóra .......... 98

Aguisín 2 Ceisteanna agallaimh.......... 104

Aguisín 3 Comhairliúchán poiblí.......... 108

Aguisín 4 Na Critéir Pleanála Teanga & Na Réimsí Pleanála Teanga .......... 112




Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta: Ceantar na nOileán

Ionad GIS, Institiúid Uí Riain, OÉ Gaillimh (Ronan Hennessy) a réitigh.
Dáta: 03/2014

Údarás na Gaeltachta

**Séanadh/Disclaimer**

Is ar mhaithe le léiriú a thabhairt ar an Limistéar Pleanála Teanga an mapa seo agus níor chóir glacadh leis mar léiriú ar theorainn na Gaeltachta./ The purpose of this map is to illustrate the location of the Language Planning Area and should not be considered as a definitive outline of Gaeltacht boundary.

**Sonraí/Data**

*© Suirbhéireacht Ordanáis Éireann/Rialtas na hÉireann - Ceadúnas Uimhir MP 001714 / An Phríomh-Oifig Staidrimh – faisnéis SAPS an Daonáirimh.*

*© Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland - Copyright Permit No. MP 001714 / Central Statistics Office – Census SAPS Data.*

*© OpenStreetMap (www.openstreetmap.org)*
*SRTM V4 CIAT (http://srtm.csi.cgiar.org)*

# Liosta Giorrúchán

| **Acrainm** | **Ainm** |
|---|---|
| COGG | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta |
| CONCOS | Comhchoiste Náisiúnta na gColáistí Samhraidh |
| LPT | Limistéar Pleanála Teanga |
| POG | Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 |
| RCOG | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| ROS | An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| RTÉ RnaG | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| TnaG | Tuismitheoirí na Gaeltachta |

# *Pleanáil Teanga (Ceantar na nOileán)*

## 1. Réamhrá

Baineann an plean seo le Ceantar na nOileán atá suite ar chósta thiar na Gaillimhe. Is iad Eanach Mheáin, Leitir Móir, Garumna, agus Leitir Mealláin na príomh-oileáin sa Limistéar.

**1.1.** Is léir go bhfuil an Ghaeilge faoi bhrú i gceantair Ghaeltachta na Gaillimhe agus go náisiúnta i láthair na huaire. Tugann staidreamh ón daonáireamh léargas cuimsitheach ar staid reatha na Gaeilge sa Ghaeltacht:

**Líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais sa Ghaeltacht in iomlán, i nGaeltacht na Gaillimhe agus i LPT Cheantar na nOileán:**

| **An Ghaeltacht in iomlán** | | |
|---|---|---|
| **2011** | **2016** | **Difríocht** |
| 23,621 (24.4%) | 20,586 (21.4%) | -3035 (-12.8%) |

| **Gaeltacht na Gaillimhe** | | |
|---|---|---|
| **2011** | **2016** | **Difríocht** |
| 10,721 (23.0%) | 10,091 (21.2%) | -630 (-5.9%) |

| **LPT Cheantar na nOileán** | | |
|---|---|---|
| **2016** | **2011** | **Difríocht** |
| 1,474 (71.7%) | 1,436 (65.5%) | +38 (+2.6%) |

Chomh maith leis seo tá leithéidí *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* a thugann le fios go bhfuil an Ghaeilge i mbaol mar theanga dúchais sa Ghaeltacht. "*Níl an Ghaeltacht buan mar atá sí. Faoi réir cúinsí reatha, ní mhairfidh an rannpháirtíocht phobail a thugann brí Ghaelach do shainiúlacht na Gaeltachta ach tréimhse ghairid eile. Tá ceannas feidhmiúil an Bhéarla sna limistéir Ghaeltachta trí chéile ag déanamh díláithrithe ar fheidhm na Gaeilge iontu. Is é an toradh a bheidh ar dhíláithriú seo na Gaeilge ná imeacht as na Gaeltachta, de réir mar a thuigtear go sóisialta agus go cultúrtha í*". (Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011, lch. 10).

Is cúis imní é seo ó tharla gurb iad na Gaeltachtaí cnámh droma na teanga; má lagaíonn an Ghaeilge sna ceantair seo, cén seans atá ag an teanga go náisiúnta? Mar sin tá tábhacht ar leith ag baint leis na Gaeltachtaí. Caithfear an Ghaeilge a bhuanú agus a láidriú iontu agus seasamh roimh aon mheath nó lagú atá ag bagairt. Is í an Ghaeilge croílár cultúr agus féiniúlacht na Gaeltachta. Má lagaíonn sí, lagóidh an cultúr - féach sampla bundúchasaigh Mheiriceá, na Lakota, atá ag snámh in aghaidh easa ó thaobh cúrsaí teanga - '*When we lose our language, we lose our culture*.' (Dewey Bad Warrior, cainteoir agus múinteoir Lakota). Tá neart samplaí eile de theangacha thart timpeall an domhain atá ag imeacht nó go deimhin atá nach mór imithe cheana féin. An bhfuil an Ghaeilge ag dul sa treo céanna? Faoi láthair, faraor, breathnaíonn sé go bhfuil.

Faoin bPróiseas Pleanála Teanga tá an Stát ag iarraidh ar eagraíochtaí pobail pleananna a chur le chéile ar mhaithe leis an nGaeilge a láidriú. Tá deis ag pobail na Gaeltachta staidéar a dhéanamh ar staid na Gaeilge ina gceantair féin. Is féidir na laigí agus bearnaí a aimsiú agus plean a chur le chéile chun tacú leis an teanga.Tá neart tacaíochta, buanú, dearfacht, agus forbairt ón mbun aníos, céim ar chéim, ag teastáil ón nGaeilge nó ó theanga ar bith atá i mbaol.

Próiseas mall atá anseo, agus b'fhéidir anróiteach uaireanta, ach is de réir a chéile a thógtar na caisleáin. Is féidir é a dhéanamh, is údar dóchais iad leithéidí na Māori sa Nua-Shéalainn atá ag déanamh an-iarrachtaí maidir le hathbheochan a dhéanamh ar a dteanga dhúchais féin (Te Reo Māori). Mar sin níl aon dabht ach gur féidir an Ghaeilge a shábháil agus a bhuanú le hiarracht agus spreagadh i measc na bpobal éagsúla Gaeltachta.

Tá dúshláin eile ann, áfach, nach leor iarracht an phobail agus na n-eagraíochtaí áitiúla amháin chun iad a shárú: is ceantar lagfhorbartha imeallach atá i gCeantar na nOileán a mbíonn easpa infreastruchtúr, easpa infheistíochta, easpa fostaíochta, easpa tithíochta agus go leor eile ag cur as dó. Tá fianaise faighte le gairid a léiríonn go bhfuil an Limistéar faoi bhun an mheáin náisiúnta ó thaobh rachmais agus oideachais. Mar sin beidh an Coiste Pleanála Teanga ag súil le hidirbheartaíocht a dhéanamh le hÚdarás na Gaeltachta ar mhaithe le tascfhórsa a bhunú chun cúrsaí fostaíochta a fheabhsú.

Tá an Ghaeilge faoi bhrú sa gceantar go pointe áirithe, ach má tá, tá an pobal faoi bhrú mar phobal inmharthana sa gceantar. Tá dualgas ar an rialtas, ar an rialtas áitiúil agus ar eagraíochtaí stáit a ndícheall a dhéanamh chun na fadhbanna sin a leigheas. Mura mbeidh deiseanna fostaíochta ar fáil sa gceantar, mura mbeidh an t-infreastruchtúr riachtanach ar fáil sa gceantar chun gnóthaí a bhunú agus a bhuanú san áit, nó má tá córas pleanála i bhfeidhm a chuireann cosc ar muintir óg na háite tithe a thógáil ina bpobal dúchais, ní mhairfidh an pobal mar phobal, agus ar ndóigh, ní mhairfidh an Ghaeilge mar theanga pobail.

-*Coiste Pleanála Teanga Cheantar na nOileán.*

## 1.2. Fís/Dúshláin

**Fís**

**Tá súil ag Coiste Pleanála Teanga Cheantar na nOileán go gcabhróidh an plean seo, agus go mór mór na bearta atá luaite leis, chun an Ghaeilge a choinneáil chomh láidir agus atá sí faoi láthair (is é sin 71% den daonra ina gcainteoirí laethúla Gaeilge) agus an Ghaeilge a choinneál mar theanga phobail sa Limistéar Pleanála Teanga. Is léir dúinn áfach go mbraitheann inmharthanacht na Gaeilge ar chúinsí eile chomh maith atá taobh amuigh den réimse pleanála teanga, ina measc siúd cúrsaí infreastruchtúir, fostaíochta agus imirce. Mura mairfidh an pobal, ní mhairfidh an Ghaeilge.**

## Dúshláin

Ní leor a bheith ag brath ar dhícheall an Choiste Pleanála Teanga áitiúil, áfach chun an Fhís seo a fhíorú agus an sprioc seo a bhaint amach. Is dúshlán mór é pobal beo inmharthana a choinneáil san áit. Tá easpa mór fostaíochta sa gceantar agus fágann sé sin nach mbíonn rogha ag go leor daoine ach an ceantar a fhágáil chun slí bheatha a bhaint amach. Tá cuid mhór eile de phobal na nOileán ag brath ar fhostaíocht taobh amuigh den cheantar féin, go hiondúil in áit gur gá a gcuid oibre a dhéanamh trí Bhéarla ar fad. Tá bacanna ar chruthú fostaíochta agus féin-fhostaíocht go háitiúil mar gheall ar dhrochinfreastruchtúr bóithre agus teileachumarsáide. Tá fadhbanna ann maidir le seirbhísí poiblí agus seirbhísí sláinte a fháil trí Ghaeilge, in ainneoin polasaithe stáit agus reachtaíocht ina dtaobh seo. Mura gcuireann na húdaráis chuí plean cuimsitheach infreastruchtúir agus cruthú fostaíochta i bhfeidhm sa gceantar agus murar féidir leis an stát a chinntiú gur féidir le saoránaigh a gcuid gnó a dhéanamh le rannóga stáit trí Ghaeilge, ní éireoidh leis an bplean teanga seo a sprioc a bhaint amach.

Tá tagairtí déanta sa bplean seo do na bearta atá riachtanach, dar le Coiste Pleanála Teanga Cheantar na nOileán, chun fís agus sprioc an phlean a bhaint amach, ach nach bhfuil sé de chumhacht ná d'údarás ag an gcoiste iad a chur i bhfeidhm. Tá sé i gceist go ndéanfaí monatóireacht leanúnach le linn tréimhse an phlean, ní amháin ar bhearta na Ceanneagraíochta agus an Choiste Pleanála Teanga, ach chomh maith ar an dul chun cinn (más ann dó) atá údaráis stáit ag déanamh chun dul i ngleic leis na fadhbanna atá ag cur inmharthanacht an phobail agus na teanga i mbaol.

## 1.3. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

### 1.3.1. An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Foilsíodh An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 in 2010 chun tacaíochtaí breise a thabhairt don Ghaeilge. Seo a leanas príomhchuspóirí na Straitéise:

- An líon daoine a mbeidh eolas acu ar an nGaeilge a mhéadú ó 1.66 milliún go 2 mhilliún.
- Líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais a ardú ó 83,000 go 250,000.
- Líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge sa nGaeltacht gach lá a mhéadú faoi 25%.
- Líon na ndaoine a úsáideann seirbhísí Stáit trí Ghaeilge agus atá ábalta teilifís, raidió agus na meáin chlóite a rochtain trí Ghaeilge a mhéadú (2010:17).

### 1.3.2. Acht na Gaeltachta, 2012

In 2012 achtaíodh Acht na Gaeltachta. Faoin Acht seo tá sé i gceist go mbeidh an Ghaeltacht bunaithe feasta ar chritéir theangeolaíochta seachas ar limistéir thíreolaíochta mar a bhí go dtí seo. Beidh an phleanáil teanga ag leibhéal an phobail lárnach do phróiseas an tsainmhínithe nua don Ghaeltacht (foinse: suíomh gréasáin na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta).

## 2. An Cheanneagraíocht

Roghnaigh Údarás na Gaeltachta Comhairle Ceantar na nOileán mar Cheanneagraíocht do Limistéar Pleanála Teanga Cheantar na nOileán sa mbliain 2014.

### 2.1. Comhairle Ceantar na nOileán

Bunaíodh Comharchumann Fiontar na nOileán tar éis teip Chomharchumann Forbartha na nOileán i 1983/84, le hionadaithe ó na coistí éagsúla a bhí gníomhach i gCeantar na nOileán le dul i ngleic leis na heaspaí scileanna/réimsí éagsúla – feilméaracht éisc agus san earnáil tógála. Bunaíodh Comhairle Pobail, an scáth-eagraíocht, i lár na naochadaí agus cinneadh struchtúr dlíthiúil a bhunú ar mhúnla toghchán an rialtais áitiúil. Roinneadh Ceantar na nOileán ina cheithre thoghroinn – Béal an Daingin, Leitir Móir, Garumna agus Leitir Mealláin, le 15 ionadaithe tofa as na cheithre thoghroinn. Eagraíodh an chéad toghchán i 1999. Chaith breis agus 75% den phobal vóta agus cinneadh i ndiaidh an toghcháin, Comhlacht Faoi Theorainn Ráthaíochta a bhunú i.e. Comhairle Ceantar na nOileán Teo. mar an fheithicil forbartha ba dhaonlathaí agus ba ionadaí den phobal. I 2009, d'aistrigh siad go hoifig nua in Halla Thír an Fhia. D'oscail an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe and Gaeltachta ag an am, Éamon Ó Cuív T.D. an foirgneamh nua go hoifigiúil.

Is iad na príomhaidhmeanna atá ag an gCoiste ná:

- Riachtanais eacnamaíocha, shóisialta, agus chultúrtha an cheantair a chur chun cinn.
- Aitheantas a thabhairt do riachtanais bhunúsacha an phobail agus an caighdeán maireachtála a fheabhsú.
- Aghaidh a thabhairt ar riachtanais éagsúla a bhaineann le fostaíocht, ionaid shóisialta, ionaid chaitheamh aimsire, seirbhísí poiblí, oidhreachta agus bonneagair. Pleananna a bhunú chun forbairt a dhéanamh ar na riachtanais seo.
- Tacaíocht do ghrúpaí sa bpobal: an óige, daoine aosta, mná agus daoine atá dífhostaithe.
- Cabhair agus comhairle a thabhairt do choistí áitiúla.
- Comhoibriú leis an earnáil phríobháideach le tionscadail phobail a chur chun cinn.
- A chinntiú go bhfuil cumarsáid éifeachtach i gcónaí idir na coistí áitiúla.

Tá an Chomhairle Ceantar ag riaradh na scéimeanna seo a leanas:
An Scéim Sóisialta Tuaithe, An Scéim Fostaíochta Pobail, Tús agus Tús Nua.
Tá an pobal agus Ceantar na nOileán ag brath go mór ar na hoibreacha a dhéantar tríd na scéimeanna.

### 2.2. Baill an Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga (ó mhí na Samhna 2016):

I measc na n-ionadaithe atá ar an gCoiste Stiúrtha Pleanála Teanga tá ionadaithe ón gCeanneagraíocht, Comhairle Ceantar na nOileán agus ionadaithe ó na heagraíochtaí eile sa gceantar. Thug an Cheanneagraíocht cuireadh do dhaoine neamhspleácha a bhfuil baint acu leis na réimsí oideachais, óige, cúrsaí pobail, gnó agus turasóireacht páirt a ghlacadh sa bpróiseas.

Seo a leanas baill an Choiste Stiúrtha:
Séamus Ó Ráinne (Cathaoirleach) Comhairle Ceantar na nOileán
Eilín Peircín (Rúnaí) Comhar Chuigéal
Róisín Nic Leoid (Oifigeach Caidrimh Phoiblí)
Maidhc Ó Curraoin, Comhairle Ceantar na nOileán
Máirín Uí Ráinne, Comhairle Ceantar na nOileán
John Ó Béarra, Comhar Chuigéal
Siobhán Ní Churraoin
Nóra Seoighe
Caitlín Seoighe (Ó mhí Márta 2017)
Peadar Ó Maoláin (Ó mhí Márta 2017)
Máirtín Ó Laoi (Ó mhí Márta 2017)

### 2.3. Áisitheoirí (ó mhí Márta 2017)

I mí na Nollaig 2016 rinneadh fógraíocht sna meáin shóisialta agus ar shuíomh idirlín an Údaráis chun Comhordaitheoir Pleanála Teanga do LPT Cheantar na nOileán a fhostú. I mí Eanáir 2017 rinne Muintearas iarratas ar an bpost agus tar éis próiseas agallaimh ceapadh Muintearas sa ról i Márta 2017.

Seo leanas na háisitheoirí as Muintearas a thug tacaíocht leis an bplean a chur i dtoll a chéile:
Andreas Vogel, Muintearas
Piaras Ó Droighneáin, Muintearas
Mary Kate Ní Chualáin, Muintearas

# 3. An Limistéar Pleanála Teanga

## 3.1. Ceantar na nOileán

Grúpa oileáin é Ceantar na nOileán atá suite idir Cuan Chill Chiaráin agus Cuan an Fhir Mhóir, 56km siar ó Chathair na Gaillimhe. Tá na hOileáin ceangailte don mhórthír le droichid a tógadh ag deireadh an 19ú haois déag. Is iad Eanach Mheáin, Leitir Móir, Garumna, agus Leitir Mealláin na príomh-oileáin agus tá oileáin bheaga eile ag síneadh amach uathu.

**Cultúr na háite**
Tá cultúr láidir Gaelach i gceantar na nOileán maidir le ceol, féilte, spórt. Tá traidisiún ceoil agus amhránaíochta thar a bheith saibhir sa gceantar. Tháinig roinnt buaiteoirí Chorn Uí Riada as Ceantar na nOileán. Chomh maith leis sin, bíonn amhráin nua á gcumadh agus á gcasadh i rith an ama agus tá ceol agus amhránaíocht de chuile chineál agus stíl lárnach i gcultúr an cheantair.

**Na Féilte**
Is iad na mór-fhéilte a bhíonn ar siúl sa gceantar ná Féile na nOileán, Féile Chuigéil, Siamsa Choilm de Bhailís.

## 3.2. Daonra Cheantar na nOileán

In 2016, bhí 2,118 duine ina gcónaí i gCeantar na nOileán de réir an Daonáirimh. Ba mhná iad 1,043 duine nó 49.2% acu sin agus fir 1,075 duine nó 50.8%. Tá an ceathrú cuid den daonra (539 duine nó 25.4%) níos óige na 20 bliain d'aois agus tá 18.7% (397 duine) 65 bliain d'aois nó os a chionn. Fágann sé sin go bhfuil an chuid is mó den daonra (1,182 duine nó 55.8%) idir 20 bliain agus 64 bliain d'aois.

**Inscne & aoisghrúpa de réir Dhaonáireamh 2016**

| Aoisghrúpa | Fireann | Baineann | Iomlán |
|---|---|---|---|
| 0 | 10 | 14 | 24 |
| 1 | 8 | 9 | 17 |
| 2 | 8 | 12 | 20 |
| 3 | 13 | 15 | 28 |
| 4 | 8 | 7 | 15 |
| 5 | 15 | 15 | 30 |
| 6 | 10 | 16 | 26 |
| 7 | 7 | 16 | 23 |
| 8 | 15 | 20 | 35 |
| 9 | 15 | 10 | 25 |
| 10 | 15 | 15 | 30 |
| 11 | 19 | 14 | 33 |
| 12 | 14 | 13 | 27 |
| 13 | 13 | 15 | 28 |
| 14 | 17 | 16 | 33 |
| 15 | 22 | 12 | 34 |
| 16 | 13 | 10 | 23 |
| 17 | 18 | 13 | 31 |
| 18 | 17 | 10 | 27 |
| 19 | 17 | 13 | 30 |
| 20-24 | 59 | 51 | 110 |
| 25-29 | 40 | 51 | 91 |
| 30-34 | 45 | 59 | 104 |
| 35-39 | 61 | 66 | 127 |
| 40-44 | 60 | 70 | 130 |
| 45-49 | 69 | 77 | 146 |
| 50-54 | 77 | 66 | 143 |
| 55-59 | 92 | 83 | 175 |
| 60-64 | 88 | 68 | 156 |
| 65-69 | 83 | 57 | 140 |
| 70-74 | 52 | 54 | 106 |
| 75-79 | 43 | 32 | 75 |
| 80-84 | 19 | 26 | 45 |
| 85+ | 13 | 18 | 31 |
| **Iomlán** | **1,075** | **1,043** | **2,118** |

**Anailís ar Chéatadán na gCainteoirí Gaeilge**

Maidir le cúrsaí teanga léiríonn na figiúirí go bhfuil ardú tagtha ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge i gCeantar na nOileán. I bhfianaise Dhaonáireamh 2016, tá a fhios againn anois go bhfuil an ceantar láidir agus ag dul i bhfeabhas. I nGarumna, tá ardú tagtha ar líon agus ar chéatadán na gcainteoirí laethúla Gaeilge ó 2006 i leith, agus i Leitir Móir, cé gur tháinig titim beag ar an líon cainteoirí laethúla Gaeilge idir 2011 agus 2016, tháinig ardú suntasach ar chéatadán na gcainteoirí laethúla Gaeilge idir 2006 agus 2016. Is cúis dóchais é seo ar ndóigh, go háirithe agus na céatadáin chéanna ag laghdú i gcuid mhaith de na ceantair Ghaeltachta eile.

Leitir Móir

| | Daonra | Daonra 3+ | CG | CLG |
|---|---|---|---|---|
| 2006 | 875 | 848 | 796 (93.9%) | 549 (64.7%) |
| 2011 | 908 | 877 | 809 (92.2%) | 581 (66.2%) |
| 2016 | 835 | 813 | 762 (93.7%) | 575 (70.7%) |

Garumna

| | Daonra | Daonra 3+ | CG | CLG |
|---|---|---|---|---|
| 2006 | 1,288 | 1,248 | 1,190 (95.4%) | 785 (62.9%) |
| 2011 | 1,359 | 1,316 | 1,262 (95.9%) | 855 (65.0%) |
| 2016 | 1,283 | 1,244 | 1,177 (94.6%) | 899 (72.3%) |

**Iomlán**

| | Daonra | Daonra 3+ | CG | CLG |
|---|---|---|---|---|
| 2006 | 2,163 | 2,096 | 1,986 (94.8%) | 1,334 (63.6%) |
| 2011 | 2,267 | 2,193 | 2,071 (94.4%) | 1,436 (65.5%) |
| 2016 | 2,118 | 2,057 | 1,939 (94.3%) | 1,474 (71.7%) |

### 3.3. Fostaíocht

Seo a leanas briseadh síos de réir inscne agus réimse ar staitisticí fostaíochta ó dhaonáireamh 2016


| Daonáireamh 2016 | Fir | % Fir | Mná | % Mná | Iomlán | % Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ag obair | 324 | 36.49 | 305 | 36.48 | 629 | 36.48 |
| Ag lorg poist den chéad uair | 7 | 0.79 | 8 | 0.96 | 15 | 0.87 |
| Dífhostaithe (a raibh post acu roimhe sin) | 164 | 18.47 | 83 | 9.93 | 247 | 14.33 |
| Mic léinn | 105 | 11.82 | 85 | 10.17 | 190 | 11.02 |
| Ag tabhairt aire don teaghlach | 33 | 3.72 | 173 | 20.69 | 206 | 11.95 |
| Ar scor | 183 | 20.61 | 129 | 15.43 | 312 | 18.10 |
| Gan cumas oibre de bharr tinnis | 70 | 7.88 | 50 | 5.98 | 120 | 6.96 |
| Eile | 2 | 0.23 | 3 | 0.36 | 5 | 0.29 |
| Iomlán | 888 | 100.00 | 836 | 100.00 | 1724 | 100.00 |


Seo thíos eolas ón seirbhís nuachta Tuairisc.ie (foilsithe ar 9/11/2017) a rinne anailís ar fhigiúirí ón suíomh Pobal.ie maidir le cúrsaí rachmais agus oideachais i gCeantar na nOileán. De réir na hanailíse tá toghroinn Leitir Móir (-16.9% faoi bhun an mheáin) agus toghroinn Gharumna (-16.5%) i measc na gceantar láidir Gaeltachta is measa as sa tír.

| Toghroinn | Dífhostaíocht (Fir) % | Dífhostaíocht (Mná) % | Oideachas Bunscoile amháin % | Oideachas Tríú Leibhéal % | Athrú Daonra 2011-2016 % | I gComparáid leis an meán náisiúnta | +/- Meán % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Leitir Móir** | **33.00** | **16.95** | **39.25** | **14.86** | **-0.11** | **Faoi míbhuntáiste** | **-16.98** |
| **Garumna (Tír an Fhia & Leitir Mealláin** | **34.5** | **26.4** | **37.8** | **17.55** | **-0.06** | **Faoi míbhuntáiste** | **-16.43** |

## Próifíl fostaíochta i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta in LPT Cheantar na nOileán

Seo a leanas sonraí a fuarthas ó Údarás na Gaeltachta ó thaobh fostaíochta sa gceantar. Tá an t-eolas bunaithe ar shuirbhé fostaíochta Údarás na Gaeltachta, 2017.



## 3.4. Seirbhísí & Eagraíochtaí sa gCeantar

Seo a leanas sracfhéachaint ar na heagraíochtaí pobail atá ag feidhmiú sa gceantar, an t-infreastruchtúr oideachais, na coláistí samhraidh, áiseanna pobail agus gnónna sa gceantar.

**Comhairle Ceantar na nOileán**

Tá eolas cuimsitheach faoi Chomhairle Ceantar na nOileán ar lch. 9 thuas.

**Comhar Chuigéal Teoranta, Leitir Mealláin**

Déanann Comhar Chuigéal Teo freastal ar an bpobal go sóisialta agus cuirtear oideachas ar fáil don phobal trí chúrsaí agus ranganna a eagrú agus a riar le linn na bliana. Is í an Ghaeilge an teanga labhartha sna Coláistí Gaeilge atá faoina gcúram agus sna campaí samhraidh chomh maith leis an láthair oibre agus ní mór d'fhostaithe a bheith in ann a ndualgais oibre a chomhlíonadh trí mheán na Gaeilge. Déantar gach iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn trí ranganna, gníomhaíochtaí agus imeachtaí a eagrú.

Cuireann Comhar Chuigéal na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

- Ranganna Gaeilge
- Coláiste Gaeilge
- Campaí Samhraidh
- Cúrsa Cadhcála
- Cúram Leanaí
- Turasóireacht
- Club Óige
- Cúramóir

**Muintearas na nOileán Teo**

Is eagraíocht oideachais agus oiliúna pobail é Muintearas. Tá ceanncheathrú na heagraíochta lonnaithe i dTír an Fhia, Leitir Móir, Co na Gaillimhe; agus tá fo-oifigí aige i nGaeltachtaí Dhún na nGall, Mhaigh Eo agus Chiarraí.

Cuirtear oideachas ar fáil do gach aoisghrúpa sa phobal, ó réimse na réamhscolaíochta go dtí oideachas fad saoil do dhaoine fásta. Tá Muintearas ag obair i ngach gné de chúrsaí oideachais, oiliúna agus seirbhísí do phobal na Gaeltachta. Tá aithne agus eolas ar Mhuintearas ag eagraíochtaí agus Ranna Stáit ó bheith ag déileáil leis an eagraíocht i gcaitheamh na mblianta. Tá taithí na mblianta acu ar shealbhú agus buanú teanga sa nGaeltacht. Bíonn Muintearas ag reáchtáil Scéim na gCúntóirí Teanga thar ceann na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i nGaeltacht Thír Chonaill, Mhaigh Eo, na Mí agus na Gaillimhe.

Tá cláracha don óige ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí d'obair na heagraíochta. Le blianta anuas tá Muintearas Teo. ag baint earraíochta as na deiseanna a chuireann nuatheicneolaíocht chumarsáideach ar fáil do phobail iargúlta. Tá taithí ag Muintearas Teo. a bheith ag feidhmiú i go leor de na ceantair Ghaeltachta ar fud na tíre.

Tá clár-oibre Mhuintearas Teo. dírithe ar na réimsí seo a leanas:

• Luathfhorbairt an linbh;
• Oideachas bunscoile;
• Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta
• Forbairt ábhar foghlama;
• Cláracha don óige;
• Seirbhísí spóirt
• Tograí tacaíochta teanga;
• Nuatheicneolaíocht chumarsáideach;
• Cláracha oiliúna;
• Taighde

Cuirtear ranganna Gaeilge ar fáil dóibh siúd nach bhfuil in ann an Ghaeilge a labhairt nó atá de bheagán cumais í a labhairt. Tá Muintearas Teo. aitheanta mar Ionad Seirbhísí Teanga. Tá Teastas Eorpach na Gaeilge á thairiscint do fhoghlaimeoirí chomh maith cé nach mór an tóir atá sa gceantar seo ar an gcáilíocht sin.

**Scéim Uisce Loch Hirbirte**

Tá Comharchumann Scéim Uisce Loch Hirbirte agus Leitir Mealláin á riaradh ó oifig atá lonnaithe sa Droim i Leitir Móir. Le dhá bhliain anuas tá os cionn €1.4 milliún caite le hobair athchóirithe a dhéanamh ar an Scéim chun córas uisce d'ardchaigdheán a chur ar fáil do phobal an cheantair. Tá taiscumar agus teach caidéil nua tógtha. Tá ballraíocht ag an Scéim i gCónaidhm na nGrúpsceimeanna Uisce a dhéanann ionadaíocht ar scéimeann uisce príobháideacha. Tá rannpháirtíocht an phoail sa scéim tábhachtach le todhchaí na scéime a chinntiú. Tríd an scéim tá fáil ag pobal an cheantair ar uisce atá ar chaighdeán Eorpach. Ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil amach anseo tá oibreacha breise uasghrádaithe le déanamh amach anseo.

## 3.5.An Córas Oideachais

- Tá naíolann amháin agus naíonra amháin ag feidhmiú i gCeantar na nOileán. Cuireann an naíolann seirbhís iarscoile ar fáil chomh maith.
- Tá cúig bhunscoil lonnaithe sa LPT. Tá bunscoil eile taobh amuigh den cheantar ag déanamh fresatal ar méid áirithe de ghasúir an cheantair.
- Níl aon mheánscoil sa LPT.
- Bíonn méid áirithe cúrsaí gairmoideachais chomh maith le cúrsaí tríú leibhéal á reáchtáil ag an togra oideachais Muintearas.

Líon páistí ag freastal ar naíonraí/scoileanna an LPT (Márta 2017):

- 28 cláraithe leis an naíolann.
- 35 gasúr cláraithe leis an naíonra.
- 268 gasúr cláraithe leis na bunscoileanna.

Tá ceathrar cúntóirí teanga ag obair i cgeithre bhunscoil sa gceantar. (Márta 2017).

### 3.5.1. Luathoideachas:

Tá Ionad Cúram leanaí lonnaithe i dTír an Fhia. Cuirtear trí chineál seirbhíse ar fáil ann:

- Seirbhís Naíolainne: Naíolann na nOileán
- Seirbhís Naíonra: Naíonra an Chnoic
- Seirbhís Cúram Iarscoile: Naíolann na nOileán

#### 3.5.1.1. Naíolann na nOileán

Is naíolann pobail í Naíolann na nOileán faoi chúram Mhuintearas Teo. a sholáthraíonn seirbhís cúram leanaí den scoth chun freastal ar riachtanais thuismitheoirí an cheantair. Tá Naíolann na nOileán bunaithe sa gceantar agus ag feidhmiú ó 1992 faoi choimirce Muintearas Teo. In 2006 osclaíodh go hoifigiúil an t-ionad cúram leanaí nua ina bhfuil an tseirbhís naíolainne chomh maith leis an gcúram iarscoile.

Tá curaclam leagtha amach ag Naíolann na nOileán ar mhaithe le timpeallacht spreagúil, spraíúil a chruthú chun cur le foghlaim agus forbairt an pháiste. Cuireann an fhoireann leis an bpróiseas seo trí idirghabháil oiriúnach, tráthúil, chothrom a chur ar fáil chomh maith le tacaíocht agus leanúnachas chun dearcadh maith faoi fhoghlaim a chothú agus a chur chun cinn i measc na bpáistí.

Aithníonn an Naíolann go bhfuil sé fíorthábhachtach gnáthamh laethúil a chothú sna páistí atá faoina gcúram. Déantar gach iarracht clár gníomhaíochtaí a chur ar siúl a spreagann forbairt fhisiciúil, shóisialta, mhothaíoch, intleachtúil, chruthaitheachta agus teanga sna páistí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.

### 3.5.1.2. Naíonra an Chnoic

Tá Naíonra an Chnoic ag feidhmiú faoin scátheagraíocht Comhar Naíonraí na Gaeltachta.

### 3.5.1.3. Cúram Iarscoile

Tá an tseirbhís cúram iarscoile bunaithe ó 2003. Is é an phríomhaidhm atá acu ná seirbhís den scoth a chur ar fáil do gach páiste i bpáirtíocht lena dtuismitheoirí. Bíonn an cúram iarscoile oscailte ón 1.30 –5.30 i.n. ó Luan go hAoine. Tá seirbhís mion-bhus ann chun na gasúir a bhailiú ón scoil agus cuirtear deoch agus greim le n-ithe ar fáil dóibh sa Naíolann.

### 3.5.2. Bunscoileanna sa LPT:

Tá cúig bhunscoil lonnaithe i gCeantar na nOileán:

- Scoil Cholmcille, Leitir Móir
- Scoil Bhríde, Leitir Calaidh
- Scoil Náisiúnta Thír an Fhia
- Scoil Náisiúnta Leitir Mealláin
- Scoil Rónáin, An Trá Bháin

Déanann Scoil Náisiúnta an Tuairín, atá lonnaithe díreach taobh amuigh den LPT, freastal ar roinnt gasúir ón LPT.

### 3.5.3. Meánscoileanna

Níl aon mheánscoil lonnaithe i gCeantar na nOileán. Freastalaíonn scoláirí ón gceantar ar na scoileanna seo a leanas, i measc scoileanna eile:

- Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua
- Coláiste Cholmcille, Indreabhán
- Coláiste Chroí Mhuire, An Spidéal

## 3.6. Coláistí Gaeilge:

Tá trí Choláiste Gaeilge lonnaithe sa gceantar.

*Coláiste na nOileán*, Tír an Fhia, Leitir Móir. Bíonn campaí samhraidh (Bealtaine go Lúnasa) ar siúl ag Coláiste na nOileán do mhic léinn mar shampla:

- Gearrchúrsa Gaeltachta 6 lá le spraoi agus spóirt trí mheán na Gaeilge deartha go speisialta do scoláirí bunscoile rang 4/5/6.
- Cúrsa réamh-sraithe sóisearaigh, cúrsa do scoláirí aois 12-18, agus cúrsa ullmhúcháin do lucht na hArdteiste ina ndéanfar clúdach ar ábhair pháipéar 1 & 2, déanfar réiteach ar ábhair cainte don Bhéaltriail & roinnt Béaltriail bréagach le linn an chúrsa

*Coláiste Spleodar*, Comhar Chuigéal, Leitir Mealláin. Bíonn Spleodar ag cur campaí samhraidh ar fáil. Bíonn na cúrsaí ar siúl ó Mheitheamh go Lúnasa, 3 seachtaine ar fad do gach cúrsa:

- Tá idir chúrsaí Sóisearacha agus chúrsaí sinsearacha ar fáil. Fanann na scoláirí le teaghlaigh Ghaeltachta a labhraíonn Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide. Bíonn siad ag taisteal chuig an gColáiste agus abhaile arís cúpla uair in aghaidh an lae chun páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí éagsúla.
- Glacann na scoláirí páirt i réimse leathan gníomhaíochtaí - dhá uair go leith de ranganna, spóirt éagsúla, drámaíocht, amhránaíocht, ceol agus damhsa céilí, chomh maith le gníomhaíochtaí trá, snámh, srl.

*Coláiste Gharumna*, Tír an Fhia, Leitir Móir. Bhunaigh Comhairle Ceantar na nOileán Coláiste Gharumna le freastal ar réimsí cúrsaí Gaeilge agus is cuid lárnach den phlean forbartha atá ag an gComhairle Ceantar don todhchaí ná coláiste den chéad scoth a reáchtáil i rith na bliana ar fad, ag freastal ar:

- Tréimhse Foghlamtha sa Ghaeltacht (Ábhair Oidí):
  Freastalaíonn ábhair oidí ón gcéad agus ón tríú bliain ó na coláistí oiliúna, Coláiste Marino agus Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath agus Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach ar chúrsa sa nGaeltacht a mhaireann ar feadh coicíse. Faigheann siad taithí ar imeachtaí cultúrtha, sóisialta agus teanga, taithí ar ghnáthshaol na Gaeltachta chomh maith le deis freastal ar ranganna teagaisc i rith an chúrsa.
- Cúrsaí S.C.G./O.C.G. do mhúinteoirí bunscoile a fuair a gcuid cáilíochtaí múinteoireachta thar lear, mar shampla Sasana, Albain, An Bhreatain Bheag agus Tuaisceart Éireann.
- Cúrsaí seachtaine do mhic léinn na hidirbhliana.
- Cúrsaí deireadh seachtaine do theaghlaigh chun blaiseadh a fháil den chultúr Gaeltachta.
- Coláiste Gaeilge le gailf agus spórt mara.

## 3.7. Seirbhísí eile

### 3.7.1 Seirbhísí leighis

Ionad Sláinte Leitir Mór, Leitir Mór, Co. na Gaillimhe
Oscailte Luan go hAoine: 9.00-12.00
Dar le 74% dóibh siúd a líon ceistneoirí (féach torthaí suirbhé pobail 5.1.6. -Imeachtaí & seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge) go mbíonn an tseirbhís seo ar fáil trí Ghaeilge amháin nó i nGaeilge is mó, ach dar le 27% go mbíonn an tseirbhís á cur ar fáil i mBéarla amháin nó Béarla is mó.

### 3.7.2. Seirbhísí Taisteal Tuaithe

Cuireann Muintearas mionbhus ar fáil do mhuintir an cheantair i gcomhar le Bealach. Is seirbhís í seo chun deis a thabhairt do sheanóirí an cheantair freastal ar na seirbhísí áitiúla, mar shampla an siopa nó oifig an phoist. Déanann an bus freastal ar cheantar na nOileán, Leitir Mealláin, Garumna agus Leitir Móir.

### 3.7.3. An Chlúid

Is bialann phobail í An Chlúid atá lonnaithe i bhfoirgneamh Mhuintearais i dTír an Fhia. Bíonn béilte den scoth ar fáil inti agus bíonn sí oscailte ó Luan go hAoine ó 9.30rn. go dtí 2.30in. Déanann an Chlúid lónadóireacht d'ócáidí speisialta ar nós baiste, an chéad chomaoineach agus ócáid ar bith eile i do theach féin nó sa mbialann.

### 3.7.4. Ionad Oidhreachta

Cuireadh Ionad Oidhreachta Leitir Mealláin agus Gharumna ar bun i gCaladh Ghólaim ó lár mhí Mheithimh na bliana 2009, tuairim is 40 míle siar ó chathair na Gaillimhe agus tá sé lonnaithe in ionad pobail Chomhar Chuigéal anois. Ní hamháin go bhfuil an tIonad Oidhreachta mar láthair do thurasóirí ach bíonn an tIonad á úsáid mar áis oideachais do scoileanna agus coláistí mórthimpeall an chontae, ag cur taispeántais agus turais lae ar fáil le linn na bliana.

### 3.7.5. CLG:Cumann Peile Naomh Anna

Bunaíodh Cumann Peile Naomh Anna i 1964. Roimhe sin d'imir peileadóirí ó Cheantar na nOileán le Cumann Peile Chois Fharraige, le Cumann Mhicheál Breathnach, le Cumann Cholmcille, le Cumann Peile na Ceathrún Rua nó leis Na Piarsaigh, Ros Muc. Bhí an tAthair Micheál Ó Flannabhra mar shéiplíneach i dTír an Fhia in 1961 agus bhí suim mhór aige i gcúrsaí peile agus i bhforbairt pobail. Bheartaigh sé féin agus Jimmy Rua Mac Cormaic, as Tír an Fhia, Pádraic Ó hUallacháin, Garda a bhí i Leitir Móir ag an am, Michael Mór Ó Conghaile, Maitiú Mac Donnchadha, múinteoir scoile a bhí i Leitir Móir ag an am, agus go leor daoine eile, cumann peile a bhunú i gCeantar na nOileán. Tá traidisiún láidir Gaeilge sa gCumann agus tá ról lárnach ag an teanga agus ag an gcultúr ann. Glacann Cumann Peile Naomh Anna páirt i gComórtas Peile na Gaeltachta gach bliain.

#### 3.7.6. Áiseanna eile:

I measc na n-áiseanna eile atá sa LPT tá:

Cumann Gailf Eanach Mheáin
Ionad Pobail Leitir Móir
Spórtlann Naomh Anna
Páirc an Mháimín CLG
Halla Pobail Thír an Fhia
Seanscoil na Trá Báine
Páirc Astro, an Trá Bháin
Páirc Leitir Móir
Páirc Spraoi Leitir Mealláin
Halla Pobail Leitir Mealláin

## 3.8. An Earnáil Ghnó

Seo a leanas liosta de an seirbhísí gnó sa LPT:

#### 3.8.1. Siopaí

Tigh Mhic Dhonnchadha (& Oifig an Phoist), Béal an Daingin
Tigh Rory Ó Conchubhair, Leitir Móir
Tigh Nicholas, Leitir Móir
Tigh Oliver & Annie (& Oifig an Phoist), Leitir Móir

#### 3.8.2. Tithe Ósta

Teach an Daingin, Béal an Daingin
Hooker Bar, Eanach Mheáin
Tigh Phlunkett, Leitir Móir
Tigh Pháraic Mháirtín Beag, An Droim
Óst na nOileán, Leitir Mealláin

#### 3.8.3. Monarchana

MoreNet Teo, Tír an Fhia
Irish Seaspray, Tír an Fhia

# 4. Ullmhú an Phlean

Faoin am gur cuireadh an Coiste Stiúrtha ar bun agus gur fostaíodh Muintearas Teo mar áisitheoirí d'ullmhú an phlean teanga seo, bhí ceistneoirí taighde curtha chuig teaghlaigh an Limistéir (Samhain/Nollaig 2015) agus faighte ar ais ag an gCeanneagraíocht. Cé nach raibh ionchur ag an gCoiste ná ag na háisitheoirí i ndearadh an cheistneora, rinneadh cinneadh an plean teanga a bhunú i bpáirt ar thorthaí an taighde seo mar nach bhféadfaí a bheith ag súil leis go dtacódh an pobal le próiseas úrnua taighde agus le ceistneoir nua ag teacht sna sála ar an gceistneoir thuasluaite. Cinneadh freisin taighde cáilíochtúil a chur i gcrích sa mbreis ar an taighde cainníochtúil sin, trí agallaimh a chur ar ghrúpaí agus earnáil ar leith sa bpobal chun gnéithe a bhaineann le stádas agus úsáid na Gaeilge sa bpobal a chíoradh tuilleadh.

### 4.1. Feasacht

Ó thosaigh an próiseas le plean teanga a ullmhú sa LPT tá go leor poiblíocht déanta ar an ábhar. Reáchtáladh suirbhé pobail i mí na Samhna/Nollag 2015 nuair a scaipeadh ceistneoirí ar theaghlaigh an LPT. Rinneadh go leor teagmhála freisin leis an bpobal le linn na n-agallamh agus na ngrúpaí fócais ó thús 2017. I mí Meitheamh 2017 seoladh foirmeacha amach chuig an bpobal trí na scoileanna le tuairimí agus moltaí a fháil ón bpobal i leith an phlean teanga. Eagraíodh cruinniú poiblí i mí Iúil 2017 le dréachtmholtaí an phlean a chur i láthair an phobail agus le tuairimí breise a fháil (Tá an fhoirm agus cóip den bhfógra faoin gcruinniú poiblí le fáil in Aguisín 3 mar aon le sampla de na tuairimí a léiríodh). Sa mbreis ar sin rinneadh agallamh raidió agus cuireadh fógra i nuachtlitir an pharóiste le poiblíocht a dhéanamh ar an bplean teanga.

## 4.2. An Taighde

### 4.2.1. An Taighde Cainníochtúil

Le linn an taighde rinneadh anailís ar eolas staitistiúil ag baint úsáid as foinsí mar an daonáireamh agus suirbhé pobail.

### 4.2.2. An Taighde Cáilíochtúil

Chun dearcadh an phobal a mheas cuireadh agallaimh ar ionadaithe as réimsí áirithe, mar shampla: bunscoileanna, meánscoileanna, seirbhísí, gnólachtaí srl. Eagraíodh grúpaí fócais chomh maith. Bhí an suirbhé ar an diaspóra mar pháirt den taighde seo chomh maith.

# 5. Torthaí an Taighde

Mar chuid den phróiseas pleanála teanga bailíodh eolas ón bpobal i bhfoirm ceistneora agus agallaimh.

## 5.1.An Suirbhé Pobail

Cuireadh ceistneoir amach chuig teaghlaigh an cheantair sular bunaíodh an coiste pleanála teanga. I mí na Samhna/Nollag 2015 scaipeadh thart ar 800 ceistneoir ar an bpobal agus tháinig 166 ar ais. Bhí an ceistneoir dírithe ar an teaghlach ina iomláine seachas ar an duine aonair. Ba é 814 líon na dteaghlach sa gceantar de réir dhaonáireamh 2011, rud a fhágann gur sampla de 20.39% atá mar bhunús leis na figiúirí seo thíos.

Seo thíos na torthaí go léir maidir le cumas/cleachtas/cúlra teanga sa bhaile agus sa láthair oibre, mar aon le húsáid na Gaeilge ag imeachtaí sóisialta agus sna seirbhísí áitiúla.

### 5.1.1. Nósmhaireachtaí teanga an teaghlaigh

***Céard í príomhtheanga labhartha an teaghlaigh?***


Mar atá le feiceáil sna figiúirí sa tábla thíos is í an Ghaeilge príomhtheanga an teaghlaigh i gCeantar na nOileán. Tá líon na n-aithreacha a labhraíonn Gaeilge ard (80.58%) agus líon na mbuachaillí os cionn 18 ard freisin (78.38%).

| | Athair/Páirtí | Máthair/Páirtí | Clann faoi 18 Buachaillí | Clann os cionn 18 Buachaillí | Clann faoi 18 Cailíní | Clann os cionn 18 Cailíní |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Gaeilge | 80.58 % | 74.74 % | 75.76 % | 78.38 % | 72.73 % | 71.79 % |
| Béarla | 5.83 % | 8.08 % | 3.03 % | 2.70 % | 3.03 % | 7.69 % |
| Gaeilge & Béarla | 14.56 % | 17.17 % | 21.21 % | 18.92 % | 24.24 % | 20.51 % |
| Teanga eile | 0.97 % | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % |

NB) Ní thugann an ceistneoir aon eolas dúinn ar mhéid na clainne agus ní féidir a bheith cinnte cé mhéid iníonacha agus/nó mic os cionn agus/nó faoi bhun 18 atá i gceist i ngach cás.


***Cén cumas Gaeilge atá ag an teaghlach?***

Maidir le líofacht Ghaeilge an teaghlaigh, tá céatadán na n-aithreacha ard le 82.35% cé go bhfuil na máithreacha ard go leor anseo chomh maith ag 80.41%. Tá céatadán na mbuachaillí os cionn 18 ard freisin ag 86.11% agus tá cailíní an teaghlaigh os cionn 18 ard ag 81.58%. Tá patrún áirithe le feiceáil ó thaobh na mbuachaillí anseo, is é sin go bhfuil ráta níos airde acu maidir le líofacht i gcomparáid leis na cailíní. Tá sé soiléir freisin ón tábla nach bhfuil ach céatadán thar a bheith íseal maidir leo siúd nach bhfuil Gaeilge ar bith acu: 2.94% de aithreacha agus 1.63% de chailíní os cionn 18.




***Cén teanga lenar tógadh baill an teaghlaigh?***

Tá sé le feiceáil go sonrach gur le Gaeilge a tógadh formhór do phobal an cheantair, tá na figiúirí an-ard anseo le líon na n-aithreacha ag 92.93% agus máithreacha 88.30%. Tá céatadáin arda i measc gasúir an teaghlaigh chomh maith, buachaillí faoi 18 ag 100% agus cailíní faoi 18 ag 96.43%.



***Cá bhfuair tú do chuid Gaeilge?***

Tá sé soiléir gur óna gcuid tuismitheoirí a fuair formhór an phobail a gcuid Gaeilge, tá aithreacha arís an-ard anseo ag 97% agus máithreacha ag 89%. Maidir leis na daoine óga deir 93.94% de na cailíní os cionn 18 go bhfuair siad an Ghaeilge óna gcuid tuismitheoirí.

| | Athair/Páirtí | Máthair/Páirtí | Clann faoi 18 Buachaillí | Clann os cionn 18 Buachaillí | Clann faoi 18 Cailíní | Clann os cionn 18 Cailíní |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ó mo thuismitheoirí | 97.00 % | 89.25 % | 87.10 % | 90.32 % | 78.57 % | 93.94 % |
| Ó mo mháthair amháin | 1.00 % | 2.15 % | 3.23 % | 3.23 % | 7.14 % | 3.03 % |
| Ó m'athair amháin | 1.00 % | 1.08 % | 6.45 % | 3.23 % | 10.71 % | 3.03 % |
| Ó mo sheanmháthair | 3.00 % | 3.23 % | 0 % | 0 % | 3.57 % | 3.03 % |
| Ó mo sheanathair | 2.00 % | 2.17 % | 0 % | 0 % | 3.57 % | 3.13 % |
| Ón scoil | 4.00 % | 9.68 % | 9.68 % | 6.45% | 14.29 % | 15.15% |

NB) Is léir ó na freagraí gur chinn roinnt freagróirí gur bhain níos mó na freagra amháin lena gcás féin (m.sh. go bhfuair siad a gcuid Gaeilge óna dtuismitheoirí **agus** óna seantuismitheoirí **agus** ón scoil. Ní thugann an ceistneoir aon eolas dúinn ar mhéid na clainne agus ní féidir a bheith cinnte cé mhéid iníonacha agus/nó mic os cionn agus/nó faoi bhun 18 atá i gceist i ngach cás.

**5.1.2. *Déan comparáid idir do chumas comhrá i nGaeilge agus i mBéarla***


Sna figiúirí thíos is léir go bhfuil cumas ard dátheangach ag an bpobal go háirithe i measc an aosa óig, le cailíní os cionn 18 ag 80% agus buachaillí os cionn 18 ag 75.76%. Tá figiúirí níos ísle ag aithreacha an uair seo le 67% i gcomparáid le 71.13% ag na máithreacha. Ach nuair is comhrá i nGaeilge amháin atá i gceist íslíonn an céatadán i measc aithreacha go 37% agus i measc na máithreacha ag 28.87%. Maidir leis an gceist chéanna tá na buachaillí os cionn 18 ar an líon is airde le 30.30%.

| | Athair/Páirtí | Máthair/Páirtí | Clann faoi 18 Buachaillí | Clann os cionn 18 Buachaillí | Clann faoi 18 Cailíní | Clann os cionn 18 Cailíní |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tá mé in ann comhrá i chaon teanga, Gaeilge & Béarla | 67.00 % | 71.13 % | 78.13 % | 75.76 % | 70.00 % | 80.00 % |
| Is fearr atá mé i nGaeilge | 37.00 % | 28.87 % | 18.75 % | 30.30 % | 23.33 % | 25.71 % |
| Is fearr atá mé i mBéarla | 4.00 % | 7.22 % | 9.38 % | 3.03 % | 13.33 % | 2.86 % |

NB) Is léir ó na freagraí gur chinn roinnt freagróirí gur bhain níos mó na freagra amháin lena gcás féin.

***Cén teanga a labhraíonn sibh le chéile?***

Tá figiúirí suimiúla ag baint leis an gceist seo. I dtús báire tá céatadán sách ard ó thaobh aithreacha agus máithreacha ag labhairt Gaeilge amháin lena chéile ag 72.55%. Ach ansin tagann laghdú maidir le aithreacha ag labhairt Gaeilge amháin le gasúir ag 69.09%, tá ísliú eile le feiceáil ó thaobh na máithreacha ag labhairt Gaeilge amháin le gasúir ag 59.32%. Ansin na gasúir féin, labhraíonn 56.63% acu Gaeilge amháin lena chéile.




***Cén teanga a labhraíonn tú?***

Sa tábla seo thíos tá sé le feiceáil go bhfuil na céatadáin ard i measc an phobail le 75%. Tá na figiúirí eile sách ard freisin ó thaobh labhairt na Gaeilge le cairde agus ag imeachtaí spóirt/sóisialta.

| | Gaeilge amháin | Gaeilge is mó, beagán Béarla | Béarla amháin | Béarla is mó, beagán Gaeilge | Teanga Eile |
|---|---|---|---|---|---|
| Le do chairde | 67.07 % | 28.05 % | 0 % | 6.10% | 0 % |
| Ag imeachtaí spóirt/sóisialta | 65.75 % | 27.40 % | 1.37 % | 5.48 % | 0 % |
| I measc an phobail | 75.00 % | 21.43 % | 1.19 % | 4.76 % | 0 % |

## 5.1.3. Nósmhaireachtaí teanga daoine óga

***Cén teanga a labhraíonn an chlann iníne?***

Baineann an tábla seo le cailíní óga agus a gcuid nósmhaireachtaí teanga. Is díol spéise gur i gclós na scoile is mó a labhraíonn siad Gaeilge le 50% faoi 18 agus 44.44% os cionn 18. Is cúis imní é áfach go bhfuil an céatadán sách íseal maidir le húsáid na Gaeilge ag imeachtaí spóirt agus sóisialta agus i dtithe cairde.

| | Gaeilge | | Gaeilge & Béarla ach Gaeilge is mó | | Béarla | | Béarla & Gaeilge ach Béarla is mó | | Teanga Eile | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Faoi 18 | Os cionn 18 | Faoi 18 | Os cionn 18 | Faoi 18 | Os cionn 18 | Faoi 18 | Os cionn 18 | Faoi 18 | Os cionn 18 |
| Ionad Oibre/Traenála | 33.33 % | 38.89 % | 58.33 % | 44.44 % | 0% | 0% | 8.33 % | 13.84 % | 0% | 0% |
| I gclós na scoile | 50.00 % | 44.44 % | 42.31 % | 44.44 % | 7.69 % | 11.11 % | 3.85 % | 0% | 0% | 0% |
| Ag imeachtaí spóirt & sóisialta | 25.00 % | 24.14 % | 66.67 % | 58.62 % | 4.17 % | 6.90% | 4.17 % | 10.71 | 0% | 0% |
| I dtithe do chairde | 26.92 % | 33.33 % | 57.69 % | 46.67 % | 7.69 % | 10.00 % | 7.69 % | 10.00 % | 0% | 0% |

NB) Ní thugann an ceistneoir aon eolas dúinn ar mhéid na clainne agus ní féidir a bheith cinnte cé mhéid iníonacha agus/nó mic os cionn agus/nó faoi bhun 18 atá i gceist i ngach cás. Tá na céatadáin a léirítear sa tábla thuas bunaithe ar méid an tsampla i ngach catagóir. Má tá sé le feiceáil go labhraíonn 44.44% den chlann iníne os cionn 18 Gaeilge i gclós na scoile, is éard is bunús leis sin ná gur fhreagair 44.44% de na freagróirí a thug aon fhreagra maidir le ceist na clainne iníoe i gclós na scoile gur i nGaeilge a labhraíonn siad ansin. Ní léiriú é an figiúr sin ar an méid cailíní os cionn 18 a bhíonn ag freastal ar scoil. Ní cuid de mhéid an tsampla iad na ceistneoirí nár tugadh aon fhreagra orthu ar cheist na clainne iníne i gclós na scoile.

***Cén teanga a labhraíonn an chlann mhac?***

Léiríonn na figiúirí a bhaineann le buachaillí óga go bhfuil bearna sách mór ann maidir le húsáid na Gaeilge ó thaobh an dá aoisghrúpa faoi 18 agus os cionn 18. Mar shampla baineann an céatadán is mó leis an ionad oibre/traenála, sin 63.64% do bhuachaillí faoi 18, ach tá titim mór ar an bhfigiúr sin ó thaobh buachaillí os cionn 18 le 36.67% ag labhairt Gaeilge amháin san ionad oibre/traenála. Tá an treocht seo le feiceáil freisin sa dara figiúr is airde ó thaobh úsáid na Gaeilge lasmuigh den bhaile, agus sin sa gclós scoile le 53.85% do bhuachaillí faoi 18, arís tá titim i gceist leis na buachaillí sin os cionn 18 ag 25%. Arís mar aon leis na cailíní roimhe seo, tá na figiúirí íseal go leor chomh maith maidir le úsáid na Gaeilge i dtithe cairde.

| | Gaeilge | | Gaeilge & Béarla ach Gaeilge is mó | | Béarla | | Béarla & Gaeilge ach Béarla is mó | | Teanga Eile | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Faoi 18 | Os cionn 18 | Faoi 18 | Os cionn 18 | Faoi 18 | Os cionn 18 | Faoi 18 | Os cionn 18 | Faoi 18 | Os cionn 18 |
| Ionad Oibre/Traenála | 63.64 % | 36.67 % | 36.36 % | 40.00 % | 0% | 6.67 % | 0% | 20.00 % | 0% | 0% |
| I gclós na scoile | 53.85 % | 25.00 % | 38.46 % | 50.00 % | 0% | 25.00 % | 7.69 % | 0% | 0% | 0% |
| Ag imeachtaí spóirt & sóisialta | 40.00 % | 21.74 % | 44.00 % | 60.67 % | 8.00 % | 8.70 % | 8.00 % | 8.70 % | 0% | 0% |
| I dtithe do chairde | 28.57 % | 39.29 % | 42.86 % | 53.57 % | 21.43 % | 7.14 % | 10.71 % | 7.14 % | 0% | 0% |

NB) Ní thugann an ceistneoir aon eolas dúinn ar mhéid na clainne agus ní féidir a bheith cinnte cé mhéid iníonacha agus/nó mic os cionn agus/nó faoi bhun 18 atá i gceist i ngach cás. Tá na céatadáin a léirítear sa tábla thuas bunaithe ar mhéid an tsampla i ngach catagóir. Má tá sé le feiceáil go labhraíonn 50% den chlann mhac os cionn 18 Gaeilge i gclós na scoile, is éard is bunús leis sin ná gur fhreagair 50% de na freagróirí a thug aon fhreagra maidir le ceist na clainne mac i gclós na scoile gur i nGaeilge a labhraíonn siad ansin. Ní léiriú é an figiúr sin ar an méid buachaillí os cionn 18 a bhíonn ag freastal ar scoil. Ní cuid de mhéid an tsampla iad na ceistneoirí nár tugadh aon fhreagra iontu ar cheist na clainne mac i gclós na scoile.

### 5.1.4. Cleachtais teanga sa láthair oibre

***Má tá obair/post agat, cén an teanga a labhraítear san ionad oibre?***

Maidir le cleachtais teanga sa láthair oibre de réir an taighde b'iad na mná is mó a labhair Gaeilge san ionad oibre le 60% de mháithreacha agus 28% de chailíní os cionn 18 ag labhairt Gaeilge amháin. Mar atá le feiceáil thíos ardaíonn an figiúr go suntasach i measc na mbuachaillí agus na gcailíní os cionn 18 nuair a bhíonn Gaeilge & Béarla i gceist.

| | Athair/Páirtí | Máthair/Páirtí | Buachaillí os cionn 18 | Cailíní os cionn 18 |
|---|---|---|---|---|
| Gaeilge amháin | 49.02 % | 60.00 % | 22.22 % | 28.00 % |
| Gaeilge & Béarla | 43.14 % | 30.00 % | 70.37 % | 68.00 % |
| Béarla Amháin | 9.80 % | 12.50 % | 7.41 % | 4.00 % |

NB) Is léir ó na freagraí gur chinn roinnt freagróirí gur bhain níos mó ná freagra amháin lena gcás féin cé go gceapfá nach dtagann sin le brí na ceiste.

### 5.1.5. Imeachtaí & seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge

***Cén teanga a bhfuil na himeachtaí agus na seirbhísí seo á soláthar?***

Is iad na séipéil a thagann chun cinn anseo maidir le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge le céatadán de 80.80%. Is cúis dóchais chomh maith é go bhfuil figiúirí luathoideachais ard freisin ag 80.39%. Is iad na seirbhísí coimirce sóisialaí atá ar bun ag 11.54% ó thaobh úsáid na Gaeilge amháin. Tá na céatadáin íseal go leor freisin maidir le cúrsaí spóirt, féilte & sóisialta le 44.56% ag labhairt Gaeilge amháin mar an gcéanna le hóstáin agus oícheanta ceoil ag 36.07%, ach tagann ardú ar na figiúirí sin nuair a bhíonn Gaeilge agus Béarla á húsáid ach Gaeilge den chuid is mó.


| | Gaeilge amháin | Gaeilge & Béarla ach Gaeilge is mó | Béarla | Béarla & Gaeilge ach Béarla is mó |
|---|---|---|---|---|
| Séipéil | 80.80 % | 18.18 % | 0 % | 1.01 % |
| Naíonraí/Luathoideachas | 80.39 % | 19.61 % | 0 % | 1.96 % |
| Clubanna Óige | 79.31 % | 20.69 % | 0 % | 0 % |
| Bunscoil | 78.57 % | 21.42 % | 0 % | 0 % |
| Siúlóidí eagraithe | 60.00 % | 35.56 % | 0 % | 4.44 % |
| Ionaid Oibre/Traenála | 53.70 % | 37.04 % | 1.85 % | 7.41 % |
| Siopaí/Oifigí Poist | 51.92 % | 46.15 % | 0 % | 2.91 % |
| Óstáin i rith an lae | 50.00 % | 42.59 % | 1.85 % | 5.56 % |
| Cúrsaí Traenála | 50.00 % | 42.31 % | 3.85 % | 5.77 % |
| Spóirt, Féilte, Sóisialta | 44.56 % | 57.14 % | 0 % | 2.60 % |
| Seirbhísí Busanna | 37.29 % | 49.15 % | 8.47 % | 5.08 % |
| Óstáin, oícheanta ceoil | 36.07 % | 60.66 % | 1.64 % | 1.64 % |
| Seirbhísí Sláinte, Dochtúra, Othair, Cúramóirí | 12.00 % | 62.00 % | 10.00 % | 16.00 % |
| Roinn Coimirce Sóisialaí | 11.54 % | 25.00 % | 42.31 & | 21.15 % |

NB) Tá na céatadáin a léirítear sa tábla thuas bunaithe ar mhéid an tsampla i ngach catagóir. Níor thug gach freagróir freagra maidir le gach catagóir agus ní cuid de mhéid an tsampla iad na ceistneoirí nár tugadh aon fhreagra iontu ar cheist áirithe. Bhí deis ag gach freagróir freagra a thabhairt maidir le gach seirbhís, baineadh sí lena saol féin nó ná baineadh. Tá cásanna ann, m.sh. inar fhreagair daoine a thug le fios in áit eile ar an gceistneoir nach bhfuil clann acu ceisteanna maidir le húsáid na Gaeilge sa réimse luathoideachais. Ní féidir talamh slán a dhéanamh de, m.sh. eile, gur ghlac gach freagróir a nocht tuairim i dtaobh úsáid na Gaeilge ag siúlóidí eagraithe páirt i siúlóid egraithe.

### 5.1.6. Tábhacht na Gaeilge don cheantar

***An bhfuil an Ghaeilge tábhachtach do Cheantar na nOileán?***

Bhí céatadáin arda le feiceáil maidir le ceist thábhacht na Gaeilge don cheantar. Dúirt 98.20% den phobal go raibh an Ghaeilge tábhachtach mar theanga aitheanta an phobail agus arís is cúis dóchais é go ndúirt 96.59% go bhfuil an Ghaeilge tábhachtach don chéad ghlúin eile.




### Tátal

Deimhníon torthaí an tsuirbhé seo torthaí daonáirimh i dtaobh na Gaeilge, is é sin go bhfuil an Ghaeilge láidir fós i gCeantar na nOileán. Is cúis dóchais mar shampla na figiúirí arda atá le feiceáil sna táblaí sin a bhaineann le príomhtheanga labhartha an teaghlaigh, cumas Gaeilge an teaghlaigh agus cén teanga lenar tógadh baill an teaghlaigh. Ach ag féachaint ar chuid de na figiúirí a bhaineann le daoine óga, níl aon dabht ach go bhfuil dúshláin le sárú. Cén fáth mar shampla go bhfuil céatadán íseal le feiceáil i measc buachaillí agus cailíní óga maidir le úsáid na Gaeilge ag imeachtaí spóirt & sóisialta agus i dtithe a gcuid cairde, an bhfuil an Béarla níos tarraingtí ar bhealach éigin?

Tá figiúirí ísle le sonrú chomh maith ó thaobh seirbhísí áirithe atá (nó nach bhfuil) le fáil trí Ghaeilge sa gceantar, go háirithe maidir le seirbhísí sláinte (dochtúirí, cúramóirí). Is cúis suntais é gurb iad na seirbhísí a sholáthraíonn an stáit na seirbhísí is measa ó thaobh na Gaeilge de (cé nach bhfuil sé sin fíor faoi na bunscoileanna, ar ndóigh). Is cúis díomá é seo, mar tá sé de cheart go mbeadh gach seirbhís ar fáil trí Ghaeilge ag pobal an cheantair, go háirithe na seirbhísí sláinte agus seirbhísí leasa shóisialaigh. Mar sin is léir go bhfuil bearnaí áirithe le líonadh fós maidir le cúrsaí teanga i gCeantar na nOileán, agus déanfar iarracht aghaidh a thabhairt orthu sin sa taighde a leanann agus i mbearta an phlean teanga seo.

## 5.2. Suirbhé ar an diaspóra

I bhfianaise an méid a léiríodh faoi fhostaíocht sa gceantar i mír 3.3, ní hiontas é gur ceantar é Ceantar na nOileán ina mbíonn an imirce mar ghné láidir de shaol an phobail i gcónaí, agus mar gheall air sin cinneadh ceistneoirí ar leith a sheoladh chucu siúd as an gceantar atá lonnaithe thar lear agus tá na torthaí sin le feiceáil in *Aguisín 1*. Bhí dearcadh dearfach i gcoitinne ag an diaspóra i leith na Gaeilge agus bhí bród agus mórtas cine le brath sna freagraí a thugadar. Cé go bhfuil siad thar lear bíonn formhór na ndaoine ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta. Is léir go bhfuil an-mheas acu ar an nGaeilge agus níor mhaith leo í a fheiceáil ag dul i laige. I measc na moltaí a tugadh maidir le láidriú na Gaeilge bhí béim ar leith a chur ar na daoine óga, go mbeadh níos móimeachtaí sóisialta ar fáil dóibh mar spórt nó drámaíocht agus go mbeadh an Ghaeilge in uachtar sna gníomhaíochta sin go léir.

## 5.3. Na hAgallaimh

Cuireadh faoi agallamh réimse leathan grúpaí sa gceantar le linn an taighde seo agus nochtadh tuairimí agus moltaí fiúntacha go macánta linn. Mar sin bheartaigh muid na tuairimí sin a chur i láthair anseo nach mór ina n-iomláine. Rinneadh formhór na n-agallamh le linn an tréimhse ó mhí Mhárta go mí Iúil 2017. Cuireadh faoi agallamh breis agus leathchéad duine le linn an ama sin. Bhí agallaimh fóin i gceist chomh maith le cruinnithe leis na rannpháirtithe féin ina gcuid láithreacha oibre (scoil, siopa srl.). De réir an chlásail rúndachta níl ainmneacha pearsanta luaite leis na hagallaimh seo. Tá an coiste thar a bheith buíoch do gach éinne a roinn a gcuid ama go flaithiúil linn ar son an togra. Rinneadh agallaimh leo seo a leanas:

-Stiúrthóirí Naíolainne & Naíonra (beirt)
-Príomhoidí na scoileanna (seisear)
-Úinéirí siopaí (cúigear)
-Úinéirí na dtithe ósta (triúr)
-Adhlacóir (duine amháin)
-Comhlachtaí áitiúla (beirt)
-Seirbhís óige Mhuintearas (beirt)
-Déagóirí (deichniúr)
-Daoine aosta (cúigear)
-Cumann Lúthchleas Gael (beirt)
-Teagmháil na nÓg (duine amháin)
-Gasóga Mara (duine amháin)
-Seirbhísí spóirt (duine amháin)
-An Spórtlann (duine amháin)
-Gailf Chúrsa Eanach Mheáin (beirt)
-An Chléir (beirt)
-Comhar Chuigéal (duine amháin)
-Rannpháirtithe ranganna Gaeilge do dhaoine fásta (cúigear)
-Cúntóirí Teanga (ceathrar).

## Grúpaí Fócais

Eagraíodh grúpaí fócais le baill éagsúla den Choiste Pleanála Teanga mar pháirt den taighde chomh maith agus tháinig moltaí fiúntacha as na cruinnithe seo. Eagraíodh grúpaí de thriúr chun plé a dhéanamh ar réimse leathan ábhar, mar shampla, Grúpa 1: *gnó & turasóireacht/ saol sóisialta*, Grúpa 2: *an Ghaeilge & an teaghlach*, Grúpa 3: *oideachas, agus an óige.* Cuireadh na seisiúin seo ar siúl in ionad Mhuintearais i mí Meithimh agus i mí Iúil.

### 5.3.1. Réimse an Oideachais

Tá naíonra agus naíolann amháin sa gceantar chomh maith le sé bhunscoil. Rinneadh agallaimh freisin le príomhoidí in dhá mheánscoil mar go mbíonn scoláirí as Ceantar na nOileán ag freastal orthu. Níl aon mheánscoil lonnaithe sa Limistéar Pleanála Teanga féin. Le linn na n-agallamh roinn príomhoidí agus stiúrthóirí a gcuid tuairimí linn go flaithiúil agus thug léargas dúinn ar na fadhbanna agus na dúshláin a fheiceann siad ó lá go lá agus iad i mbun a gcuid oibre.

Tá Gaeilge líofa ag gach stiúrthóir naíonra/naíolainne agus ag gach múinteoir bunscoile. Is í an Ghaeilge teanga na scoile/naíonra/naíolainne.

#### 5.3.1.1 Naíonra/Naíolann

Cuireadh agallamh ar bheirt stiúrthóirí le linn an taighde seo (Tá na ceisteanna a cuireadh sna hagallaimh le fáil in aguisín 2). Seo achoimre ar thuairimí na stiúrthóirí:

Tá an tseirbhís á rith trí Ghaeilge (ar bhealach tuisceanach don té atá ag foghlaim na Gaeilge, gasúir as Sasana mar shampla). Dar leis na stiúrthóirí tá dul chun cinn maith déanta ag gasúir nach raibh an Ghaeilge acu agus iad ag teacht isteach sa tseirbhís ar dtús.

Tugtar faoi deara go mbíonn Béarla á labhairt ag gasúir taobh amuigh den tseirbhís, agus i mbunscoileanna áirithe, fiú an gasúr a bhfuil Gaeilge mhaith acu ó dhúchas. Tá tuairim agus 17 gasúr ag teacht as teaghlaigh nach bhfuil an Ghaeilge á labhairt sa mbaile agus tá cúiseanna áirithe leis seo, mar shampla nach bhfuil Gaeilge ag na tuismitheoirí nó nach bhfuil sí ach ag tuismitheoir amháin. Tá polasaí Gaeilge i bhfeidhm sa tseirbhís, ach tá sé tugtha faoi deara má bhrúnn tú an Ghaeilge go láidir ar na gasúir, nach labhróidh siad í. Má dhéantar de réir a chéile é, go deas réidh, piocann siad suas an teanga.

Bíonn na gasúir ag foghlaim trí spraoi, amhráin agus péinteáil. Tá sé tábhachtach dar leis na stiúrthóirí, na gasúir a mhealladh chun an Ghaeilge a labhairt. Tá gasúir ann a phiocann suas an teanga níos tapúla ná a chéile, braitheann sé freisin má fhanann siad leis an tseirbhís don dara bliain.

Moltar do na tuismitheoirí Gaeilge a labhairt lena gcuid gasúr. Bíonn sé seo deacair uaireanta nuair nach bhfuil ach Béarla ag tuismitheoir amháin, ach fiú dá mbeadh Gaeilge ag Mamó nó Daideo, iad sin a chur ag caint leis na gasúir. Bíonn Béarla á labhairt i measc tuismitheoirí

áirithe, is cineál faisean atá ann, dar leo. Tá cúnamh ag teastáil ón mbaile, is í an baile is tábhachtaí ó thaobh cúrsaí teanga. Tá an teilifís ag brú isteach i gcónaí, cláracha Béarla. D'fháilteofaí roimh níos mó leabhair scoile Ghaeilge a bheith ar fáil.

### 5.3.1.2. Na Bunscoileanna/Meánscoileanna

Tá cúig bhunscoil lonnaithe sa gceantar agus bíonn roinnt gasúir ón LPT ag freastal ar bhunscoil amháin taobh amuigh den cheantar. Níl aon mheánscoil lonnaithe sa LPT, bíonn ar scoláirí freastal ar mheánscoileanna taobh amuigh den cheantar, m.sh. in Indreabhán, ar an gCeathrú Rua agus sa Spidéal. Cuireadh ochtar príomhoidí agus leasphríomhoide amháin faoi agallamh, duine as gach scoil thuasluaite (tá na ceisteanna a cuireadh le linn na n-agallamh le fáil in aguisín 2). Seo léargas ar a dtáinig as an taighde:

An dúshlán ba choitianta a tháinig chun solais sna scoileanna ná na gasúir sin a thagann isteach sa gcóras oideachais gan focal Gaeilge acu. Cuireann sé seo brú ar mhúinteoirí mar bíonn go leor ama le caitheamh leis na gasúir seo. Bíonn deacrachtaí freisin ag cuid de na scoileanna le tuismitheoirí a bhíonn ag labhairt Béarla taobh istigh de gheataí na scoile. Tá na príomhoidí sásta leis na hacmhainní atá le fáil ar an idirlíon ach ba mhaith leo dá mbeadh a thuilleadh leabhair Ghaeilge le fáil, go háirithe sna hardranganna. Tugann cuid de na scoileanna cártaí glasa amach mar dhuais do na gasúir sin a bhíonn ag labhairt Gaeilge agus oibríonn an córas seo go héifeachtach.

Thug na múinteoirí le fios gur mhaith leo go gcuirfí le seirbhís na gcúntóirí teanga, mar shampla go mbeadh níos mó uaireanta teagaisc ar fáil dóibh agus go mbeadh deis acu cur lena gcuid scileanna trí chúrsaí agus cheardlanna. Le linn an taighde a bheith ar siúl i mí Márta 2017 bhí dhá scoil sa gceantar nach raibh cúntóirí teanga acu, ach tá sé sin curtha ina cheart ó shin. Dúirt na príomhoidí go bhfuil an Ghaeilge láidir i gcoitinne i gCeantar na nOileán ach go bhfuil sí ag lagú in áiteanna áirithe de thoradh clanna nua ag teacht isteach. Dúirt príomhoide amháin go raibh roinnt teaghlaigh sa gceantar nach raibh aon suim acu sa nGaeilge. Cruthaíonn sé seo deacrachtaí nuair nach labhraítear an teanga sa mbaile. Tá sé tugtha faoi deara ag príomhoidí go mbíonn tuismitheoirí áirithe ag labhairt Béarla, fiú i gclós na scoile. Dar leis na príomhoidí go bhfuil tuismitheoirí gan focal Gaeilge acu sa gceantar. Ba cheart a thuilleadh tacaíochta a bheith curtha ar fail dóibh siúd, ach ní féidir brú a chur orthu. Tá tionchar ar leith ag an teilifís ar ghasúir, dar le príomhoidí, leithéidí na gcartún agus eile.

Dar leis na príomhoidí go bhfuil sé tábhachtach gasúir a spreagadh chun an teanga a labhairt. Bíonn 'Gaeilgeoir na seachtaine' i scoil amháin mar shampla. Bíonn dúshlán mór i gceist nuair a thagann gasúir isteach sna meánranganna gan Gaeilge. Bíonn an dalta sin ag cailleadh amach ar ábhair eile agus iad in éineacht leis an gcúntóir teanga.

Tá sé tugtha faoi deara ag príomhoidí go mbíonn nathanna cainte Béarla le cloisteáil sa chlós a bhaineann le spórt mar shampla 'free kick', 'corner' - seo é an sruth cainte a bhaineann leis. Bíonn gasúir bheaga ag labhairt i mBéarla agus iad ag imirt cluichí áirithe mar 'siopa', 'mammies agus daddies'. Nuair a deirtear leo iompú ar an nGaeilge tosnóidh siad cluiche difriúil eile. Is cosúil go bhfuil Béarla ceangailte le cluichí áirithe. Bíonn múinteoirí ansin á

gceistniú féin: an bhfuil sé seo ceart, má stoptar an Béarla go stoptar an spraoi? Níl aon mhaith in iomarca brú, dar leo.

Tá na príomhoidí an-bhródúil as an méid Gaeilge a labhraítear ina gcuid scoileanna. Bhí scrúdaithe béil na hardteiste i meánscoil amháin go gairid roimh an taighde agus bhí an cigire thar a bheith moltach as an gcaighdeán agus an méid Gaeilge a chuala sé féin sa gclós a tuairiscíodh. Tá grúpaí áirithe ann agus labhraíonn siad Gaeilge lena chéile ón gcéad bhliain go dtí an Ardteist agus tá grúpaí eile ann agus labhraíonn siad Béarla. Bíonn dinimicí éagsúla ag grúpaí éagsúla.

Dar le príomhoide i meánscoil amháin go bhfuil infheistíocht, tacaíocht agus tuiscint ag teastáil i dtaobh na ndúshlán teanga. Níl mórán tuisceana ag na húdaráis. Tá sé fíor-dheacair múinteoirí a earcú atá inniúil, cumasach i nGaeilge. Rud eile a theastaíonn, a deir an príomhoide, ná tacaíocht ó thuismitheoirí. Ní gach tuismitheoir a bhfuil an Ghaeilge acu nó a thuigeann go bhfuil tairbhe inti don chlann agus go deimhin bíonn roinnt brú á chur go mbeadh ábhar á theagasc trí Bhéarla. Tá go leor den obair a bhaineann le caomhnú na Gaeilge, dar leis an bpríomhoide, déanta go deonach gan aitheantas, agus baineann sé sin le comórtais filíochta, scríbhneoireacht, drámaí, ceol, oidhreacht, traidisiún srl. Bíonn uaireanta sa mbreis tugtha ag múinteoirí ar bhonn deonach.

Dar le príomhoide eile, níl an Ghaeilge chomh láidir agus a bhí tráth i gceantar na scoile. Nuair a thagann clann amháin nó tuismitheoir amháin isteach tá baol ann go n-iompóidh daoine ar an mBéarla. Ach déantar go leor sa scoil leis na naíonáin agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh acu. Déantar iarracht freisin na Gaeilgeoirí a choimeád le chéile. Tá fadhb eile ann maidir leis na deirfiúracha agus deartháireacha sin atá níos sine ag labhairt Béarla sa bhaile; bíonn tionchar aige seo ar na gasúir óga sa gclann, b’fhéidir. Dar leis an bpríomhoide go mbíonn go leor déagóirí ag labhairt Béarla lena chéile fiú agus Gaeilge acu. Tá tionchar mór ag na meáin shóisialta ar dhaoine óga freisin, a deir príomhoidí, leithéidí an fón póca agus na gléasanna eile sin ar fad.

Tá an Ghaeilge láidir faoi láthair, a deir príomhoide i meánscoil, ach tá brú i gcónaí ag teacht ón mBéarla. Ba cheart tús áite a thabhairt do na scoileanna Gaelachta ó thaobh tacaíochtaí chun seasamh roimh na mbagairtí atá ag brú ar an teanga. Braitheann go leor ar na nósmhaireachtaí teanga sa bhaile. Tá an fhoireann sa scoil an-tiomanta ó thaobh na Gaeilge de. Is as an gceantar go leor de na múinteoirí agus is iar-scoláirí iad. Is buntáiste mór é seo, maidir le canúint agus cultúr na háite a choinneáil ag imeacht.

**Tátal**

Is léir ó na hagallaimh seo a rinneadh leis na príomhoidí go bhfuil dúshláin fós le sárú sa gcóras oideachais ó thaobh cúrsaí teanga de. Tá sé le feiceáil go bhfuil múinteoirí ag déanamh a seacht míle dícheall an Ghaeilge a choinneáil in uachtar sa seomra ranga, agus tá ag éirí leo go pointe, ach mar a dúradh bíonn deacrachtaí móra i gceist nuair a thagann gasúir isteach sa gcóras gan focal Gaeilge acu. Cuireann sé seo brú sa mbreis ar an múinteoir agus

caithfear a lán ama a chaitheamh leis na gasúir úd. Dar leis na príomhoidí go bhfuil ról tábhachtach ag na tuismitheoirí chomh maith maidir le labhairt na Gaeilge sa bhaile agus sa gclós scoile. Thug cúpla príomhoide faoi deara nach ndéanann tuismitheoirí áirithe aon iarracht Gaeilge a labhairt taobh istigh de gheataí na scoile. An rud is mó atá ag teastáil i bhfianaise an mhéid atá ráite ag na príomhoidí ná tacaíocht: tacaíocht ó na húdaráis i bhfoirm breis acmhainní agus tacaíocht do thuismitheoirí chun an Ghaeilge a spreagadh i measc a gcuid gasúir.

### 5.3.1.3. Cúntóirí Teanga. Scoileanna: Leitir Móir, Leitir Mealláin, An Tuairín, Tír an Fhia

Tá scéim na gCúntóirí Teanga á riaradh ag Muintearas thar ceann na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i gceantair Ghaeltachta na Gaillimhe, Mhaigh Eo, na Mí agus Dhún na nGall. Tá ceithre scoil i gCeantar na nOileán a bhfuil 10.5 uair a' chloig sa tseachtain ceadaithe dóibh agus dhá scoil a bhfuil 6 uair a' chloig sa tseachtain ceadaithe dóibh. Oibríonn na cúntóirí cuid den am le páistí a bhfuil Gaeilge lag acu agus cuid eile den am ag saibhriú teanga le cainteoirí dúchais. Déanann scoileanna áirithe imeachtaí saibhrithe teanga eile seachas an cúntóir a úsáid, m.sh. tograí béaloidis, scéalaíocht & amhránaíochta, ranganna drámaíochta, ábhar léitheoireachta a cheannacht don scoil srl.

Rinneadh agallamh leis na cúntóirí teanga, ceathrar go léir. Cuireadh agallamh fóin ar thriúr agus ar an duine eile in ionad Mhuintearais. Seo a leanas achoimhre den méid a tháinig chun solais tríd an taighde:

Dúirt cúntóirí go mbíonn leibhéil éagsúla cumais teanga i measc na ngasúr. Leis na gasúir atá lag baineann an cúntóirí úsáid as cluichí, drámaíocht, ceol, téarmaíocht a bhaineann le ainmhithe, éadach nó baill choirp. Tá sé tugtha faoi deara go bpiocann na gasúir suas an teanga ar an mbealach seo agus go mbíonn níos mó fonn orthu í a fhoghlaim. Leis na gasúir siúd atá láidir ó thaobh na Gaeilge de, is a thuilleadh borradh a chuirtear ar an teanga le seanfhocail agus mar sin.

Ba mhaith le cúntóir amháin go mbeadh tuilleadh cúnaimh ar fáil do chúntóirí teanga, gur cheart go mbeadh na scoileanna ag díriú isteach go príomha ar na gasúir sin a bhfuil Béarla á labhairt leo sa bhaile. Moladh freisin gur chóir agallamh a chur ar chúntóirí teanga ag deireadh na bliana maidir le dul chun cinn na ngasúr.

### 5.3.1.4. Seirbhísí Spóirt

Tá an tSeirbhís Spóirt á sholáthar ag Muintearas ar fud Ghaeltacht Chonamara ar fad. Bíonn na hoibrithe ag tabhairt cuairte ar scoileanna ó Bhearna go Carna ag eagrú cluichí agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le aclaíocht. Bíonn an tseirbhís go léir trí mheán na Gaeilge.

Cuireadh agallamh fóin ar ionadaí ón tseirbhís. Seo a leanas achoimhre den méid a d'eascair ón agallamh:

Tugadh le fios gurb í an Ghaeilge a chloistear ag na gasúir, den chuid is mó, seachas cúpla eisceacht uaireanta, go háirithe le gasúir as Sasana nó Meiriceá, iad seo saghas '*cool'* nó difriúil i súile na ngasúr eile. Tá an Ghaeilge láidir fós i gCeantar na nOileán, a tugadh le fios, ach tá brú ag teacht ó na meáin, ón teilifís. Caithfear féachaint ar an taobh sóisialta chomh maith maidir le postanna, imirce srl.

## 5.3.2. An Óige

### 5.3.2.1. Seirbhís Óige Mhuintearais

Cuireadh agallamh ar bheirt oibrithe óige le linn an taighde. Tá an tseirbhís óige lonnaithe i Muintearas agus triúr ag obair go lánaimseartha ann ag plé le cúrsaí óige. Tá club óige do ghasúir lonnaithe i Leitir Móir faoi láthair ach theastódh club óige do dhéagóirí (Féach Beart 7.5.1.). Seo a bhí le rá ag na hoibrithe óige:

Club óige amháin atá sa gceantar agus 45 gasúr cláraithe ann, aoisghrúpa 7-12. Tagann siad as an Tuairín, Leitir Móir, Leitir Calaidh, Leitir Mealláin agus an Trá Bháin. Dúradh gur deis iontach atá ann do dhaoine óga bualadh le chéile tráthnóna Dé hAoine. Tá cúram iarscoile ann chomh maith. Tá siad cláraithe leis an tseirbhís óige agus tá na gasúir as na scoileanna ar fad ag freastal air sin.

Tá polasaí láidir Gaeilge ag an tseirbhís óige ach deir siad nach féidir rialacha a bhrú ar dhaoine óga mar déanfaidh siad a mhalairt. An bealach is éifeachtaí ná trí chluichí agus imeachtaí spraíúla a chur ar fáil agus é sin a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Tuigfidh siad ansin tábhacht na Gaeilge. Tá sé tábhachtach timpeallacht Ghaeilge a chruthú, dar leis na hoibrithe.

Tá Crib na nÓg oscailte ar an gCeathrú Rua. Bíonn sé oscailte deich n-uaire an chloig in aghaidh na seachtaine ag déanamh freastal ar dhéagóirí as Ceantar na nOileán agus as an gCeathrú Rua, Ros a Mhíl, Cois Fharraige, Camus agus Ros Muc. Tá Crib na nÓg suite i Halla Éinne mar áis shóisialta do dhéagóirí agus bíonn cúrsaí oiliúna agus imeachtaí ar siúl ann, ach go príomha is áit é atá ar fáil do dhaoine óga chun teacht le chéile.

Bíonn dúshláin áirithe le sárú sa tseirbhís óige, mar shampla easpa cúnaimh agus maoinithe. Tá níos mó acmhainní ag teastáil. Faoi láthair bíonn tuismitheoirí ag tabhairt a gcuid ama go deonach. Ní bhíonn líon mór daoine nach bhfuil Gaeilge acu ag teacht isteach sa tseirbhís. Bíonn roinnt teaghlaigh ann ina mbíonn tuismitheoir amháin gan Ghaeilge, iad pósta isteach sa gceantar. Bíonn an gasúr ansin tógtha le Gaeilge agus Béarla. Tugadh faoi deara go bhfuil tionchar mór ag na meáin shóisialta ar dhaoine óga mar go bhfuil siad go léir nach mór trí Bhéarla.

Dúirt oibrithe óige freisin go bhfuil acmhainní ag teastáil agus tuilleadh oiliúna le cur ar dhaoine a bheadh ag plé le seirbhísí ar nós cúram leanaí. Tá na polasaithe/rialacha ag athrú

mórán chuile bhliain. Caithfidh na cúrsaí seo ar fad a bheith tairbheach, gur féidir slí bheatha a bhaint astu. Ó thaobh cúrsaí teicneolaíochta de, tá tuilleadh oiliúna ag teastáil ó gach duine, dar leo.

### 5.3.2.2. Teagmháil na nÓg

Is clár oideachais, traenála agus taithí oibre é Teagmháil na nÓg atá ag freastal ar an aoisghrúpa 15-21 ar fud iarthar na Gaillimhe ar fad. Tá Teagmháil na nÓg lonnaithe in Eastát Tionsclaíochta Thír an Fhia. Tá an tseirbhís á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Ciste Sóisialta na hEorpa. Cuireadh agallamh fóin ar ionadaí ón eagraíocht agus seo achoimre de thuairim an té sin:

Is as ceantar Chonamara do na rannpháirtithe agus tá Gaeilge ag a bhformhór ach bíonn meascán ann freisin, mar go bhfuil cuid de na daoine tar éis teacht abhaile as Sasana. Déanann suas le 25 traenálaí freastal ar an ionad ar bhonn 35 uair in aghaidh na seachtaine agus íoctar liúntas traenála leo.

Tá seisear ar an bhfoireann, beirt lánaimseartha. Tá Gaeilge acu go léir seachas duine amháin atá ag foghlaim agus tá teastas aici sin. Déantar gach comhfhreagras trí Ghaeilge ach bheadh sé go maith, dar leis an té seo dá mbeadh níos mó Gaeilge ag foireann an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Caithfidh na ríomhphoist a bheith dátheangach. Tá Gaeilge láidir sa gceantar fós, a deir an duine seo. Is féidir do ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge sna siopaí srl.

## 5.3.3. Eagraíochtaí/Seirbhísí Eile

### 5.3.3.1. Cumann Lúthchleas Gael (CLG)

Rinneadh agallamh fóin le hionadaí de chuid Chumann Peile Naomh Anna, (tá cóip de na ceisteanna le fáil in Aguisín 2). Seo achoimre de na tuairimí a nochtadh:

Déanann an cumann a chuid gnó go léir trí Ghaeilge agus tá polasaí láidir Gaeilge ag an gcumann. Tá Gaeilge ag imreoirí an chlub ach uaireanta bíonn Béarla le cloisteáil ag na himreoirí óga (na déagóirí). Déanann an cumann iarracht iad siúd a spreagadh chun an Ghaeilge a labhairt. Dúirt an t-ionadaí go bhfuil tionchar mór ag leithéidí téacsáil agus facebook srl. ar an nGaeilge. Bíonn Gaeilge le cloisteáil ag lucht féachana Naomh Anna i gcónaí. Tá an Ghaeilge láidir i gCeantar na nOileán fós, a deir an té seo. Tá an Ghaeilge in úsáid le blianta anuas maidir le haon teagmháil a dhéantar le heagraíochtaí/cumainn eile a bhaineann leis an CLG. Bhí deacrachtaí ann i dtosach, ach tá siad toilteanach anois comhfhreagras a dhéanamh trí Ghaeilge, agus má bhíonn aon easpa tuisceana ann cuirfidh siad glaoch ar an gcumann chun soiléiriú a fháil. Oibríonn sé seo amach go maith.

### 5.3.3.2. Galfchúrsa Eanach Mheáin

Cuireadh agallamh ar ionadaí ón nGalfchúrsa (tá na ceisteanna a cuireadh chomh maith le breis eolais ón agallamh le fáil in Aguisín 2): Seo achoimre de na tuairimí a nochtadh:

*Ch*aith an té seo tréimhse ag bainistiú an ghalfchúrsa. Bunaíodh cumann gailf na bhfear in 1995 agus bunaíodh coistí agus araile freisin le linn an ama sin. Thosaigh cumann na mban in 1996. Ó thaobh na Gaeilge sa gcumann, reáchtáiltear cruinnithe den dá choiste trí Ghaeilge agus reáchtáiltear ócáidí trí Ghaeilge, mar shampla bronnadh duaiseanna. Bíonn fógraíocht Ghaeilge in úsáid ag an gcumann chomh maith. Is cosúil gurb é an t-aon chumann gailf sa tír a dhéanann a gcuid gnó trí Ghaeilge ó thaobh cruinnithe agus mar sin de. Ceapann an té seo go bhfuil an Ghaeilge láidir go maith fós i gCeantar na nOileán agus go bhfuil feabhas tagtha ar shaibhreas na teanga i gcomparáid le roinnt blianta siar.

### 5.3.3.3. An Spórtlann

Cuireadh agallamh fóin ar ionadaí ón Spórtlann. Seo achoimre de na tuairimí a nochtadh:

Tá cúigear ag obair sa Spórtlann agus tá Gaeilge ag ceathrar. Cuirtear réimse leathan de sheirbhísí ar siúl sa Spórtlann a bhaineann le haclaíocht, mar ionad traenála, yoga, sacar, ranganna aclaíochta srl. Gaeilge is mó a chloistear sa Spórtlann. Tá an Ghaeilge láidir go fóill i gCeantar na nOileán dar leis an oibrí. Tá baint ag an oibrí le foireann peile na mban agus deir sí go mbíonn an Ghaeilge in úsáid acu i gcónaí.

### 5.3.3.4. Gasóga Mara na Gaeltachta

Cuireadh agallamh fóin ar bheirt ionadaithe ón tseirbhís. Seo achoimre de na tuairimí a nochtadh le linn na n-agallamh:

Tá 70 gasúr as Conamara rannpháirteach sna Gasóga. Tá Gaeilge ag a bhformhór, seachas roinnt daoine a tháinig as Sasana. Baineann na Gasóga úsáid as céibheanna Cheantar na nOileán agus as Halla Thír an Fhia. Gaeilge a bhíonn ag na teagascóirí, ach caithfear Béarla a labhairt uaireanta ar mhaithe leo siúd nach bhfuil Gaeilge acu. Tá súil ag teagascóir amháin leabhar dátheangach a chur le chéile amach anseo maidir le téarmaí farraige. Dar leo go bhfuil an Ghaeilge láidir fós i gCeantar na nOileán.

### 5.3.3.5. Comhairle Ceantar na nOileán

Cuireadh agallamh fóin ar ionadaí ón gComhairle Ceantar. Seo na tuairimí a nochtadh san agallamh:

Bíonn an Chomhairle Ceantar dírithe ar fhorbairt agus ar chaomhnú pobail i gCeantar na nOileán. Bíonn siad ag riaradh na scéimeanna seo a leanas: An Scéim Sóisialta Tuaithe, An Scéim Fostaíochta Pobail, Tús agus Tús Nua.

Dúirt an t-ionadaí go bhfuil an Ghaeilge láidir sa gceantar agus go mbíonn sí le cloisteáil sna siopaí agus sna tithe ósta. Cloistear neart Gaeilge ag na daoine óga chomh maith. Tá an t-ionadaí seo den tuairim gur cheart níos mó leasa a bhaint as an gceantar mar áis luachmhar do scoláirí Gaeilge. Tá Ceantar na nOileán ar cheann de na Gaeltachtaí is láidre sa tír agus ba chóir a thuilleadh poiblíochta a dhéanamh go náisiúnta air seo agus ar shaibhreas cultúrtha na háite.

Ba chóir freisin tionscadail turasóireachta a fhorbairt sa gceantar chun cur leis na háiseanna atá ar fáil cheana féin, mar an galfchúrsa. D'fhéadfaí níos mó feabhais a chur ar chúrsaí infreastruchtúir na háite chomh maith, a deir an t-ionadaí, mar shampla athchóiriú a dhéanamh ar na droichid agus córas leathanbhanda éifeachtach a chur ar fáil sa gceantar. Caithfear níos mó postanna a chruthú sa gceantar freisin, leithéidí monarchan srl. chun go mbeadh deis ag daoine óga fanacht ina gceantar dúchais. Mhol an duine freisin gur mhaith an rud é dá mbeadh deontas le fáil ag scoláirí Gaeltachta agus iad ag freastal ar oideachas tríú leibhéal. Ba chóir go mbeadh níos mó áiseanna ar fáil do dhaoine óga chomh maith ó thaobh spóirt agus caitheamh aimsire de, dar leis an té seo.

### 5.3.3.6. Comhar Chuigéal

Cuireadh agallamh fóin ar ionadaí as Comhar Chuigéal. Seo na tuairimí a nochtadh san agallamh:

Déanann Comhar Chuigéal Teo freastal ar an bpobal go sóisialta agus cuirtear oideachas ar fáil don phobal trí chúrsaí agus ranganna a eagrú agus a riar le linn na bliana. (Féach lch. 17).

Tá triúr ag obair le Comhar Chuigéal agus tá Gaeilge acu ar fad. Táthar dóchasach maidir leis an teanga sa gceantar. Tá an t-ionadaí den tuairim go mbíonn gasúir uaireanta ag labhairt Béarla ach athraíonn siad ar ais ar an nGaeilge nuair a bhíonn siad níos sine. Tá an Ghaeilge

le cloisteáil sna siopaí agus gnólachtaí thart sa gceantar. Tá moltaí ag an duine seo maidir le níos mó cúrsaí a bheith ar fáil sa gceantar, mar shampla cúrsaí béaloidis agus saibhreas teanga, cainteoirí a thabhairt le chéile ón gceantar chun a gcuid eolais a roinnt leis an bpobal. Ba cheart an chomharthaíocht go léir a bheith trí Ghaeilge sa gceantar seo, a dúradh. Tá tionchar ag na meáin shóisialta ar an nGaeilge mar go bhfuil an Béarla in uachtar i gcónaí, mar shampla leithéidí Facebook, Snapchat agus araile. Ba chóir dlúthdhiosca mar WinGléacht a bheith ar fáil a mbeadh ceachtanna gramadaí inti, ach í a bheith déanta ar bhealach spraíúil, tarraingteach. Moladh eile a rinne an t-ionadaí ná gur cheart go gcinnteofaí go bhfuil seirbhísí áitiúla le fáil trí Ghaeilge, mar shampla banaltraí, dochtúirí sagairt, na Gardaí.

### 5.3.4. Agallaimh ar dhéagóirí & daoine aosta

Rinneadh agallaimh le déagóirí agus daoine aosta mar chuid den taighde. I gcás na ndaoine óga rinneadh idir thaifid fuaime agus thaifid físe ar dheichniúr, idir bhuachaillí agus cailíní. Roghnaíodh grúpa déagóirí ón gclub óige agus fuarthas cead ó na tuismitheoirí maidir le haon taifead a rinneadh, ag cloí le dea-chleachtas agus eitice ó thaobh cúrsaí taighde. Cuireadh na hagallaimh ar bun in ionad Mhuintearais agus i gCrib na nÓg ar an gCeathrú Rua.

#### 5.3.4.1. Déagóirí

Seo achoimre de na tuairimí a roinn na déagóirí a cuireadh faoi agallamh:

Níl an Ghaeilge chomh láidir is a bhíodh, dar le duine amháin. Labhraíonn go leor daoine Gaeilge ar scoil ach tá go leor ar an mBéarla taobh amuigh agus sa gclós. Níos mó ná leath anois a labhraíonn Béarla. Dúirt na déagóirí go bhfuil sé níos éasca rudaí a dhéanamh trí Bhéarla anois. Níl mórán Gaeilge ar an idirlíon agus bíonn go leor den aos óg á úsáid na laethanta seo. Is Béarla uilig atá ar na meáin shóisialta - Facebook, Twitter, Instagram. Deir na déagóirí go bhfuil an iomarca teicneolaíochta tagtha isteach le deich mbliana, tagtha isteach an-tapa. Tá dream ann a bhfuil Gaeilge mhaith acu, Gaeilge na háite, ach fós labhróidh siad Béarla.

Bíonn Gaeilge in úsáid ag na déagóirí le linn spóirt agus ag traenáil ach tá sé tugtha faoi deara acu go mbíonn Béarla nó meascán in úsáid i gceantair Ghaeltachta eile. Deir siad freisin go gcloistear tuismitheoirí áirithe ag labhairt Béarla le cúpla bliain anuas. Roimhe sin is Gaeilge ar fad a bhíodh á úsáid.

Deir déagóirí go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le Raidió na Gaeltachta. Tá tionchar ag an bpopcheol ar dhaoine óga; níl ceol Chonamara sách *'cool'.* Ba chóir go mbeadh bród ar mhuintir na háite ina gceantar féin. Tá go leor ceoltóirí maithe tar éis teacht amach as an áit. Tá sé tábhachtach fios a bheith ag daoine go bhfuil an Ghaeilge á labhairt san áit.

Rinne déagóirí moladh go mbeadh comharthaí sna siopaí ag taispeáint go bhfuil an Ghaeilge á labhairt ann.

Deir na déagóirí go mbíonn an Ghaeilge in úsáid acu maidir le cúrsaí spóirt, ag traenáil, agus le linn cluichí peile, agus gur buntáiste mór é seo mar nach dtuigeann foirne, ón gcathair, mar shampla an teanga.

**5.3.4.2. Daoine aosta**

Cuireadh agallaimh ar chúigear le linn an taighde. Rinneadh agallaimh ar an bhfón agus in ionad Mhuintearais:

Thuairisc duine go bhfuil siad sásta leis na háiseanna don aosach sa gceantar. Tá ionad lae ann agus mionbhus a thugann na seandaoine amach ar chuairteanna. Maidir le seirbhísí sláinte trí Ghaeilge dúirt duine aosta amháin go bhfuil an t-ádh ar mhuintir an cheantair go bhfuil dochtúir ar fáil acu ar an gcéad dul síos, gan trácht ar sheirbhís trí Ghaeilge.

Deir duine aosta eile gur cheart go mbeadh níos mó cláracha trí Ghaeilge ar TG4. Tá i bhfad an iomarca ábhar trí Bhéarla air, mar shampla na scannáin agus cláracha éagsúla eile.

Deir duine eile gur muid féin anseo sa Ghaeltacht atá ag ligean uainn na Gaeilge; go bhfuil níos mó suime ag muintir na cathrach sa teanga. Tá an Ghaeilge ag fáil cineál measctha anois, tá go leor Béarlóirí ag teacht isteach san áit agus bíonn tionchar aige seo ar an teanga labhartha. Thuairisc duine go raibh sé san ospidéal le gairid agus thug sé faoi deara go raibh go leor Gaeilge ag na banaltraí a bhí ann. Deir an té seo freisin go bhfuil leithéidí an Oireachtais ag tacú go mór leis an nGaeilge a choinneáil láidir.

Thug duine aosta eile faoi deara go mbíonn daoine óga 16-18 ag labhairt Béarla eatarthu féin. Cineál faisean atá ann, dar leis, ach b'fhéidir beagán náire freisin.

**Tátal**

Is díol spéise go raibh meascán tuairimí i measc déagóirí. Dúirt duine amháin go raibh an Ghaeilge ag lagú i measc an dreama óig, agus go bhfuil go leor tionchair ag na meáin shóisialta ar dhéagóirí mar gur i mBéarla a bhíonn siad den chuid is mó. Dúirt duine óg eile go bhfuil an Ghaeilge láidir ina cheantar féin: is cosúil go bhfuil ceantair áirithe níos láidre ná a chéile ó thaobh labhairt na Gaeilge i measc an aosa óig.

Bhí na daoine aosta den tuairim go raibh an dream óg ag labhairt go leor Béarla, fiú agus Gaeilge mhaith acu. Bhí locht ar TG4 chomh maith mar nach bhfuil dóthain cláracha Gaeilge air. Dúradh go raibh clanna sa gceantar a mbíonn scoláirí Gaeilge á gcoinneáil acu ach nach labhraíonn an teanga lena gclann féin. Táthar sásta faoi láthair leis na seirbhísí atá ar fáil don aosach.

### 5.3.5. An Chléir

Rinneadh agallaimh le beirt sagart. Seo achoimre de na tuairimí a nocht siad:

Dar leo tá an Ghaeilge láidir fós sa gceantar ach bíonn Béarla le cloisteáil i measc déagóirí. Tá sé tugtha faoi deara go n-iompaíonn siad ar ais ar an nGaeilge nuair a bhíonn siad níos sine. Tá sé an-thábhachtach, dar leo, gan brú a chur ar dhaoine an Ghaeilge a labhairt, go háirithe daoine óga, mar déanfaidh siad a mhalairt. Bíonn meascán Béarla agus Gaeilge i measc an aosa óig chomh maith, bíonn béarlachas ar siúl acu. Ach cloistear Gaeilge mhaith sna siopaí. Bíonn seirbhís eaglasta lán-Ghaeilge ar fáil i gCeantar na nOileán agus tá sé rí-thábhachtach nach n-athródh sé seo sna blianta amach romhainn, dar leo.

### 5.3.6. Ranganna Gaeilge/Foghlaimeoirí

Cuireadh agallamh ar theagascóir agus seisear rannpháirtithe in ionad Mhuintearais. Seo thíos na tuairimí a nochtadh:

#### 5.3.6.1. An Teagascóir

Bíonn bunrang agus ardrang ar siúl in ionad Mhuintearais. Thart ar seisear a bhí ag freastal ar na ranganna ag an am. Bhí daoine as Sasana, as an Nua-Shéalainn, as Poblacht na Seice agus as an tSeapáin rannpháirteach. Dúirt an teagascóir go mb'fhéidir go mbíonn drogall ar dhream áirithe freastal ar na ranganna. Bíonn dream eile ann agus ceapann siad go bhfuil a ndóthain acu sa gcúpla focal, mar shampla 'cén chaoi a bhfuil tú' srl. Téann an rang amach uaireanta ar thurais thart sa gceantar. Tá sé seo an-mhaith dóibh, bíonn siad ag foghlaim téarmaí nua agus bíonn siad ar a gcompord. Tá an teagascóir freisin den tuairim go bhfuil an Ghaeilge faoi bhrú ag na meáin shóisialta. Tháinig an teicneolaíocht isteach go han-tapa. Tá an caighdeán teanga ag imeacht i measc daoine óga. Ba cheart ionad caife nó áit shóisialta mar sin a bheith ar fáil do dhéagóirí sa gceantar agus é a bheith rite i nGaeilge. D'fhéadfaí níos mó imeachtaí a eagrú chomh maith do ghasúir, ar nós ceol, drámaí agus araile agus an Ghaeilge a bheith in uachtar i gcónaí.

#### 5.3.6.2. Na Foghlaimeoirí

Dúirt duine gur chinn siad an Ghaeilge a fhoghlaim mar gheall ar a gcuid gasúir. Is as tír eile í ó thús. Ba mhaith léi an Ghaeilge a labhairt lena cuid gasúir agus cabhrú leis an obair baile. Dúirt sí go bhfuil dlúthbhaint ag an nGaeilge le cultúr an cheantair agus an tírdhreach álainn agus gur chóir í a choinneáil beo. Ach bíonn deacrachtaí ag foghlaimeoirí agus iad ag tabhairt faoin teanga ar dtús. Bíonn drogall mór orthu ag dul chuig ranganna Gaeilge ar dtús. Níl sé éasca í a labhairt taobh amuigh le pobal an cheantair, bíonn saghas náire nó cúthaileacht i gceist. Dúirt foghlaimeoir eile go bhfuil sé níos deacra ar na foghlaimeoirí sin a bhfuil gaolta acu sa gceantar, mar bíonn daoine ag súil go mbeadh Gaeilge mhaith acu. Bíonn saghas drogall eile i gceist sa gcás sin: níor mhaith leo dul sa tseans í a labhairt ar fhaitíos go

ndéanfadh siad botún. Uaireanta b'fhéidir go mbíonn dream ag gáire faoin gcaoi a bhfuaimnítear focail Ghaeilge: ní bhíonn ann ach magadh, ach b'fhéidir go ngoileann sé ar an té atá ag iarraidh an teanga a fhoghlaim.

Tá an-mheas ag na foghlaimeoirí seo ar na ranganna Gaeilge. Tá siad compordach iontu agus bíonn turais acu agus siúlóidí. Bíonn misneach ag teastáil an Ghaeilge a labhairt le muintir an cheantair, go háirithe sna siopaí áitiúla. Tugadh moladh d'úinéir siopa amháin sa gceantar, mar go ndéanann sé iarracht labhairt go mall le foghlaimeoirí agus tugann sé leideanna dóibh maidir le hainmneacha ábhar a bhíonn sa tsiopa.

Bhí na foghlaimeoirí go léir den tuairim gur cheart ionad ar leith a bheith sa gceantar a mbeadh eolas ginearálta ann d'fhoghlaimeoirí Gaeilge nó dóibh siúd atá tar éis teacht isteach sa gceantar, mar shampla eolas ó thaobh seirbhísí, imeachtaí agus tacaíochtaí eile, agus é seo a bheith dátheangach.

Chuir foghlaimeoir eile béim arís ar thábhacht na Gaeilge do chultúr na háite. Tá gaolta ag an duine seo sa gceantar agus déanann sí gach iarracht an Ghaeilge a labhairt le muintir na háite, go háirithe sna siopaí. Tá grá mór aici don cheantar agus deir sí go bhfuil an Ghaeilge láidir fós san áit. Thug an té seo faoi deara go bhfuil dream in áiteanna eile saghas diúltach i leith na teanga de bharr an bhrú a cuireadh orthu í a fhoghlaim ar scoil.

**Tátal**

Tá na hagallaimh seo leis na foghlaimeoirí an-tábhachtach mar tugann siad léargas dúinn ar na deacrachtaí a bhíonn ag dream nua atá ag teacht isteach sa gceantar. Mar atá luaite thuas, bíonn sé deacair ar na foghlaimeoirí an teanga a fhoghlaim. Tá dúshláin ag baint leis an bhfuaimniú agus cúrsaí gramadaí. Freisin bíonn sórt náire orthu í a labhairt i measc an phobail ar fhaitíos go ndéanfaidh siad botúin. Tuigeann siad an tábhacht chultúrtha a bhaineann leis an teanga agus ba mhaith leo dá mbeadh sí ag a gcuid gasúir chomh maith. Ba mhaith leis na foghlaimeoirí go mbeadh ionad ar leith ar fáil sa gceantar do dhaoine nua ag teacht isteach, agus eolas le fáil ann i dtaobh seirbhísí, ranganna agus eolas ábhartha eile. An príomhrud atá ag teastáil ó na foghlaimeoirí ná tacaíocht, agus bhí moladh spéisiúil eile acu, is é sin go mbeadh múinteoir ar fáil chun cúnamh agus comhairle a thabhairt dóibh socrú isteach sa gceantar.

## 5.3.7. Lucht gnó

### 5.3.7.1. Siopaí/Tithe Ósta

Mar chuid den taighde rinneadh agallaimh le úinéirí na siopaí agus na dtithe ósta sa gceantar. Rinneadh agallaimh le ochtar ar fad sna láithreacha oibre éagsúla le linn an phróisis. (Tá cóip de na ceisteanna a cuireadh sna hagallaimh le fáil in aguisín 2):

Dúirt na húinéirí go bhfuil Gaeilge ag an chuid is mó de na freastalaithe sna siopaí/tithe ósta. Is í an Ghaeilge a labhraítear ar dtús le custaiméirí ag teacht isteach an doras. Tá sí láidir fós sa gceantar, a deir na húinéirí, ach go bhfuil caighdeán na Gaeilge ag titim, b’fhéidir. Tugadh faoi deara freisin i dteach ósta amháin gur Gaeilge is mó a bhíonn ag na custaiméirí atá níos sine agus go mbíonn meascán i measc an dreama óig.

Is í an Ghaeilge den chuid is mó a chloistear sna tithe ósta/siopaí, cé go mbíonn Béarla in úsáid ag déagóirí uaireanta. Thug úinéir eile faoi deara go mbíonn dream óg le cloisteáil ag caint i mBéarla sa siopa uaireanta agus taobh amuigh, ach ansin go n-iompaíonn siad ar ais ar an nGaeilge nuair a thagann na scoláirí Gaeilge sa samhradh. Tá an Ghaeilge láidir fós sa gceantar ach tá sé tábhachtach, a deir úinéir amháin, go dtuigfeadh na gasúir gur buntáiste mór dóibh an Ghaeilge a bheith ar a dtoil acu.

### 5.3.7.2. Monarchana sa gceantar

Irish Seaspray

Bíonn an comhlacht seo ag plé le leasú, deatú agus pacáil éisc. Tá 30 ag obair ann faoi láthair. Tá Gaeilge acu go léir. Is Béarla a bhíonn ag na custaiméirí, ón taobh amuigh iad.

MoreNet

Is ag plé le heangacha don tionscail feirmeoireacht éisc a bhíonn an monarchan seo. Tá triúr ag obair ann agus tá Gaeilge acu go léir.

# 6. Bearta an Phlean Teanga

## 6.1. Réamhrá

Tugtar eolas anseo ar bhearta an phlean teanga. Beidh tréimhse seacht mbliana i gceist chun an plean a chur i gcrích. Beidh coiste stiúrtha le bunú agus córas monatóireachta le cur in áit. Bunaítear na bearta ar na réimsí atá sonraithe sna Treoirlínte Pleanála Teanga agus atá ag teacht leis na Critéir Phleanála Teanga do Limistéir Phleanála Teanga Ghaeltachta. Is iad na réimsí sin ná:

A. An córas oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);
B. Seirbhísí cúram leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;
C. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile;
D. Deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais;
E. An earnáil ghnó;
F. Eagraíochtaí pobail agus comharchumainn;
G. Na meáin chumarsáide;
H. Seirbhísí poiblí;
I. Pleanáil agus forbairt fhisiceach;
J. Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire;
K. Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina leith.

Moltar gurb í an Cheanneagraíocht, Comhairle Ceantar na nOileán i gcomhar le coiste stiúrtha pleanála teanga a bheidh freagrach as an obair a stiúradh: fostaithe a earcú, maoirsiú a dhéanamh orthu agus thar aon ní eile an clár oibre a fheidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh air. Fostófar Oifigeach Pleanála Teanga amháin agus beidh sé/sí ag gníomhú mar bhainisteoir/riarthóir ar an bpleanáil teanga sa LPT faoi threoir an choiste agus na Ceanneagraíochta. Beifear ag bunú coiste stiúrtha chun an plean a chur i gcrích chomh luath agus a bheidh an plean ceadaithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

**Beart 6.2. Struchtúr agus socruithe d'fheidhmiú an phlean teanga**

| Réimsí: | K | Critéir pleanála teanga: | 1, 19 |
|---|---|---|---|
| Aidhm: | Feidhmiú éifeachtach an phlean teanga i gCeantar na nOileán. Foireann a fhostú, oifig/clár ama a réiteach, na bearta a chur i bhfeidhm. | | |
| Eolas breise: | Beidh coiste stiúrtha le bunú. Beidh Oifigeach Pleanála Teanga le fostú. Beidh sé/sí freagrach as an pblean a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse seacht mbliana. I measc na ndualgas a bheidh ar an Oifigeach beidh: feidhmiú éifeachtach bearta an phlean, cúrsaí riaracháin, eolas a chur ar fáil don phobal, monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean le tacaíocht ón gceanneagraíocht, freastal rialta ar chruinnithe agus aiseolas cuimsitheach a chur ar fáil don Cheanneagraíocht go rialta maidir le dul chun cinn an Phlean Teanga. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir) An RCOG, Údarás na Gaeltachta, Comhar Chuigéal, Muintearas Teo. | | |
| Saolré: | Bliain 1-7 Ullmhúchán, agallaimh. | | |
| Costas measta iomlán: | €430,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-3: €54,000, €56,500, €59,000<br>Bliain 4-7: €61,500, €64,000, €66,000, €69,000<br>(€35k-€50k don Oifigeach Pleanála Teanga, beidh costais eile oifige le cur san áireamh, féach costais thíos). | | |
| Foinse maoinithe: | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: duine cuí a fhostú, an pobal a spreagadh chun tacú leis an bplean<br>Réitigh: poiblíocht, agallaimh, cruinnithe, coistí a chur le chéile, grúpaí fócais, an pobal a thabhairt le chéile. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Beidh an Cheanneagraíocht ag déanamh monatóireacht ar an mbeart trí thuairiscí míosúla a fháil maidir le dul chun cinn an phlean agus cruinnithe rialta leis an Oifigeach Pleanála Teanga. Suirbhé bliantúil le déanamh sa LPT, ag cur ceisteanna maidir le héifeacht na mbeart. | | |

## 6.3. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

### Beart 6.3.1. Scéim teanga/litríochta a eagrú i gcomhar leis na scoileanna

| Réimsí: | A, B | Critéir pleanála teanga: | 5,6,7 |
|---|---|---|---|
| Aidhm: | Gasúir a chur ar an eolas maidir le saibhreas cultúrtha na háite, an Ghaeilge a bhuanú agus a threisiú i measc an aos óig. | | |
| Eolas breise: | Scéim teanga/ litríochta a eagrú i gcomhar leis na scoileanna chun go mbeadh deis ag gasúir eolas a fháil ar shaibhreas oidhreachta agus cultúrtha na háite - béaloideas, litríocht, stair, logainmneacha, bithéagsúlacht srl. Aoichainteoirí a thabhairt isteach. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), bunscoileanna, Muintearas, COGG, Gaeloideachas, tuismitheoirí, an pobal. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Ullmhúchán, cruinnithe le múinteoirí/pobal<br>Bliain 2-7 Cur i bhfeidhm, athbhreithniú rialta | | |
| Costas measta iomlán: | €28,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-7: €4,000. Ábhar a dhearadh/phriontáil, aoichainteoirí a íoc, turais a eagrú-costais a bhaineann le taisteal. | | |
| Foinse maoiithe | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: tacaíocht na bpáirtithe a fháil, gasúir a spreagadh<br>Réitigh: cruinnithe eolais a eagrú do mhúinteoirí & tuismitheoirí/pobal, plean a leagan amach, ábhar suimiúil tarraingteach a chlúdachmar pháirt den togra (an dúlra, finscéalta srl.) | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Beidh an Cheanneagraíocht freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an mbeart i gcomhar le scoileanna agus tuismitheoirí. Beidh aiseolas ó mhúinteoirí agus daltaí mar chuid den mhonatóireacht. | | |

**Beart 6.3.2. Stocaireacht a dhéanamh le cur le héifeachtach Scéim na gCúntóirí Teanga**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | A, B | Critéir pleanála teanga: | 5, 6, 7, 8 |
| Aidhm: | Cúntóir teanga a bheith i ngach scoil sa gceantar agus córas éifeachtach a bheith leagtha amach dóibh. | | |
| Eolas breise: | Stocaireacht a dhéanamh le struchtúr agus forbairt a chur ar scéim na gcúntóirí teanga agus í a leathnú amach chuig gach scoil sa Limistéar Pleanála Teanga. Uaireanta breise agus monatóireacht/tacaíocht a bheith i gceist sa scéim. Tuilleadh oiliúna a bheith ar fáil do chúntóirí i bhfoirm cúrsaí agus ceardlann. D'fhéadfaí múinteoirí oilte a chur i bhfeighil na gcúrsaí/gceardlann seo. Bheadh an scéim seo ina chúnamh mór do scoileanna an cheantair atá ag iarraidh a bheith ag feidhmiú mar scoileanna Gaeltachta faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), an RCOG, Údarás na Gaeltachta, ROS, Muintearas Teo, scoileanna, múinteoirí, tuismitheoirí, Gaeloideachas | | |
| Saolré: | Bliain 1: Athruithe cuí a chur ar scéim na gcúntóirí teanga<br>Bliain 2-7: Na hathruithe nua a chur i bhfeidhm, athbhreithniú rialta | | |
| Costas measta iomlán: | €140,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-7: €20,000. Cúntóirí a íoc, ábhar a dhearadh maidir le poiblíocht | | |
| Foinse maoinithe: | An RCOG | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: maoiniú, tacaíocht, feasacht a ardú.<br>Réitigh: iarratas a dhéanamh leis an ROS chun maoiniú a fháil, cruinnithe agus seisiúin eolais a eagrú le grúpaí cuí. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Beidh an Cheanneagraíocht agus Muintearas ag déanamh monatóireachta ar an mbeart. Beidh taifead á choinneáil ar dháileadh na gcúntóirí ar na scoileanna, an líon páistí a bhfuil siad ag freastal orthu agus dul chun cinn na bpáistí chomh maith. | | |

**Beart 6.3.3. Téacsleabhair d'ardchaighdeán sa chanúint áitiúil a fhorbairt**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | A | Critéir pleanála teanga: | 4, 5, 6 |
| Aidhm: | An Ghaeilge a bhuanú i measc aos óg an cheantair trí téacsleabhair/ábhar d'ard-chaighdeán Gaeilge sa chanúint a bheith ar fáil. | | |
| Eolas Breise: | Go mbeadh acmhainní teagaisc scoile d'ard-chaighdeán Gaeilge ar fáil agus go mbeadh ábhar sna téacsleabhair i gcanúint Chonamara. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Muintearas Teo, COGG, ROS, múinteoirí, tuismitheoirí, Gaeloideachas, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Socruithe a dhéanamh, comhairle a fháil.<br>Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm, athbhreithniú rialta | | |
| Costas measta iomlán: | €30,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 2-7: €5,000. Ábhar a dhearadh maidir le feachtas poiblíochta | | |
| Foinse maoinithe: | An RCOG | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: feasacht a ardú, spreagadh<br>Réitigh: seisiúin/cruinnithe eolais a eagrú, poiblíocht a dhéanamh i measc an phobail | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart trí aiseolas a fháil ó mhúinteoirí/daltaí maidir le caighdeán na leabhar. | | |

**Beart 6.3.4. Cuireadh a thabhairt do TG4 labhairt le gasúir an cheantair**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | A, C, K | Critéir pleanála teanga: | 16 |
| Aidhm: | Gasúir an cheantair a spreagadh le breathnú ar TG4 agus go dtuigfeadh siad gur buntáiste í an Ghaeilge i dtaobh postanna. | | |
| Eolas breise: | Cuireadh a thabhairt do TG4 (Cúla 4) labhairt le gasúir an cheantair. Aisteoirí (Ros na Rún) agus láithreoirí éagsúla, eagarthóirí, lucht ceamara/fuaime a thabhairt isteach le labhairt leis na gasúir chomh maith. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), na scoileanna, clubann óige, tuismitheoirí, TG4. | | |
| Saolré: | Bliain 2: clár agus socruithe a dhéanamh<br>Bliain 3-7: Cur i bhfeidhm, athbhreithniú rialta. | | |
| Costas measta iomlán: | €21,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 2-7: €3,500. Beidh íocaíocht le déanamh leis na cainteoirí a thagann isteach | | |
| Foinse maoinithe: | TG4 | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: feasacht a ardú<br>Réitigh: cruinnithe a eagrú le múinteoirí agus tuismitheoirí | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart i gcomhar le tuismitheoirí agus múinteoirí. Beidh aiseolas le fáil ó TG4 agus ó na gasúir chomh maith. | | |

**Beart 6.3.5. Laochra Teanga a aithint le go spreagfaidh siad daoine óga**

| Réimsí: | A | Critéir pleanála teanga: | 5, 6 |
|---|---|---|---|
| Aidhm: | Féiniúlacht Ghaelach a chothú i measc daoine óga, béim a chur ar thábhacht na Gaeilge mar bhuntáiste ó thaobh postanna éagsúla. | | |
| Eolas breise: | Cuireadh a thabhairt do dhaoine ón bpobal atá ag úsáid na Gaeilge ina gcuid oibre teacht isteach sna scoileanna chun labhairt leis na scoláirí. D'fhéadfaí daoine atá bainteach le réimsí eile a thabhairt isteach chomh maith - lúthchleasaithe áitiúla mar shampla. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), scoileanna, múinteoirí, clubanna óige, an pobal, tuismitheoirí, iar-scoláirí, na cumainn spóirt. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Socruithe, cruinnithe le tuismitheoirí, clár oibre a leagan amach<br>Bliain 1-7: Cur i bhfeidhm clár oibre agus athbhreithniú rialta | | |
| Costas measta iomlán: | €7,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-7: €1,000. Na cainteoirí a íoc. | | |
| Foinse maoinithe: | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: daoine cuí a thabhairt isteach<br>Réitigh: cruinnithe leis an bpobal, liosta ainmneacha a fháil agus teagmháil a dhéanamh leis na daoine sin. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart. Beidh líon áirithe cainteoirí le roghnú, agus beidh taifead le coinneáil ar aon aiseolas ó na múinteoirí agus na daltaí. | | |

**Beart 6.3.6. Fóram a bhunú do scoileanna/naíonraí an LPT**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | A, B | Critéir pleanála teanga: | 5, 6 |
| Aidhm: | Fóram tacaíochta a bhunú do na scoileanna a bheadh mar chúnamh dóibh an POG a fheidhmiú. | | |
| Eolas breise: | Fóram áitiúil a bhunú le deis a thabhairt do na naoíonraí agus na scoileanna plé a dhéanamh ar an bpróiseas aitheantais faoin bPOG, na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis go háitiúil a phlé. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), an ROS, Gaeloideachas, COGG, múinteoirí, na scoileanna, boird bhainistíochta, naíonraí, an pobal, tuismitheoirí, Muintearas Teo. , Comhairle Ceantar na nOileán. | | |
| Saolré: | Bliain 1: bunú an fhóraim, stiúrthóirí naíonra, múinteoirí agus tuismitheoirí a mhealladh le páirt a ghlacadh ann, clár spreagúil agus tarraingteach a leagan síos.<br>Bliain 1-7: reáchtáil an fhóraim, rannpháirtíocht ghníomhach a chinntiú. | | |
| Costas measta iomlán: | €7,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-7: €1,000. Costais a bhaineann le reáchtáil an fhóraim – aoichainteoirí, ábhar | | |
| Foinse maoinithe: | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: stocaireacht, daoine a thabhairt le chéile<br>Réitigh: cruinnithe a eagrú le grúpaí mar mhúinteoirí, tuismitheoirí, polaiteoirí áitiúla, feachtais phoiblíochta | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart i gcomhar le múinteoirí agus tuismitheoirí. Déanfar monatóireacht ar líon cruinnithe den fhóram, rannpháirtíocht sa bhfóram agus ábhar a phlé ann. | | |

## 6.4. Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

### Beart 6.4.1. Ionad eolais agus pacáiste tacaíochta teanga a fhorbairt

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | B | Critéir pleanála teanga: | 7, 8 |
| Aidhm: | Imeascadh éifeachtach clanna nua ag teacht isteach sa gceantar, go mbeadh fáilte curtha rompu, go mbeadh tacaíochtaí agus treoir ar fáil dóibh. | | |
| Eolas breise: | Ionad ar leith a mbeadh eolas (dátheangach) ar fáil ann do dhream nua & an diaspóra ag teacht isteach sa gceantar. Pacáiste eolais a bheith ar fáil do dhaoine ina mbeadh eolas éagsúil maidir le seirbhísí éagsúla, teagmhálacha áitiúla, imeachtaí sóisialta, scoileanna, ranganna Gaeilge agus tacaíochtaí eile. Bheadh eolas sa phacáiste freisin faoi bhuntáistí an dátheangachais. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Comhar Chuigéal, Muintearas, Údarás na Gaeltachta. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Ullmhúchán, ionad a chur ar fáil, ábhar a réiteach,<br>Bliain 1-7: Feidhmiú an ionaid, athbhreithniú rialta | | |
| Costas measta iomlán: | €40,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-2: €5,000. Bliain 3-7: €6,000. Ábhar a dhearadh/phriontáil, teagascóirí Gaeilge a fhostú, imeachtaí sóisialta a eagrú-sólaistí | | |
| Foinse Maoinithe | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: ionad a aimsiú, duine/daoine a fhostú go páirtaimseartha/lánaimseartha.<br>Réitigh: rogha ionad ar fáil, ábhar a chur le chéile, eolas a bhailiú, fógraíocht chuí, daoine áitiúla a fhostú. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Beidh an Cheanneagraíocht agus Muintearas ag déanamh monatóireachta ar an mbeart. Coinneofar taifead ar fheidhmiú an ionaid maidir le líon na ndaoine a bheidh ag baint úsáid as an tseirbhís. Is féidir aischothú a fháil ó na daoine a bheidh ag baint leasa as an tseirbhís tar éis tréimhse bliana. | | |

**Beart 6.4.2. Scéim cuairteanna baile a bhunú**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | B | Critéir pleanála teanga: | 7,8 |
| Aidhm: | Imeascadh éifeachtach clanna nua trí chomhairle tacaíochta teanga a chur ar fáil dóibh. | | |
| Eolas breise: | Scéim a bhunú ina dtabharfadh duine cuairt ar na teaghlaigh sin nach bhfuil Gaeilge acu - chun comhairle agus breis tacaíochtaí a chur a fáil dóibh agus a gcuid gasúir. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Muintearas Teo, tuismitheoirí, múinteoirí, an naíonra/naíolann. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Daoine cuí a earcú<br>Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm, athbhreithniú rialta | | |
| Costas measta iomlán: | €14,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-7: €2,000. Pá, ábhar a dhearadh maidir le poiblíocht | | |
| Foinse maoinithe | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: duine/daoine a fhostú go páirtaimseartha/lánaimseartha, rannpháirtíocht a spreagadh i measc an phobail.<br>Réitigh: oíche eolais a reáchtáil, coistí oibre a bhunú, buntáistí na scéime a phlé. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht agus Muintearas monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt. Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a bheidh páirteach sa scéim. Beidh aiseolas á bhailiú ó na rannpháirtithe. | | |

**Beart 6.4.3. Scéim tacaíochta teanga do chainteoirí dúchais a fhorbairt**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | D | Critéir pleanála teanga: | 6,7 |
| Aidhm: | Deis a chur ar fáil do chainteoirí dúchais an cheantair a gcuid Gaeilge a shaibhriú agus a bhuanú. | | |
| Eolas breise: | Scéim tacaíochta teanga a fhorbairt do chainteoirí dúchais. Deis saibhrithe teanga a bheadh ann a chuideodh le béaloideas/litríocht/téarmaíocht na háite a chaomhnú. Bheadh deis ann ceisteanna agus tuairimí a roinnt, aoichainteoirí agus pobal aosach an cheantair a tabhairt isteach. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Muintearas Teo, Comhar Chuigéal, an pobal. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Socruithe agus clár oibre a chur le chéile<br>Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm na scéime | | |
| Costas measta iomlán: | €28,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-7: €4,000. Ábhar a dhearadh/phriontáil, cainteoirí a íoc, cur i láthair a eagrú, ionaid a fháil ar cíos. | | |
| Foinse Maoinithe: | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: maoiniú a aimsiú, daoine a spreagadh chun a bheith páirteach.<br>Réiteach: cruinnithe eolais a eagrú sa phobal. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht agus Muintearas monatóireacht ar an mbeart. Beidh taifead á choinneáil ar líon na ndaoine a bheidh páirteach sa scéim agus baileofar aiseolas ó na rannpháirtithe. | | |

## 6.5. Seirbhísí don Aos Óg agus d’Aoisghrúaí Eile

### Beart 6.5.1. Club óige do dhéagóirí a bhunú i gCeantar na nOileán

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | C, J | Critéir pleanála teanga: | 6, 10 |
| Aidhm: | Timpeallacht Ghaelach a chruthú d’óige an LPT trí chlub óige do dhéagóirí a bhunú i gCeantar na nOileán, ina mbeidh áiseanna caitheamh aimsire agus sóisialta ar fáil dóibh trí Ghaeilge. | | |
| Eolas breise: | Club Óige a bhunú sa gceantar do dhéagóirí. Bheadh na háiseanna cuí ar fáil: halla, cluichí éagsúla mar shampla sacar/iománaíocht faoi dhíon, leadóg bhoird, cispheil, gníomhaíochtaí eile mar ealaín, ceardaíocht, ceol, díospóireacht srl. Bheadh polasaí lán-Ghaeilge i bhfeidhm. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Muintearas Teo, tuismitheoirí, daoine óga, Foróige, Ógras, Gael Linn, Óige na Gaeltachta. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Socruithe, cruinnithe le tuismitheoirí, ionad a fháil<br>Bliain 2-7: Feidhmiú an chlub, athbhreithniú rialta | | |
| Costas measta iomlán: | €21,000. | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana | Bliain 1-7: €3,000. Ionad a fháil, cíos, turais/costais a bhaineann le taisteal, trealamh a cheannach, árachas, sólaistí | | |
| Foinse maoinithe: | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: ionad a fháil, foireann a earcú<br>Réitigh: na hallaí áitiúla a úsáid, feasacht a ardú, grúpaí fócais le daoine óga a eagrú, meitheal tuismitheoirí a thabhairt le chéile ar bhun deonach chun cabhrú leis an gclub. Feachtas poiblíochta sna scoileanna áitiúla. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht agus Muintearas Teo. monatóireacht ar an mbeart. Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a bheidh ag freastal ar an gclub, na himeachtaí agus an clár oibre. Beidh tuairiscí rialta le fáil maidir le dul chun cinn an togra ó na páirtithe leasmhara agus aiseolas ó na háisitheoirí/rannpháirtithe. | | |

**Beart 6.5.2. Oifigeach óige a fhostú**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | C, J | Critéir pleanála teanga: | 6, 11, 13, 14 |
| Aidhm: | Oifigeach óige a fhostú le comhordú a dhéanamh ar imeachtaí agus gníomhaíochtaí óige sa LPT. | | |
| Eolas Breise: | Oifigeach óige a fhostú sa gceantar chun comhardú a dhéanamh ar ócáidí, áisitheoirí/teagascóirí a fháil, tacaíocht a thabhairt, spreagadh, stocaireacht a dhéanamh, caidreamh a chothú leis na scoileanna sa gceantar, idir bhainistíocht, thuismitheoirí agus daltaí, comhoibriú le heagrais Ghaeilge/óige eile. Ócáidí/imeachtaí réigiúnacha eolais a eagrú, ionad '*buail isteach'* a reáchtáil sa gceantar, eolas a chur ar fáil don phobal/na meáin faoi obair na heagraíochta, bearnaí a aithint maidir le seirbhísí óige sa gceantar. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Muintearas Teo, tuismitheoirí, daoine óga, Foróige, Óige na Gaeltachta (Muintearas), Údarás na Gaeltachta. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Ullmhúchán, duine a earcú<br>Bliain 2-7: Oifigeach a bheith ag feidhmiú sa gceantar, athbhreithniú rialta | | |
| Costas measta iomlán: | €225,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 2-4: €35,000<br>Bliain 5-7: €40,000<br>(€35k-€40k don oifigeach óige) | | |
| Foinse maoinithe: | An RCOG, Údarás na Gaeltachta | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: duine cuí a earcú.<br>Réitigh: feachtas poiblíochta a eagrú, agallaimh, cruinnithe le tuismitheoirí agus grúpaí eile. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht agus Muintearas Teo monatóireacht ar an mbeart trí athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chlár gníomhaíochta don óige, an líon imeachtaí a eagraítear, líon daoine páirteach iontu srl. | | |

**Beart 6.5.3. Coiste na nÓg a bhunú**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | C | Critéir pleanála teanga: | 10, 11 |
| Aidhm: | Rannpháirtíocht daoine óga sa bhforbairt pobail a spreagadh trí choiste don óige a bhunú. Deis a chur ar fáil dóibh a bheith rannpháirteach agus ag úsáid na Gaeilge. | | |
| Eolas breise: | Coiste na nÓg a bhunú - níos mó freagrachta a thabhairt do dhaoine óga. Deis a thabhairt dóibh na scileanna a d'fhoghlaim siad ar scoil a chur i bhfeidhm sa phobal. Ardán a thabhairt dóibh le go mbeadh a gcuid tuairimí á roinnt leis an bpobal. Deis a thabhairt dóibh a bheith gníomhach i gcruinnithe áitiúla. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Muintearas Teo., daoine óga, club óige,Foróige, Ógras, Óige na Gaeltachta, CLG Naomh Anna | | |
| Saolré: | Bliain 1: ullmhúchán, an coiste a bhunú<br>Bliain 2: feidhmiú an choiste, athbhreithniú rialta | | |
| Costas measta iomlán: | €3,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 2-7: €500. Ábhar a dhearadh/phriontáil ar mhaithe le poiblíocht | | |
| Foinse maoinithe: | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: grúpaí leasmhara a thabhairt le chéile, daoine a spreagadh<br>Réitigh: cruinnithe/seisiúin eolais a eagrú, grúpaí fócais le daoine óga a eagrú | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart i gcomhar leis an Oifigeach Óige. Beidh tuairiscí ar fáil go rialta maidir le líon na ndaoine a bheidh páirteach agus amchlár a chur in áit maidir le cruinnithe. | | |

**Beart 6.5.4. Áisitheoirí óige le sainscileanna faoi leith a aithint**

| Réimsí: | C, D, J | Critéir pleanála teanga: | 3, 11, 14 |
|---|---|---|---|
| Aidhm: | An Ghaeilge a chur cinn i measc óige an LPT trí cheardlanna éagsúla a reáchtáil. | | |
| Eolas breise: | Grúpa d'áisitheoirí a bhunú le tacú le réimse leathan imeachtaí/ceardlann don óige. Beidh scileanna ar leith ag na háisitheoirí - mar shampla: drámaíocht, ceol, rince, ealaíon, ceardaíocht, spóirt. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), An RCOG, Muintearas Teo., Comhar Chuigéail, Foróige, Ógras, an pobal, daoine óga | | |
| Saolré: | Bliain 1: Ullmhúchán agus téarmaí a leagan síos don scéim<br>Bliain 2: Feidhmiú na scéime agus athbhreithniú rialta ar chlár oibre | | |
| Costas Measta iomlán: | €7,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-7: €1,000. Íocaíocht do na háisitheoirí, trealamh agus ábhar tacaíochta. | | |
| Foinse maoinithe: | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: daoine cuí a earcú<br>Réiteach: feachtas poiblíochta, agallaimh, traenáil a chur ar fáil má bhíonn sé ag teastáil. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart i gcomhar leis an Oifigeach Óige. Beidh liosta ann de na hócáidí atá á reáchtáil, taifead ar thinreamh srl. Aischothú rialta le fáil ó na háisitheoirí agus na rannpháirtithe. | | |

**Beart 6.5.5. Club Dhigiteach do dhaoine óga a bhunú**

| Réimsí: | C, J | Critéir pleanála teanga: | 3, 10, 11, 12 |
|---|---|---|---|
| Aidhm: | Léiriú a thabhairt do dhaoine óga ar úsáid na Gaeilge sna meáin dhigiteacha agus iad a spreagadh le níos mó Gaeilge a úsáid tríd an teicneolaíocht. | | |
| Eolas breise: | Club ar leith do dhaoine óga a bhunú dírithe ar na meáin dhigiteacha. Deiseanna a bheith ar fáil do dhaoine óga le scileanna nua a fhoghlaim cosúil le: scríbhneoireacht chruthaitheach, ealaín, iriseoireacht, blaganna, físeáin, cainéal *YouTube* a chruthú srl. Bheadh áisitheoirí le tabhairt ó RTÉ RnaG agus TG4 agus é seo go léir á dhéanamh trí mheán na Gaeilge. D'fhéadfaí ceangal a dhéanamh le grúpaí eile mar *The Digital Youth Council*. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Muintearas Teo., Foróige, Ógras, daoine óga, múinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile, *Digital Youth Council*, RTÉ RnaG, TG4, Tuairisc.ie, Acadamh na hOllscolaíochta, Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Fiontar, DCU. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Socruithe, clár oibre agus sceideal a leagan amach.<br>Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm, athbhreithniú rialta. | | |
| Costas measta iomlán: | €14,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-7 €2,000. Trealamh cuí a bheith ar fáil, áisitheoirí éagsúla a aimsiú, costais reáchtála. | | |
| Foinse maoinithe: | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: Ionchur a fháil ó na páirtithe leasmhara agus clár spreagúil a leagan amach.<br>Réiteach: Cruinnithe leanúnach le clár tarraingteach a leagan amach, aiseolas rialta ó na rannpháirtithe éagsúla. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht, Muintearas Teo. agus an tOifigeach Óige monatóireacht ar an mbeart. Beidh tuairiscí míosúla ar fáil maidir le feidhmiú an chlub, líon na ndaoine a bheidh páirteach agus aiseolas ó rannpháirtithe. | | |

**Beart 6.5.6. Club iomartha/seoltóireachta a bhunú sa gceantar**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | C,J | Critéir pleanála teanga: | 10, 12 |
| Aidhm: | Traidisiún/oidhreacht láidir bádóireachta an cheantair a chaomhnú agus a bhuanú | | |
| Eolas breise: | Club iomartha/seoltóireachta a bhunú i gCeantar na nOileán. Bádóirí an cheantair le ranganna nó ceardlanna a reáchtáil do dhaoine óga an cheantair. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Gasóga Mara, Muintearas Teo., Comhar Chuigéal, na scoileanna, daoine óga agus an pobal. | | |
| Saolré: | Bliain 2: Ullmhúchán, cruinnithe, comhairliúcháin agus sceideal<br>Bliain 3-7: Cur i bhfeidhm | | |
| Costas measta iomlán: | €6,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Blain 2-7: €1,000. Ábhar a cheannach mar uirlisí agus trealamh. | | |
| Foinse maoinithe: | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: daoine a earcú, an pobal a spreagadh.<br>Réitigh: cruinnithe leis an bpobal, feachtas poiblíochta. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart seo trí thaifead a choimeád ar líon na ndaoine a bheidh páirteach sa chlub sna ceardlanna agus aon aiseolas ábhartha eile. | | |

## 6.6. Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais

### Beart 6.6.1. Ciorcal comhrá a eagrú sa gceantar

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | D | Critéir pleanála teanga: | 7,8,11 |
| Aidhm: | An Ghaeilge a chur chun cinn i measc clanna nua ag teacht isteach sa gceantar. Íomhá dhearfach a chothú maidir le foghlaim na Gaeilge. | | |
| Eolas breise: | Ciorcal comhrá a eagrú sa gceantar chun deis a thabhairt do fhoghlaimeoirí an Ghaeilge a chleachtadh ar bhonn neamhfhoirmeálta. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Comhar Chuigéal, Muintearas Teo., an pobal. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Meitheal ón bpobal a thabhairt le chéile, ionad a aimsiú, fógraíocht.<br>Bliain 1-7: Eagrú agus reáchtáil na gciorcal comhrá. | | |
| Costas measta iomlán: | €19,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-2: €2,000. Bliain 3-7: €3,000. Ionad a fháil, sólaistí, ábhar foghlama a dhearadh/phriontáil, póstaeir a dhearadh/phriontáil ar mhaithe le poiblíocht, turais a eagrú, aoichainteoirí agus teagascóirí a íoc. | | |
| Foinse maonaithe | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: daoine a mhealladh le freastal, áisitheoirí/teagascóirí a fháil.<br>Réitigh: ionad lárnach ar fáil i Muintearas nó inoifigí Chomhairle Ceantar na nOileán, meitheal daoine a thabhairt le chéile, úsáid a bhaint as póstaeir agus na meáin shóisialta (dhátheangach) i bpoiblíocht. | | |
| Monatóireacht ar cur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart trí thaifead a choinneáil ar líon na ndaoine a bheidh páirteach agus beidh aiseolas rialta le fáil ón dream a bhíonn ag freastal ar an gciorcal comhrá. | | |

**Beart 6.6.2. Imeachtaí agus cúrsaí Thuismitheoirí na Gaeltachta a chur ar fáil sa cheantar**

| Réimsí: | D | Critéir pleanála teanga: | 7,8,11 |
|---|---|---|---|
| Aidhm: | Teacht a bheith ag níos mó de phobal an cheantair ar na himeachtaí a chuireann Tuismitheoirí na Gaeltachta ar fáil agus deis a bheith ag an bpobal páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí trí Ghaeilge. | | |
| Eolas breise: | Oibriú i gcomhar leis an eagraíocht Tuismitheoirí na Gaeltachta le níos mó dá gcuid imeachtaí a chur ar fáil do phobal an cheantair – drámaíocht, léitheoireacht, damhsa, Siamsásn agus Airneán na nÓg agus cúrsaí oiliúna i mbainistiú iompar teanga. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Comhar Chuigéal, Tuismitheoirí na Gaeltachta, Muintearas Teo., an pobal. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Clár oibre a phlé agus a aontú.<br>Bliain 1-7: Eagrú agus reáchtáil na n-imeachtaí, bolscaireacht agus fógraíocht. | | |
| Costas measta iomlán: | €14,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-7: €2,000. Ionad a fháil, sólaistí, ábhar a chur ar fáil, fógraíocht agus poiblíocht srl. | | |
| Foinse maonaithe | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: níos mó daoine a mhealladh le bheith páirteach sna himeachtaí, imeachtaí spreagúla a chur ar fáil.<br>Réitigh: taighde a dhéanamh ar na himeachtaí atá ar fáil cheana féin agus cur leo, tuairimí an phobail a iarraidh, fógraíocht agus poiblíocht ar na himeachtaí. | | |
| Monatóireacht ar cur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart, i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta trí thaifead a choinneáil ar líon na ndaoine a bheidh páirteach agus beidh aiseolas rialta le fáil ón dream a bhíonn ag freastal ar an na himeachtaí éagsúla. | | |

## 6.7. An Earnáil Ghnó

### Beart 6.7.1. Cur le Féiniúlacht Ghaeltachta san earnáil ghnó

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | E, F | Critéir pleanála teanga: | 13, 14, 15, 18 |
| Aidhm: | Go mbeadh an Ghaeilge in uachtar sna gnólachtaí áitiúla. | | |
| Eolas breise: | Cur le féiniúlacht Ghaeltachta in earnáil ghnó an cheantair, go gcinnteofaí go mbeadh lipéid, ainmneacha earraí agus comharthaí eile le feiceáil i nGaeilge, go mbeadh seirbhís le fáil i nGaeilge i ngach gnólacht sa gceantar. Gradam a bheith ar fáil don ghnólacht is mó a chuireann an Ghaeilge chun cinn. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), lucht gnó agus seirbhísí an cheantair, an pobal, Comhar Chuigéal, Muintearas Teo., Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, Gaillimh le Gaeilge, Europus. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Socruithe<br>Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm, athbhreithniú rialta | | |
| Costas measta iomlán: | €14,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-7: €2,000. Ábhar tacaíochta a dhearadh/phriontáil, poiblíocht, seirbhís aistriúcháin, deiseanna foghlama Gaeilge. | | |
| Foinse maoinithe: | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: gnólachtaí a spreagadh.<br>Réitigh: cruinnithe eolais a eagrú, cabhair a bheith ar fáil i dtaobh aistriúcháin, ranganna Gaeilge a bheith ar fáil do bhaill foirne nach bhfuil mórán Gaeilge acu. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart trí taifead a choinneáil ar líon na ngnóthaí a bheith ag glacadh páirt agus déanfar staidéar ar aon aiseolas ón bpobal. | | |

**Beart 6.7.2. Feachtas poiblíochta a reáchtáil dírithe ar na Coláistí Samhraidh**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | D | Critéir pleanála teanga: | 10, 11 |
| Aidhm: | Feachtas a reáchtáil bunaithe ar an stádas láidir atá ag an nGaeilge sa gceantar agus buntáiste breise a fháil as. Scoláirí breise a mhealladh chuig coláistí samhraidh an cheantair agus ábhar múinteoirí chuig cúrsaí ullmhúcháin san LPT | | |
| Eolas breise: | Na buntáistí eacnamaíocha a bhaineann leis an stádas teanga a léiriú don phobal go háitiúil agus cur leis an líon daoine a dhéanann freastal ar na coláistí samhraidh sa LPT. Bheifí ag súil duine a fhostú go páirtaimseartha leis an bhfeachtas a stiúradh. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán agus Comhar Chuigéal (príomhúinéirí), Coláiste na nOileán, Coláiste Spleodar, Coláiste Gharumna, CONCOS agus an pobal áitiúil. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Socruithe a dhéanamh don fheachtas<br>Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm | | |
| Costas measta iomlán: | €28,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-7: €4,000. Duine a fhostú go páirtaimseartha, ábhar poiblíochta a dhearadh mar póstaeir agus bileoga eolais, costais taistil. | | |
| Foinse maoinithe: | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: duine a earcú, maoiniú a aimsiú, poiblíocht, daoine a spreagadh chun a bheith páirteach<br>Réitigh: duine a fhostú, cruinnithe leis na coláistí samhraidh agus cruinnithe eolais don phobal. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart. Beidh taifead á choinneáil ar dhul chun cinn an fheachtais agus an líon scoláirí breise a thiocfaidh as. | | |

## 6.7 Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn

### Beart 6.7.1. Oileánra Chonamara – Plean Turasóireachta 2019-2021 a fheidhmiú

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | E, F | Critéir pleanála teanga: | 14, 19 |
| Aidhm: | Cur le tionscal na turasóireachta trí Ghaeilge sa gceantar agus forbairt a dhéanamh ar dheiseanna nua le cur leis an mbonneagar eacnamaíoch | | |
| Eolas breise: | Tógáil ar na deiseanna a chuireann Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Oileánra Chonamara ar fáil le forbairt a dhéanamh ar an turasóireacht chultúrtha sa gceantar. Pacáistí saoire a dhearadh agus a thairiscint a mheallfaidh turasóirí go Ceantar na nOileán, fad a chur leis an séasúr turasóireachta sa gceantar agus turasóirí a spreagadh chun fanacht níos faide sa gceantar. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhar Chuigéal agus Grúpa Stiúrtha Oileánra (atá le bunú), Comhairle Ceantar na nOileán, Údarás na Gaeltachta, Galf Chumann Eanach Mheáin, Muintearas Teo., grúpaí spóirt uisce, gnóthaí agus an pobal áitiúil. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Pacáistí a dhearadh agus margaíocht a dhéanamh orthu.<br>Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm an phlean turasóireachta uile. | | |
| Costas measta iomlán: | €7,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-7: €1,000<br>An suíomh idirlíon a choinneáil suas chun dáta, ábhar margaíochta a dhearadh agus a dháileadh. | | |
| Foinse maoinithe: | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: na coistí sa gceantar a spreagadh le hoibriú as lámh a chéile.<br>Réitigh: comhairleoir margaíochta a fhostú a dhéanfadh freastal ar Cheantar na nOileán. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh Comhar Chuigéal monatóireacht ar an mbeart. Beidh taifid á gcoinneáil ar dhul chun cinn agus an pobal coinnithe ar an eolas faoi gach céim den bheart. | | |

**Beart 6.7.2. Suirbhé seandálaíochta a dhéanamh i gCeantar na nOileán**

<table>
<tr><td>Réimsí:</td><td>E, F</td><td>Critéir pleanála teanga:</td><td>14, 19</td></tr>
<tr><td>Aidhm:</td><td colspan="3">Tionscal turasóireachta oidhreachta trí Ghaeilge a bhunú sa gceantar trí shuirbhé seandálaíochta a dhéanamh.</td></tr>
<tr><td>Eolas breise:</td><td colspan="3">Léiríonn taighde nua go bhfuil iarsmaí luachmhara seandálaíochta i gCeantar na nOileán. Is bunús atá ann le tógáil ar an oidhreacht thógtha sa gceantar, rud cultúrtha agus eacnamaíochta dearfach a rachaidh chun tairbhe don phobal áitiúil a bheadh sa suirbhé. Chuirfeadh sé freisin le heolas an phobail ar a gceantar dúchais agus lena mbród as a stair.</td></tr>
<tr><td>Páirtithe leasmhara:</td><td colspan="3">Comhar Chuigéal (príomhúinéir), Comhairle Ceantar na nOileán, Muintearas Teo., Comhairle Contae na Gaillimhe, seandálaithe, an pobal áitiúil.</td></tr>
<tr><td>Saolré:</td><td colspan="3">Bliain 1: Suirbhé a dhéanamh ar láithreacha éagsúla.<br>Bliain 2-7: Eolas ón suirbhé a dhoiciméadú agus treoirleabhar ‘Oidhreacht ar na hOileáin’ a fhoilsiú.</td></tr>
<tr><td>Costas measta iomlán:</td><td colspan="3">€14,000</td></tr>
<tr><td>Costas measta in aghaidh na bliana:</td><td colspan="3">Bliain 1-7: €2,000</td></tr>
<tr><td>Foinse maoinithe:</td><td colspan="3">Buiséad Pleanála Teanga</td></tr>
<tr><td>Dúshláin fhéideartha agus réitigh:</td><td colspan="3">Dúshláin: maoiniú a aimsiú don tionscadal.<br>Réitigh: seandálaí a fhostú. Cruinnithe rialta leis an bpobal chun iad a choinneáil ar an eolas.</td></tr>
<tr><td>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</td><td colspan="3">Déanfaidh Comhar Chuigéal monatóireacht ar an mbeart trí thaifead a choinneáil ar an dul chun cinn. Déanfar an Ceanneagraíocht agus an pobal a choinneáil ar an eolas faoi gach céim den bheart.</td></tr>
</table>

## 6.8 Na Meáin Chumarsáide

### Beart 6.8.1. Úsáid na Gaeilge sna meáin shóisialta a spreagadh

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | C, G, K | Critéir pleanála teanga: | 10, 11, 12 |
| Aidhm: | Úsáid na Gaeilge sna meáin shóisialta a léiriú do dhaoine óga agus iad a spreagadh le go mbainfidh siad níos mó úsáide aisti ag úsáid na nuatheicneolaíochtaí. | | |
| Eolas breise: | Léiriú a thabhairt do dhaoine ar úsáid na Gaeilge sna meáin shóisialta – leitheidí *Facebook*, *Snapchat* agus aipeanna éagsúla, úsáid na Gaeilge agus téacsáil srl. Ceardlanna/seisiúin a chur ar siúl chun téarmaíocht a phlé. Úsáid na Gaeilge mar mheán cumarsáide sna meáin shóisialta a spreagadh. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Muintearas Teo., daoine óga, tuismitheoirí, múinteoirí, Fiontar (DCU). Conradh na Gaeilge. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Socruithe do sceideal ceardlanna/seisiúin.<br>Blain 2-7: Cur i bhfeidhm, aischothú agus athbhreithniú rialta. | | |
| Costas measta iomlán: | €12,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 2-7: €2,000. Áisitheoirí a fháil, poiblíocht do na ceardlanna, iad a reáchtáil Ábhar a dhearadh/phriontáil, ceardlanna a reáchtáil, sólaistí. | | |
| Foinse maoinithe: | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: daoine óga a spreagadh leis an nGaeilge a úsáid sna meáin shóisialta. Comhlachtaí fóin a mhealladh le seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge.<br>Réitigh: Dul i dteagmháil le hionadaithe ó eagraíochtaí mar Fiontar ó thaobh comhairle agus tacaíocht a fháil, stocaireacht a dhéanamh ar chomhlachtaí fóin leagan Gaeilge a chur ar fáil, gradaim Fhoras na Gaeilge a lua leo (gnó means Business) agus Gaillimh le Gaeilge. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart trí thaifead a choinneáil ar líon na gceardlann, líon na ndaoine a ghlacann páirt iontu agus aiseolas ó dhaoine. | | |

### 6.9. Seirbhísí Poiblí

**Beart 6.9.1. Stocaireacht a dhéanamh ar mhaithe le seirbhísí sláinte trí Ghaeilge**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | H | Critéir pleanála teanga: | 3, 13, 18 |
| Aidhm: | Cinntiú go mbeidh seirbhísí sláinte trí Ghaeilge ar fáil do mhuintir an cheantair. | | |
| Eolas Breise: | Stocaireacht a dhéanamh le cinntiú go mbeidh Gaeilge líofa ag oibrithe sláinte. Ba cheart go mbeadh daoine a bhíonn ag soláthar seirbhísí sláinte i gCeantar na nOileán, lán-ábalta déileáil le cainteoirí líofa Gaeilge. Ba chóir go mbeadh ábhar mar bhileoga eolais agus fógraí sna seomraí feithimh ar fáil i nGaeilge. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), na seirbhísí sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Comhar Chuigéal, Údarás na Gaeltachta, Oifig an Choimisinéara Teanga. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Socruithe<br>Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm | | |
| Costas measta iomlán: | €1,050 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-7: €150. Ábhar a phriontáil, ranganna Gaeilge d'oibrithe sláinte a eagrú. | | |
| Foinse maoinithe: | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: oibrithe sláinte a fháil a bhfuil Gaeilge acu.<br>Réiteach: teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí sláinte maidir le cumas Gaeilge a gcuid oibrithe, ranganna Gaeilge a chur ar fáil agus poiblíocht a dhéanamh orthu. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart. Beidh cruinnithe/plé/comhaontú le déanamh leis na seirbhísí sláinte atá gníomhach san LPT. Beidh aiseolas freisin le bailiú ón bpobal maidir le dul chun cinn. | | |

**Beart 6.9.2. Stocaireacht a dhéanamh ar mhaithe le seirbhísí stáit trí Ghaeilge**

| Réimsí: | H | Critéir pleanála teanga: | 3, 13, 18 |
|---|---|---|---|
| Aidhm: | Go mbeadh seirbhísí stáit trí Ghaeilge ar fáil do mhuintir an cheantair. | | |
| Eolas breise: | Stocaireacht a dhéanamh le cinntiú go mbeadh seirbhísí stáit le fáil trí Ghaeilge do mhuintir an cheantair - mar shampla seirbhísí a bhaineann le sochar leasa shóisialaigh, seirbhísí rialtais, seirbhísí a bhaineann le cúrsaí cánach, le hiompar poiblí, le cúrsaí oideachais agus le seirbhísí airgeadais. | | |
| Páirtithe leasmhaire: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Comhar Chuigéal, Údarás na Gaeltachta, Oifig an Choimisinéara Teanga, ranna agus comhlachtaí stáit. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Na seirbhísí a aithint agus clár oibre a aontú<br>Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm an chláir oibre | | |
| Costas measta iomlán: | €700 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-7: €100. Ábhar a dhearadh/phriontáil | | |
| Foinse Maoinithe: | Ranna stáit cuí | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: oibrithe stáit a bheith ar fáil a bhfuil Gaeilge acu.<br>Réiteach: teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éagsúla stáit maidir le cumas Gaeilge a gcuid oibrithe, deiseanna foghlama a chur ar fáil. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart. Beidh cruinnithe/plé/comhaontú le déanamh le gach seirbhís stáit atá gníomhach san LPT. Beidh aiseolas freisin le bailiú ón bpobal. Oibreofar i gcomhar le Ceanneagraíochtaí eile ar an mbeart seo. | | |

**Beart 6.9.3. Seirbhísí Eaglasta trí Ghaeilge a chinntiú**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | H | Critéir pleanála teanga: | 3, 13, 18 |
| Aidhm: | Go leanfar ag cur Seirbhísí Eaglasta trí Ghaeilge ar fáil do mhuintir an cheantair. | | |
| Eolas breise: | Cinntiú go mbeidh an Ghaeilge in uachtar sna seirbhísí eaglasta i gcónaí. (Féach thuas torthaí suirbhé pobail 6.1.6. - Imeachtaí & seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge). | | |
| Páirtithe leasmhaire: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), an chléir go háitiúil, Ard-Deoise Thuama, Comhar Chuigéal, Údarás na Gaeltachta, Oifig an Choimisinéara Teanga. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Socruithe agus clár oibre a chur le chéile<br>Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm | | |
| Costas Measta iomlán: | €350 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-7: €50. Ábhar a phriontáil, fógraíocht | | |
| Foinse Maoinithe: | An eaglais | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: an Ghaeilge a bheith in úsáid sna seirbhísí eaglasta.<br>Réitigh: teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis chuí maidir le cumas Gaeilge aon sagart nua a thagann isteach sa gceantar. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart trí theagmháil rialta a bheith leis an eaglais go háitiúil agus aiseolas a fháil ón bpobal. | | |

**Beart 6.9.4. Stocaireacht le go dtiocfadh an leabharlann taistil go Ceantar na nOileán**

| Réimsí: | C, D, H,J | Critéir pleanála teanga: | 10, 18 |
|---|---|---|---|
| Aidhm: | Fáil a bheith ag pobal an cheantair ar stoc leathan leabhar Gaeilge, le haghaidh gach aoisghrúpa. | | |
| Eolas Breise: | Feachtas le go dtabharfadh an leabharlann taistil cuairt rialta ar Cheantar na nOileán. Faoi láthair ní fhreastalaíonn an leabharlann ach ar cheantair Chois Fharraige agus Charna. Teacht a bheith ag pobal an cheantair ar ábhar léitheoireachta Gaeilge. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Comhairle Chontae na Gaillimhe, Muintearas Teo., an pobal. | | |
| Saolré: | Bliain 2: Stocaireacht<br>Bliain 3-7: Cur i bhfeidhm | | |
| Costas Measta iomlán: | €3,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 2-7: €500. Poiblíocht, ábhar a dhearadh/phriontáil | | |
| Foinse Maoinithe: | Comhairle Chontae na Gaillimhe | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: dul i bhfeidhm ar dhaoine, geallúint a fháil ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe.<br>Réitigh: tacaíocht a fháil ón bpobal, ionadaithe poiblí áitiúla, stocaireacht a dhéanamh. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart trí thaifead a choinneáil ar líon na ndaoine a bheidh ag úsáid na seirbhíse chomh maith le haiseolas a iarraidh ón bpobal. | | |

## 6.10. Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil

### Beart 6.10.1. Scéim tithíochta do dhaoine ag filleadh ar an gceantar

| Réimsí: | B, I | Critéir pleanála teanga: | 11, 17, |
|---|---|---|---|
| Aidhm: | Tithíocht a bheith ar fail dóibh siúd atá ag filleadh ar Cheantar na nOileán. | | |
| Eolas Breise: | I gcomhar leis na heagraíochtaí pobail sa cheantar, taighde a dhéanamh ar na céimeanna a bheadh riachtanach le cinntiú go mbeadh tithe ar fáil dóibh siúd atá ag teacht ar ais chuig an gceantar as tíortha eile nó as áiteanna eile ar fud na tíre. Bheadh coinníoll teanga ag baint le scéim tithíochta. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Comhar Chuigéal Muintearas Teo., an pobal, Comhairle Chontae na Gaillimhe, ionadaithe poiblí áitiúla. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Taighde le déanamh - comhairliúchán<br>Blain 5-7: Le deimhniú ag brath ar thorthaí an taighde | | |
| Costas measta iomlán: | Le cinntiú | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Le cinntiú | | |
| Foinse Maoinithe: | Comhairle Chontae na Gaillimhe | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: tacaíocht ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, maoiniú. Réitigh: éileamh a dhéanamh, stocaireacht. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht agus Muintearas monatóireacht ar an gcur i bhfeidhm. Beidh aiseolas rialta i gceist agus taifead á choimeád ar líon na dteaghlach a bhainfeadh úsáid as an scéim. | | |

**Beart 6.10.2. Stocaireacht le go mbeadh seirbhís den scoth leathanbhanda ar fáil i gCeantar na nOileán**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | H, I | Critéir pleanála teanga: | 18 |
| Aidhm: | Fáil ag an bpobal ar seirbhís mhaith leathanbhanda. | | |
| Eolas breise: | I gcomhar le heagraíochtaí pobail eile sa cheantar stocaireacht a dhéanamh le go mbeadh seirbhís cuí leathanbhanda ar ardluas le fáil sa gceantar a chuideodh le cruthú fostaíochta agus le buanú an phobail sa LPT. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Comhar Chuigéal, comhlachtaí agus gnóthaí áitiúla, scoileanna agus an pobal áitiúil, Muintearas Teo., Údarás na Gaeltachta, ionadaithe poiblí áitiúla. | | |
| Saolré: | Bliain 2: Cur chuige stocaireachta, plé le Ceanneagraíochtaí eile, comhairliúchán agus clár oibre<br>Blain 3-7: Fáil agus úsáid na seirbhíse | | |
| Costas measta iomlán: | €6,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 2-7: €1,000. Stocaireacht agus comhairliúcháin. | | |
| Foinse maoinithe: | Scéim Náisiúnta Leathanbhanda | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: Feasacht a ardú, éileamh a chruthú, dul i bhfeidhm ar chomhlachtaí.<br>Réitigh: cruinnithe a eagrú, dul i dteagmháil le heagraíochtaí áitiúla, tacaíocht a fháil, stocaireacht a dhéanamh ar chomhlachtaí mar Eir. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar dhul chun cinn an bhirt seo i gcomhar le Ceanneagraíochtaí pleanála teanga eile. | | |

**Beart 6.10.3. Tascfhórsa fostaíochta a éileamh**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | 14 | Critéir pleanála teanga: | E, I |
| Aidhm: | An pobal teanga a bhuanú trí thascfhórsa fostaíochta a bhunú i gCeantar na nOileán chun feabhas a chur ar chúrsaí fostaíochta sa gceantar | | |
| Eolas breise: | Tascfhórsa fostaíochta a bhunú i gCeantar na nOileán chun plean fostaíochta a chruthú. I measc na n-ábhar atá ábhartha don cheantar a bheadh le plé ag an tascfhórsa tá: tacaíocht le fiontar agus fostaíocht áitiúil, infheistíocht thionsclaíoch, dul i ngleic le míbhuntáiste, deiseanna/tacaíochtaí dóibh siúd atá dífhostaithe go fadtéarma agus daoine óga atá dífhostaithe, oideachas leantach, printíseachtaí nó cúrsaí oiliúna de dhea-chaighdeán agus scileanna infhostaitheachta a fheabhsú. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Comhar Chuigéail, ionadaithe pobail áitiúila, Údarás na Gaeltachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus áisíneachtaí eile a bhfuil freagracht orthu ó thaobh cruthú fostaíochta agus forbairt seirbhísí | | |
| Saolré: | Bliain 1: Bunú an tascfhórsa.<br>Bliain 2-3: Feidhmiú agus tuairisc ón tascfhórsa<br>Bliain 4-7: Moltaí an tascfhórsa a chur i bhfeidhm | | |
| Costas measta iomlán: | Le cinntiú | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Le cinntiú | | |
| Foinse Maoinithe: | Údarás na Gaeltachta | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: Éileamh don tascfhórsa a léiriú, bunú an tascfhórsa.<br>Réitigh: Cruinnithe eolais a eagrú, poiblíocht, stocaireacht a dhéanamh leis na ranna/eagrais stáit ábhartha. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar bhunú an tascfhórsa agus a dhul chun cinn. | | |

## 6.11. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

### Beart 6.11.1. Comórtas amhránaíochta a eagrú go háitiúil

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | C, D, J | Critéir pleanála teanga: | 8, 10, 11, 12 |
| Aidhm: | An Ghaeilge a chur chun cinn trí amhránaíocht. Tábhacht le mórtas cine agus bród sa gceantar a chothú. | | |
| Eolas breise: | Comórtas amhránaíochta nuachumtha a eagrú go háitiúil. Oícheanta scléipe/airneáin a eagrú agus imeachtaí a eagrú do chatagóirí éagsúla aoise. Duaiseanna a chur ar fáil. An comórtas a eagrú mar pháirt de na féilte a bhíonn ar siúl go háitiúil sa gceantar (Féile na nOileán, Féile Chuigéil). | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Muintearas Teo., Gael Linn, daoine óga, tuismitheoirí, múinteoirí. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Ullmhúchán agus socruithe<br>Bliain 1-7 Cur i bhfeidhm, athbhreithniú rialta | | |
| Costas measta iomlán: | €7,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-7: €1000. Ábhar a dhearadh/phriontáil, ionaid a fháil ar chíos, duaiseanna a chur ar fáil. | | |
| Foinse maoinithe: | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: meitheal daoine a fháil, poiblíocht.<br>Réitigh: oíche eolais a eagrú sa gceantar, feasacht a ardú sna meáin shóisialta, fógraí sna séipéil, na hallaí áitiúla nó tithe ósta an cheantair a úsáid mar ionaid. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt. Beidh taifead á choimeád ar líon na ndaoine a bheidh páirteach sna comórtais agus aon aiseolas ó na rannpháirtithe. | | |

**Beart 6.11.2. Ceardlanna scríbhneoireachta a eagrú**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | C, D, J | Critéir pleanála teanga: | 8, 10, 11, 12 |
| Aidhm: | An Ghaeilge a bhuanú agus a fhorbairt sa gceantar trí cheardlanna scríbhneoireachta a eagrú. | | |
| Eolas breise: | Ceardlanna scríbhneoireachta a eagrú sa gceantar, áit a mbeadh drámaí/agallaimh beirte/filíocht á gcumadh iontu. D'fhéadfaí aoichainteoirí a thabhairt isteach agus comórtais a eagrú. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Muintearas Teo., Conradh na Gaeilge, Ealaín na Gaeltachta Teo. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Ullmhúchán agus eagrú na gceardlanna<br>Bliain 1-7: Reáchtáil na gceardlann, athbhreithniú rialta | | |
| Costas measta iomlán: | €2,450 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-7: €350. Fógraíocht, ábhar a réiteach do na ceardlanna, aoichainteoirí a aimsiú, comórtais a reáchtáil. | | |
| Foinse maoinithe: | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: daoine a spreagadh le páirt a ghlacadh sna ceardlanna.<br>Réitigh: feachtas poiblíochta a eagrú, ábhar mealltach a thairiscint. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart. Déanfar taifead ar líon na gceardlann, líon na ndaoine a bheidh ag glacadh páirte agus iarrfar aiseolas ó na rannpháirtithe. | | |

**Beart 6.11.3. Páirc spóirt a bhunú sa gceantar (Leitir Móir)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | J | Critéir pleanála teanga: | 10 |
| Aidhm: | Áiseanna spóirt a bheith ar fáil sa gceantar chun freastal ar an bpobal go léir, bheadh deis ag muintir an cheantair teacht le chéile. | | |
| Eolas breise: | I gcomhar le heagraíochtaí pobail sa gceantar páirc spóirt a bhunú i Leitir Móir áit a mbeadh áiseanna spóirt agus caitheamh aimsire do ghasúir/déagóirí/daoine fásta. Bheadh páirceanna peile, páirc astro agus páirc chispheile mar chuid de. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Comhar Chuigéal, an RCOG, Comhairle Chontae na Gaillimhe, na scoileanna agus an pobal áitiúil. | | |
| Saolré: | Bliain 2: Pleanáil, ullmhúchán, comhairliúcháin<br>Bliain 3-7: Cur i bhfeidhm | | |
| Costas measta iomlán: | €240,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Blain 2-7: €40,000 - conraitheoirí, oibrithe a fhostú, trealamh. | | |
| Foinse maoinithe: | An RCOG | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: stocaireacht a dhéanamh le Comhairle Chontae na Gaillimhe, an pobal a spreagadh, maoiniú a aimsiú.<br>Réitigh: plé déanta faoi sa phobal – coiste bunaithe. Clár oibre agus spriocanna a leagan amach. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart trí chlár oibre le spriocanna a chur i gcrích. Coimeádfar taifead ar líon na ndaoine a úsáideann na háiseanna agus iarrfar aiseolas ón bpobal maidir le caighdeán na n-áiseanna. | | |

### 6.12. Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina leith

#### Beart 6.12.1. Comharthaí na mBailte

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | K | Critéir pleanála teanga: | 3, 13, 17, 18 |
| Aidhm: | Bród agus mórtas a chothú sa gceantar agus an Ghaeilge a bheith feiceálach ar chomharthaí. | | |
| Eolas breise: | Go mbeadh comharthaí na mbailte sa gceantar go léir trí Ghaeilge mar aon le bóithre (beifear ag déanamh iarracht dul i bhfeidhm ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le caighdeán Gaeilge na gcomharthaí atá á gcur suas). Comharthaí ar chéibheanna, logainmneacha agus bealaí siúlóide. D'fhéadfaí scéim a bhunú chun daoine a thraenáil le hobair a dhéanamh ar na comharthaí éagsúla, mar shampla obair cloiche. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Comhar Chuigéal, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Údarás na Gaeltachta, Glór na nGael agus an pobal áitiúil. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Clár oibre a aontú le páirtithe éagsúla<br>Bliain 2-3: Cur i bhfeidhm | | |
| Costas measta iomlán: | €80,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1: €15,950. Bliain 2-3: €25,000, Bliain 4: €14,050. Ábhar mar stroighin agus trealamh a cheannach, íocaíocht do oibrithe/ceardaithe. | | |
| Foinse maoinithe: | Le cinntiú | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: maoiniú a aimsiú, ábhar a fháil, conraitheoirí a fhostú. Réitigh: teagmháil a dhéanamh le Comhairle Chontae na Gaillimhe, cruinnithe a eagrú leis an bpobal, comhairle a fháil ó mhuintir Chois Fharraige a bhfuil a mhacasamhail de thogra ar siúl acu. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar dul chun cinn na hoibre, taifead a choinneáil ar líon na gcomharthaí a bheidh ag teastáil, ábhar a réiteach. | | |

**Beart 6.12.2. Stocaireacht a dhéanamh ar mhaithe le scéim scrúdaithe teaghlaigh**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | H, K | Critéir pleanála teanga: | 3,13,15,18 |
| Aidhm: | Éileamh a dhéanamh ar scéim scrúdaithe teaghlaigh a dhéanfadh an Ghaeilge a spreagadh i measc teaghlaigh an cheantair. | | |
| Eolas breise: | Stocaireacht a dhéanamh ar mhaithe le scéim scrúdaithe teaghlaigh a thabhairt isteach. Bheadh an scéim seo ag teacht in áit Scéim Labhairt na Gaeilge mar a bhí. Faoin scéim seo bheadh scoláireachtaí/tacaíochtaí le fáil ag na teaghlaigh sin a labhraíonn Gaeilge. Freisin bheadh cead acu scoláirí Gaeilge ó na coláistí Samhraidh a choinneáil fad a shásódh siad coinníollacha an scrúdaithe teaghlaigh. Bheadh buntáistí sa mbreis ó thaobh cúrsaí oideachais ar fáil do na teaghlaigh freisin, mar shampla pointí breise san ardteist, scoláireachtaí tríú leibhéial, cuairteanna thar lear, malartú le hollscoileanna/scoileanna thar lear le cláracha Gaeilge. Bheadh aitheantas náisiúnta ar fáil freisin do na ceantair Ghaeltachta isfearr a n-éireoidh leo sa scéim seo. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), an RCOG, Údarás na Gaeltachta, tuismitheoirí, múinteoirí agus an pobal. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Stocaireacht i bpáirt le Ceanneagraíochtaí eile<br>Bliain 2-7: Poiblíocht ar an scéim | | |
| Costas measta iomlán: | Buiséad faoi stiúir an RCOG | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Le cinntiú | | |
| Foinse Maoinithe: | An RCOG | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: an gá atá le scéim a léiriú, maoiniú a aimsiú.<br>Réitigh: moltaí a dhéanamh i leith scéim nua scrúdaithe teaghlaigh, stocaireacht le déanamh ag an bpobal. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Is ról stocaireachta a bheidh ag an gCeanneagraíocht leis an scéim a éileamh ach is í an RCOG a bheidh freagrach as an scéim. Oibreofar i gcomhar le Ceanneagraíochtaí eile ar an mbeart seo. | | |

**Beart 6.12.3. Tacaíocht do Chomórtas Peile na Gaeltachta 2020**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | C, D, J | Critéir pleanála teanga: | 10, 11, 12 |
| Aidhm: | Tacaíocht do Chomórtas Peile na Gaeltachta 2020. | | |
| Eolas breise: | Beidh comórtas Peile na Gaeltachta á reáchtáil i gceantar na nOileán in 2020. Is deis iontach í seo cultúr agus féiniúlacht Ghaelach na háite a thaispeáint. Beidh cúnamh agus tacaíocht ag teastáil maidir le comharthaí, fógraíocht, deisiúcháin, meitheal oibre agus eile. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Comhar Chuigéal, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Muintearas Teo., Cumann Peile Naomh Anna, an pobal, Údarás na Gaeltachta, An RCOG, Cumann Lúthchleas Gael. | | |
| Saolré: | Bliain 1-3: Ullmhúchán, socruithe, eagrúchán.<br>Bliain 3: Reáchtáil an Chomórtais. | | |
| Costas measta iomlán: | €21,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 1-3: €7,000. Ábhar mar chomharthaí a dhearadh/phriontáil, trealamh cuí tógála, deisiúcháin ar bhóithre/cosáin. | | |
| Foinse maoinithe: | Cumann Lúthchleas Gael/foinsí eile | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: meitheal oibre a thabhairt le chéile, fógraíocht, deisiúcháin srl.<br>Réitigh: cruinnithe poiblí a eagrú, treoir a fháil ó na ceantair eile a reáchtáil ócáid mar seo cheana, tacaíocht chuí ón gComhairle Chontae agus An RCOG. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | An Cheanneagraíocht agus an pobal a dhéanfaidh monatóireacht ar an mbeart seo. | | |

## Beart 6.12.4. Club Drámaíochta a bhunú sa gceantar

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | J | Critéir pleanála teanga: | 10 |
| Aidhm: | Bród a chothú i measc mhuintir an cheantair. An pobal a thabhairt le chéile, idir óg agus aosta agus saibhreas teanga a fhorbairt. | | |
| Eolas breise: | Club drámaíochta a bhunú sa gceantar. Áisitheoirí a bheith ar fáil chun treoir agus tacaíocht a thabhairt. Bheadh an Ghaeilge in uachtar i gcónaí in imeachtaí an chlub. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Muintearas Teo., Fíbín, Ealaín na Gaeltachta, Comhar Chuigéal. | | |
| Saolré: | Bliain 2: Socruithe a dhéanamh<br>Bliain 3-7: Bunú an chlub, baill a earcú, léiriú agus stáitsiú drámaí. | | |
| Costas measta iomlán: | €12,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 2-7: €2,000. Ionad oiriúnach a aimsiú, áisitheoirí a íoc, taisteal, sólaistí, trealamh. | | |
| Foinse maoinithe: | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: an pobal a spreagadh le bheith páirteach.<br>Réitigh: cruinnithe a eagrú, drámaí maithe a roghnú, tacaíocht a fháil ó chumainn drámaíochta eile. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart seo i gcomhar leis an bpobal, na háisitheoirí agus an tOifigeach Óige. Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a ghlacann páirt agus beidh aischothú le fáil ó na rannpháirtithe chomh maith. | | |

**Beart 6.12.5. Bothán na bhfear agus na mban a bhunú sa gceantar**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Réimsí: | C, J | Critéir pleanála teanga: | 10 |
| Aidhm: | An pobal a thabhairt le chéile agus deis an Ghaeilge a chur chun cinn go sóisialta. | | |
| Eolas breise: | Go mbunófaí bothán na bhfear agus na mban i gCeantar na nOileán. Áis shóisialta a bheadh ann chomh maith le deis a thabhairt do na rannpháirtithe scileanna nua a fhoghlaim. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), *Irish Men's Sheds Association*, Muintearas Teo., Comhar Chuigéal. | | |
| Saolré: | Bliain 2: Ullmhúchán, cruinnithe<br>Bliain 3-7: Cur i bhfeidhm | | |
| Costas measta iomlán: | €15,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Bliain 2-7: €2,500. Ábhar ceardaíochta a cheannach, priontáil (poiblíocht), trealamh, sólaistí. | | |
| Foinse maoinithe: | Buiséad Pleanála Teanga | | |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: urraíocht, ionaid chuí a aimsiú.<br>Réitigh: éileamh a dhéanamh ar an RCOG. | | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar an mbeart. Coinneofar taifead ar líon na rannpháirtithe agus na himeachtaí a bheidh ar siúl. | | |

## 8. Costais

De réir comhfhreagrais ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta cuirfear allúntas de €100,000 ar fáil don Cheanneagraíocht don chéad bhliain d'fheidhmiú an phlean teanga i LPT Cheantar na nOileán. Fágann sin nach mbeidh ar chumas na Ceanneagraíochta tús a chur le gach beart atá sa phlean teanga san cúinsí reatha. Tá súil ag an gCeanneagraíocht go mbeidh fáil ar fhoinsí eile maoinithe chun tacú le cur i bhfeidhm na mbeart atá sa phlean teanga.

Seo iad na costais a bhaineann le feidhmiú an phlean teanga thar seacht mbliana:

### 1. Oifigeach Pleanála Teanga, Costais Fostaíochta/Oifige

| Bearta | Foinse Maoinithe | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tuarastal (a) | Buiséad Pleanála Teanga | €35,000 | €37,500 | €40,000 | €42,500 | €45,000 | €47,000 | €50,000 |
| Taisteal & cothabháil | Buiséad Pleanála Teanga | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 |
| Cíos oifige | Buiséad Pleanála Teanga | €8,000 | €8,000 | €8,000 | €8,000 | €8,000 | €8,000 | €8,000 |
| Costas oifige (b) | Buiséad Pleanála Teanga | €8,000 | €8,000 | €8,000 | €8,000 | €8,000 | €8,000 | €8,000 |
| | **Iomlán** | **€54,000** | **€56,500** | **€59,000** | **€61,500** | **€64,000** | **€66,000** | **€69,000** |

**a. €35k-€50k don Oifigeach Pleanála Teanga;**
**b. Trealamh ginearálta (Leictreachas, fón, teas, idirlíon, árachas, stáiseanóireacht).**

## 2. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

| Bearta | Foinse Maoinithe | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Scéim teanga/litríochta | BPT | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 |
| Scéim na gCúntóirí Teanga | Eile | €20,000 | €20,000 | €20,000 | €20,000 | €20,000 | €20,000 | €20,000 |
| Téacsleabhair Ghaeilge | Eile | | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €5,000 |
| Cuairt TG4 | Eile | | €3,500 | €3,500 | €3,500 | €3,500 | €3,500 | €3,500 |
| Laochra teanga | BPT | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 |
| Fóram aitheantais Gaeltachta | BPT | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 |
| | **Iomlán** | **€26,000** | **€34,500** | **€34,500** | **€34,500** | **€34,500** | **€34,500** | **€6,000** |
| | **Iomlán BPT** | **€6,000** | **€6,000** | **€6,000** | **€6,000** | **€6,000** | **€6,000** | **€6,000** |
| | **Iomlán Foinsí Eile** | €20,000 | €28,500 | €28,500 | €28,500 | €28,500 | €28,500 | €28,500 |

## 3. Seirbhísí Cúram Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

| Bearta | Foinse Maoinithe | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tacaíocht ghinearálta, ionad eolais, lámhleabhair | BPT | €5,000 | 5,000 | 6,000 | 6,000 | 6,000 | 6,000 | 6,000 |
| Scéim cuairteanna baile | BPT | 2,000 | 2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 |
| Scéim tacaíochta teanga do chainteoirí dúchais | BPT | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 |
| | **Iomlán** | **€11,000** | **€11,000** | **€12,000** | **€12,000** | **€12,000** | **€12,000** | **€12,000** |

## 4. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí eile

| Bearta | Foinse Maoinithe | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Club óige do dhéagóirí a bhunú | BPT | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 |
| Oifigeach Óige (a) | BPT | | €35,000 | €35,000 | €35,000 | €40,000 | €40,000 | €40,000 |
| Coiste na nÓg | BPT | | €500 | €500 | €500 | €500 | €500 | €500 |
| Áisitheoirí óige | BPT | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 |
| Club digiteach | BPT | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 |
| Club iomraimh/seoltóireachta | BPT | | €1000 | €1000 | €1000 | €1000 | €1000 | €1000 |
| | **Iomlán** | **€6,000** | **€42,000** | **€42,500** | **€42,500** | **€47,500** | **€47,500** | **€47,500** |

**(a) 35k-40k don Oifigeach Óige**

## 5. Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais

| Bearta | Foinse Maoinithe | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ciorcal comhrá | BPT | 2,000 | 2,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 |
| Imeachtaí TnaG | BPT | 2,000 | 2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 |
| | **Iomlán** | **€4,000** | **€4,000** | **€5,000** | **€5,000** | **€5,000** | **€5,000** | **€5,000** |
| | **Iomlán BPT** | **€4,000** | **€4,000** | **€5,000** | **€5,000** | **€5,000** | **€5,000** | **€5,000** |

## 6. An Earnáil Ghnó

### An Earnáil Ghnó

| Bearta | Foinse Maoinithe | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cur le féiniúlacht Ghaelach an cheantair | BPT | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 |
| Poiblíocht a dhéanamh ar choláistí samhraidh | BPT | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 |
| | **Iomlán** | **€6,000** | **€6,000** | **€6,000** | **€6,000** | **€6,000** | **€6,000** | **€6,000** |

## 7. Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn

| Bearta | Foinse Maoinithe | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Plean turasóireachta | BPT | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 |
| Suirbhé seandálaíochta | BPT | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 |
| | **Iomlán** | **€3,000** | **€3,000** | **€3,000** | **€3,000** | **€3,000** | **€3,000** | **€3,000** |

## 8. Na Meáin Chumarsáide

| Bearta | Foinse Maoinithe | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Ghaeilge & na Meáin Shóisialta | BPT | | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 |
| | **Iomlán** | | **€2,000** | **€2,000** | **€2,000** | **€2,000** | **€2,000** | **€2,000** |

## 9. Seirbhísí Poiblí

| Bearta | Foinse Maoinithe | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Seirbhísí sláinte trí Ghaeilge | Eile | | €150 | €150 | €150 | €150 | €150 | €150 |
| Seirbhísí stáit trí Ghaeilge | Eile | | €150 | €150 | €150 | €150 | €150 | €150 |
| Seirbhísí Eaglasta | Eile | €50 | €50 | €50 | €50 | €50 | €50 | €50 |
| Leabharlann Taistil | Eile | | €500 | €500 | €500 | €500 | €500 | €500 |
| | **Iomlán** | **€50** | **€850** | **€850** | **€850** | **€850** | **€850** | **€850** |
| | **Iomlán Foinsí Eile** | **€50** | **€850** | **€850** | **€850** | **€850** | **€850** | **€850** |

## 10. Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil

| Bearta | Foinse Maoinithe | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Scéim tithíochta | Eile | Le cinntiú | | | | | | |
| Seirbhís leathanbhanda | Eile | | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 |
| Tascfhórsa fostaíochta | Eile | Le cinntiú | | | | | | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Iomlán** | | **€1,000** | **€1,000** | **€1,000** | **€1,000** | **€1,000** | **€1,000** |
| | **Iomlán Foinsí Eile** | | **€1,000** | **€1,000** | **€1,000** | **€1,000** | **€1,000** | **€1,000** |

## 11. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

| **Bearta** | **Foinse Maoinithe** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comórtas amhránaíoch ta nuachumtha | BPT | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 |
| Ceardlann scríbhneoireachta | BPT | €350 | €350 | €350 | €350 | €350 | €350 | €350 |
| Páirc Spraoi Leitir Móir | Eile | | €40,000 | €40,000 | €40,000 | €40,000 | €40,000 | €40,000 |
| | **Iomlán** | **€1,350** | **€41,350** | **€41,350** | **€41,350** | **€41,350** | **€41,350** | **€41,350** |
| | **Iomlán BPT** | **€1,350** | **€1,350** | **€1,350** | **€1,350** | **€1,350** | **€1,350** | **€1,350** |
| | **Iomlán Foinsí Eile** | | €40,000 | €40,000 | €40,000 | €40,000 | €40,000 | €40,000 |

## 12. Staid na Gaeilge sa Limistéar

| **Bearta** | **Foinse Maoinithe** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comharthaí bailte | Eile/le cinntiú | €15,950 | €25,000 | €25,000 | €14,050 | | | |
| Scéim scrúdaithe teaghlaigh | Eile | - | - | - | - | - | - | - |
| Tacaíocht do Chomórtas Peile na Gaeltachta 2020 | Eile | €7,000 | €7,000 | €7,000 | | | | |
| Club drámaíochta a bhunú | BPT | | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 |
| Bothán na bhfear & na mBan a bhunú | BPT | | €2,500 | €2,500 | €2,500 | €2,500 | €2,500 | €2,500 |
| | **Iomlán** | **€22,950** | **€36,500** | **€36,500** | **€18,550** | **€4,500** | **€4,500** | **€4,500** |
| | **Iomlán BPT** | | **€4,500** | **€4,500** | **€4,500** | **€4,500** | **€4,500** | **€4,500** |
| | **Iomlán Foinsí Eile** | **€22,950** | **€32,000** | **€32,000** | **€14,050** | | | |

**Achoimre ar chostais an phlean teanga**

| Réimse | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Feidhmiú an phlean | €54,000 | €56,500 | €59,000 | €61,500 | €64,000 | €66,000 | €69,000 | €430,000 |
| An córas oideachais | €26,000 | €34,500 | €34,500 | €34,500 | €34,500 | €34,500 | €6,000 | €204,500 |
| Seirbhísí cúram leanaí srl | €11,000 | €11,000 | €12,000 | €12,000 | €12,000 | €12,000 | €12,000 | €82,000 |
| Seirbhísí óige srl. | €6,000 | €42,000 | €42,500 | €42,500 | €47,500 | €47,500 | €47,500 | €275,500 |
| Deiseanna foghlama | €4,000 | €4,000 | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €33,000 |
| An earnáil ghnó | €6,000 | €6,000 | €6,000 | €6,000 | €6,000 | €6,000 | €6,000 | €42,000 |
| Eagraíochtaí pobail | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €21,000 |
| Meáin chumarsáide | - | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €12,000 |
| Seirbhísí poiblí | €50 | €850 | €850 | €850 | €850 | €850 | €850 | €5,150 |
| Pleanáil & forbairt fhisiciúil | - | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €6,000 |
| Seirbhísí sóisialta | €1,350 | €41,350 | €41,350 | €41,350 | €41,350 | €41,350 | €41,350 | €249,450 |
| Staid na Gaeilge sa LPT | €22,950 | €36,500 | €36,500 | €18,550 | €4,500 | €4,500 | €4,500 | €128,000 |
| | | | | | | | | |
| **Iomlán** | **€134,350** | **€238,700** | **€243,700** | **€228,250** | **€221,700** | **€223,700** | **€198,200** | **€1,488,600** |
| | | | | | | | | |

## 9. Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

Tá sé ríthábhachtach ar ndóigh go mbeadh fáil éasca ag an bpobal ar gach eolas a bhaineann leis an bplean teanga. Is féidir é seo a dhéanamh ar go leor bealaí, mar shampla cóip den phlean féin a bheith ar fáil ar líne agus sna hionaid éagsúla pobail, leithéidí oifigí Chomhairle Ceantar na nOileán, i Muintearas Teo., i gComhar Chuigéal, i Spórtlann Naomh Anna, sna séipéil, sna scoileanna agus sna siopaí. D'fhéadfaí achoimre ghearr den phlean a bheith ar fáil sna háiteanna seo chomh maith le bheith i bhfoirm bileog eolais. Tá na meáin shóisialta lárnach freisin maidir le cúrsaí poiblíochta agus feasachta. D'fhéadfaí úsáid éifeachtach a bhaint as na háiseanna seo chun eolas a scaipeadh i measc an phobail mar shampla suíomh idirlín ar leith a chruthú. Bheadh sé tábhachtach freisin úsáid a bhaint as na meáin ghinearálta mar RTÉ Raidió na Gaeltachta, Tuairisc.ie agus An Curadh Connachtach. Beidh béim ar leith á cur ar bhearta an phlean teanga in aon phoiblíocht/feasacht a dhéantar chun go dtuigfidh an pobal tábhacht an phlean don cheantar.

# 10. Feidhmiú agus Monatóireacht

De réir na dTreoirlínte Pleanála Teanga atá leagtha amach ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge, beidh saolré seacht mbliana i gceist maidir le cur i bhfeidhm gach plean teanga. Moltar go ndéanfaí athbhreithniú ar dhul chun cinn an phlean gach sé mhí chun a chinntiú go bhfuil na spriocanna á mbaint amach agus chun tionchar agus éifeacht na mbeart a thomhas. Beidh sé seo tábhachtach chomh maith chun aon laigí nó bearnaí a bhaineann leis na bearta a fháil amach agus réiteach chuí a chur i gcrích. Tá sé leagtha amach sa bplean go mbeidh Oifigeach Pleanála Teanga ag obair go lánaimseartha ar an bplean chomh maith le hOifigeach Óige. Beidh freagracht ar leith ar an Oifigeach Óige as an réimse oibre a bhaineann leis an óige a bhrú ar aghaidh, chomh maith le gnéithe eile den phlean de réir mar a theastaíonn. Beidh an tOifigeach Pleanála Teanga freagrach as na cúraimí agus gníomhaíochtaí riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm an phlean teanga, thar gach réimse. Déanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht leanúnach ar obair na foirne pleanála teanga le cinntiú go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh de réir chlár oibre an phlean teanga.

## 10.1. Ról na Ceanneagraíochta

Déanfaidh an Cheanneagraíocht (Comhairle Ceantar na nOileán) monatóireacht agus maoirseacht ar chur i bhfeidhm phlean teanga Cheantar na nOileán. I measc na gcúraimí a bheidh ar an gCeanneagraíocht beidh:

- Coiste Feidhmithe Pleanála Teanga a bhunú le hionadaithe ó na hearnálacha éagsúla pobail
- Earcaíocht a dhéanamh ar Oifigeach Pleanála Teanga/Oifigeach Óige agus bord agallaimh a ainmniú chun na poist a líonadh
- Láthair oibre a chur ar fáil don Oifigeach Pleanála Teanga/Oifigeach Óige
- Cumarsáid rialta leis an Oifigeach Pleanála Teanga/Oifigeach Óige
- Cruinnithe a reáchtáil chun tuairimí agus moltaí a phlé
- Poiblíocht a dhéanamh ar an bplean teanga
- Gréasán teagmhálaithe a bhunú de shaineolaithe agus de chomhairleoirí pleanála teanga
- Cruinnithe agus ceardlanna leis na LPTanna eile a reáchtáil
- Monatóireacht ar fheidhmiú bearta an phlean teanga
- Taifead a choimeád ar thuairiscí agus aiseolas ón bpobal maidir le héifeacht na mbeart
- Míreanna faoin bplean teanga a chur ar shuíomh idirlín Chomhairle Ceantar na nOileán.

## 10.2. Táscairí Feidhmíochta

Beidh táscairí feidhmíochta den mhúnla seo a leanas in úsáid chun a chinntiú go bhfuil spriocanna an phlean á mbaint amach:

| **Táscaire Feidhmíochta** | **An Sprioc** | **An Toradh (le líonadh ag deireadh na bliana)** |
|---|---|---|
| | | |
| **Nótaí** | | |

# Leabharliosta

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2016. *Treoirlínte Pleanála Teanga - Eagrán 3*: Baile Átha Cliath: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016. *Polasaí don Soláthar Oideachais Gaeltachta 2017-2022*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Dunne, M. & Hickey, T. 2017. *Cleachtais agus Rogha Léitheoireachta an Aos Óg*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ní Dhonnabháin, A. 2014. *An Dátheangachas & an tAitheantas*. Tráchtas Ph.D., Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Ní Dhúda, L. 2014. *Roghanna: Lámhleabhar Eolais faoin bPleanáil Teanga*. Ráth Chairn: Glór na nGael Teo.

Ní Thuairisg, L. 2014. *Léargas ar thaithí mhúinteoirí iar-bhunscoileanna na Gaeltachta: Dúshláin ghairmiúla agus riachtanais oiliúna*. Tráchtas Ph.D., Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath.

Ó Brolcháin, C. 2015. *Iniúchadh ar Mhúnlaí Luath-oideachais Dhátheangaigh i mBunscoileanna Gaeltachta*. Tráchtas Ph.D., Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Laoire, M. (eag.). (2016) *An Tumoideachas: Bua nó Dua?* An Chéad Chomhdháil Taighde Uile-oileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. & O’Brien, M., 2007a. *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhthátal agus Moltaí*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Giollagáin, C. & Charlton, M., 2015. *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.

Péterváry, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C. & Sheahan, J., 2014. *Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

# Foinsí Eolais

**Foinsí Faisnéise Idirlín**

Acht na Gaeltachta, 2012 http//acts.oireachtas.ie/

http://www.cogg.ie

ÚnaG: www.udaras.ie

An Roinn Cultúir, Oidhreachta, agus Gaeltachta: www.chg.gov.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh: www.cso.ie

Gaillimh le Gaeilge: www.gleg.ie/

Foras na Gaeilge: www.forasnagaeilge.ie/

http://www.gaois.ie/blg/ga/seiminear-poibli-ar-an-riomhaireacht-sa-ghaeilge/

http://tuairisc.ie/leagan-gaeilge-de-whatsapp-le-cur-ar-fail-go-luath-2/

http://tuairisc.ie/labhairt-na-gaidhlig-sa-bhaile-an-chead-cheim-i-slanu-na-teanga-taighde-nua/

First Language - The Race to Save Cherokee
https://www.youtube.com/watch?v=e9y8fDOLsO4

Rising Voices / Hótȟaŋiŋpi - Revitalizing the Lakota Language
https://www.youtube.com/watch?v=Wr-jackHWCw

http://www.mothertongues.ie/

http://www.ourmothertongues.org/Home.aspx

http://livingtongues.org/

Te Ture mō Te Reo Māori 2016 – Acht Teanga na Māori 2016
http://www.legislation.govt.nz/act/public/2016/0017/latest/DLM6174509.html?search=ts_act_Maori+language_resel_25_a&p=

# Aguisín 1

## Suirbhé an diaspóra

Mar pháirt den taighde sheol muid ceistneoirí i bhfoirm ríomhphoist amach ag grúpa daoine as ceantar na nOileán atá lonnaithe thar lear anois, seo thíos samplaí de na freagraí a tháinig ar ais chugainn as Meiriceá, An Ghearmáin, An Fhrainc agus an Astráil.

**1**

- **An bhfuil dream eile as Ceantar na nOileán/Conamara/Éirinn timpeall ort thall?**
  Ar a laghad tá duine amháin eile as Ceantar na nOileán ina gcónaí san áit chéanna liom, cúpla duine eile as Conamara ach taobh amuigh de Cheantar na nOileán agus roinnt mhaith Éireannach eile nach as Conamara iad.
- **An mbíonn an Ghaeilge á cloisteáil am ar bith san áit a bhfuil tú lonnaithe? Cé hiad na hócáidí nó áiteanna a chloisfeá Gaeilge?**
  Nuair a chastar muintir Chonamara orm anseo go sóisialta nó má bhím ar an bhfón leo, is Gaeilge a bhíonn á húsáid againn. Bíonn an Ghaeilge á húsáid agus le cloisteáil amannta i mo chuid oibre.
- **An mbíonn tú ag caint le do mhuintir sa mbaile go minic?**
  Tá m'athair agus mo mháthair ar shlí na fírinne. Nuair a bhíodar beo, chuirfinn glaoch gutháin orthu uair sa tseachtain ar a laghad. Ní bhím ag caint le mo dheirfiúracha ná le mo dheartháireacha agus mé thar lear. Bíonn teagmháil téacs (SMS) agus Facebook agam le deartháir amháin beagnach chuile lá. Is i mBéarla a bhíonn an caidreamh sin.
- **An dtagann tú abhaile go minic?**
  Tagaim abhaile trí nó cheithre huaire sa mbliain, faoi Nollaig, faoi Cháisc agus 4 seachtainí sa samhradh. Tá teach agam i gCeantar na nOileán.
- **An mbíonn tú ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta nó ag breathnú ar TG4 ar an idirlíon?**
  Bíonn mé ag éisteacht le RnaG ar an Idirlíon.
- **An bhfuil an Ghaeilge tábhachtach duit?**
  Tá. Ní bheinn in ann mo shaol a shamhlú dá huireasa.
- **An raibh aon bhuntáiste agat ariamh as Gaeilge a bheith agat?**
  An chuid is mó den am braithim gur buntáiste dom an Ghaeilge, ó thaobh jabanna.
- **Ar cheap tú ariamh go raibh an Ghaeilge do do choinneáil siar?**
  Níor cheap ó tháinig ciall fir agam.
- **An gcuirfeadh sé as duit dá mbeadh an Ghaeilge ag éirí níos laige i gCeantar na nOileán?**
  Chuirfeadh agus cuireann. Cuireann sé lagmhisneach orm a thabhairt faoi deara go bhfuil an Ghaeilge ag dul in ísle brí i measc na ngasúr i gCeantar na nOileán. Feictear

dom go bhfágtar naíonáin uaireanta fada ar maidin os comhair na teilifíse ag féachaint ar chartúnaí Béarla! Drochrud!

- **An bhfuil clann agat thall? Má tá, an bhfuil Gaeilge acu?**
  Níl clann agam. Ach dá mbeadh, bheadh Gaeilge acu!
- **An gceapann tú go mbeidh tú ag teacht ar ais go Ceantar na nOileán chun cónaí ann amach anseo?**
  Le cúnamh Dé, beidh.
- **Maidir leis an tasc atá tugtha dúinne, 's é sin teacht suas le plean chun an teanga a láidriú i gCeantar na nOileán, an mbeadh aon mholtaí agat féin céard ba cheart a dhéanamh?**
  Ba chóir díriú ar na daoine óga. Sin iad todhchaí na teanga i gCeantar na nOileán. Sin iad a dhearbhaíonn an mairfidh an teanga nó an imeoidh sí. Chuige sin, ní mór meas don teanga a chruthú i measc na ndaoine óga. Faoi láthair, sílimse nach mórán meas atá acu ar an teanga. Agus níl mé ag cur aon mhilleán orthu. Sin an dearcadh i leith na teanga atá siad a fháil ar gach taobh dóibh. Tá urlabhraíocht na Gaeilge i measc na ndaoine óga i gCeantar na nOileán go dona. B'fhéidir gur aithris faoi thionchar na teilifíse é seo (ní fiú Gaeilge a thabhairt ar céard a bhíonn le cloisteáil ar TG4!) ach sílim go bhfuil an scéal níos casta ná sin. Sí mo bharúil go bhfuil náire ar na gasúir go mbeadh a gcuid Gaeilge cosúil le Gaeilge a muintire agus go ndéanann siad iarracht ina gcuid Gaeilge a thaispeáint go bhfuil Béarla acu. Déantar é seo tríd an nGaeilge a labhairt le fuaimeanna an Bhéarla.

  Chun an Ghaeilge a neartú i measc na ndaoine óga i gCeantar na nOileán, ní mór dhá rud a dhéanamh agus tá an dá rud seo fite fuaite ina chéile: (1) ní mór meas agus urraim don teanga a spreagadh agus a chruthú i measc na ndaoine óga. Caithfear a chur in iúl dóibh gur cuid luachmhar dá n-oidhreacht í, cosúil lena ngaolta, lena mbaile, an scoil agus an club peile. (2) Ba cheart daoine le líofacht mhaith Gaeilge a chur i gceannas ar imeachtaí sóisialta do na gasúir (peil, judo, drámaíocht, ceol, damhsa/disco, caitheamh aimsire eile). Bheadh na himeachtaí seo ar fad ar siúl. Chuirfeadh sé seo le forbairt ómós don teanga agus líofacht mar a luaigh mé faoi uimhir (1).

  Cúpla seachtain ó shin bhí mé ag éisteacht le RnaG. Bhí siad ag tabhairt amach torthaí faoi ghradaim éagsúla drámaíochta a bhí buaite ag scoileanna éagsúla. Ní raibh fiú agus buaiteoir amháin as aon scoil as Ceantar na nOileán! Seo í mo cheist: an raibh aon scoil as Ceantar na nOileán ag glacadh páirt sa drámaíocht? Muna raibh, cén fáth nach raibh?
  I neartú agus i sealbhú na teanga i gCeantar na nOileán, tosaíodh muidleis na daoine óga. Sin iad na haithreacha agus máithreacha agus múinteoirí don chéad ghlúin eile

**2**

- **An bhfuil tú i bhfad thar lear?**

D'imigh mé i Lúnasa 2008 nuair a bhuail an cúlú eacnamaíochta an tír, bhí mé críochnaithe leis an gcoláiste agus bhí a fhios agam go mbeadh obair ag teastáil

- **An bhfuil dream eile as Ceantar na nOileán/Conamara/Éirinn timpeall ort thall?**
  Tá sé ina Chonamara beag anseo i mBoston, tá go leor as na hOileáin ann.
- **An mbíonn an Ghaeilge á cloisteáil am ar bith san áit a bhfuil tú lonnaithe? Cé hiad na hócáidí nó áiteanna a chloisfeá Gaeilge?**
  Bíonn Gaeilge le cloisteáil i ngach áit mar an traein, níl aon aithne agam orthu, ach is as Conamara iad. Bíonn Gaeilge le cloisteáil sna tithe ósta anseo i Dorchester nó amuigh in Canton áit a mbíonn cluichí peile Ghaelach ar siúl gach Domhnach. Is ceantar Éireannach é Adams Village i mBoston, cloistear Gaeilge mar shampla ag na sochraidí ansin i measc sean agus óg.
- **An mbíonn tú ag caint le do mhuintir sa mbaile go minic?**
  Beagnach gach lá
- **An dtagann tú abhaile go minic?**
  Téim abhaile dó nó trí de uaireanta in aghaidh na bliana
- **An mbíonn tú ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta nó ag breathnú ar TG4 ar an idirlíon?**
  Bíonn i gcónaí!
- **An bhfuil an Ghaeilge tábhachtach duit?**
  Tá, bím á labhairt níos mó ná scríobh. Bhog mé abhaile nuair a bhí mé 11 mar sin phioc mé suas an teanga ach níl aon mhaith liom ag scríobh i nGaeilge. Ceapaim go bhfuil sé tábhachtach do theanga dhúchais féin a bheith agat. Is maith liom go bhfuil mé in ann rud éigin a rá i nGaeilge agus ní thuigeann daoine áirithe mé. Tógadh mo mháthair i Sasana ach ba as Conamara dá muintir. Tuigeann sí Gaeilge ach níl sí in ann í a scríobh. Labhraíonn sí Gaeilge uaireanta ach bíonn náire uirthi mar gheall ar a canúint. Labhraíonn m'athair Gaeilge linn go léir agus tá súil agam go mbeidh mé á labhairt le mo chuid gasúir féin amach anseo.
- **Ar cheap tú ariamh go raibh an Ghaeilge do do choinneáil siar?**
  Níor cheap
- **An gcuirfeadh sé as duit dá mbeadh an Ghaeilge ag éirí níos laige i gCeantar na nOileán?**
  Chuirfeadh, ach ceapaim go dtiocfaidh sí ar ais. Tá níos mó clanna ag teacht ar ais as tíortha eile agus ag cur fúthu sa gceantar agus ní tógadh le Gaeilge iad siúd. Ba chóir go mbeadh a thuilleadh ranganna ar fáil. Tá an Ghaeilge ag fás ar fud na tíre anois freisin leis na Gaelscoileanna
- **An bhfuil clann agat thall? Má tá, an bhfuil Gaeilge acu?**
  Tá, tá Gaeilge acu go léir
- **An gceapann tú go mbeidh tú ag teacht ar ais go Ceantar na nOileán chun cónaí ann amach anseo?**
  Tógfaidh mé teach i dTír an Fhia ach ní cheapainn go mbeidh mé i mo chónaí ann go fóill, ní bheadh a fhios agat. Dá mbeadh mé ag teastáil ón gclann ag baile bheinn siar ar an bpointe.

- **Maidir leis an tasc atá tugtha dúinne, 's é sin teacht suas le plean chun an teanga a láidriú i gCeantar na nOileán, an mbeadh aon mholtaí agat féin céard ba cheart a dhéanamh?**
  Ná cuir brú ar dhaoine í a fhoghlaim.
  Níos mó ranganna Gaeilge dóibh siúd nach bhfuil sí acu ó dhúchas, go mbeadh daoine ar a gcompord ag foghlaim agus ag déanamh botúin.
  Níos mó tograí a bhaineann le Club Óige, nuair a bhí mé sa gclub óige chuaigh muid go ceantair Ghaeltachta eile taobh amuigh do Chonamara. Chuaigh muid go dtí an Tuaisceart agus bhí éad orthu linn mar go raibh Gaeilge againn agus ní raibh sí acu féin. Bhímid den tuairim go raibh an Ghaeilge 'cool' go raibh an t-ádh orainn, ba chóir an mheoin sin a thabhairt ar ais.
  Bhíodh campaí saoire againn áit a raibh sé de DHUALGAS ort an Ghaeilge a labhairt ba cheart a thuilleadh bealaí a aimsiú chun spraoi a bhaint as an teanga.
  Drámaíocht, ba cheart a thuilleadh drámaí a bheith ann do mhuintir an cheantair, club drámaíochta a bheith san áit, bheadh daoine in ann páirt a ghlacadh ann, agus chruthódh sé seo níos mó bealaí chun dul i ngleic leis an teanga. Bhí mé féin i gclub drámaíochta ar an gCeathrú Rua agus bhí mé ar mo chompord ag foghlaim na Gaeilge ar an mbealach sin.

**3**

- **An bhfuil tú i bhfad thar lear?**
  D'imigh mé i mí Dheireadh Fómhair
  2010
- **An bhfuil dream eile as Ceantar na nOileán/Conamara/Éirinn timpeall ort thall?**
  Níl
- **An mbíonn an Ghaeilge á cloisteáil am ar bith san áit a bhfuil tú lonnaithe? Cé hiad na hócáidí nó áiteanna a chloisfeá Gaeilge?**
  Ní bhíonn, labhraíonn mé Gaeilge scaití ar an bhfón le m'athair
- **An mbíonn tú ag caint le do mhuintir sa mbaile go minic?**
  Uair nó dhó sa tseachtain
- **An dtagann tú abhaile go minic?**
  Uair nó dhó sa mbliain ar feadh 5-7 lá
- **An mbíonn tú ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta nó ag breathnú ar TG4 ar an idirlíon?**
  Scaití éistim le Raidió na Gaeltachta
- **An bhfuil an Ghaeilge tábhachtach duit?**
  Tá
- **An raibh aon bhuntáiste agat ariamh as Gaeilge a bheith agat?**
  Ní raibh
- **Ar cheap tú ariamh go raibh an Ghaeilge do do choinneáil siar?**

Rinne mé mo chuid staidéir uilig thrí Ghaeilge go dtí an ardteist, bhí sé deacair ag an gcoláiste ar dtús mar bhí sé i mBéarla, (Bitheolaíocht etc.).

- **An gcuirfeadh sé as duit dá mbeadh an Ghaeilge ag éirí níos laige i gCeantar na nOileán?**
  Chuirfeadh, tá mé an-bhródúil as
- **An bhfuil clann agat thall? Má tá, an bhfuil Gaeilge acu?**
  Níl san áit ina bhfuil mé i mo chónaí
- **An gceapann tú go mbeidh tú ag teacht ar ais go Ceantar na nOileán chun cónaí ann amach anseo?**
  Ní bheidh
- **Maidir leis an tasc atá tugtha dúinne, ˈs é sin teacht suas le plean chun an teanga a láidriú i gCeantar na nOileán, an mbeadh aon mholtaí agat féin céard ba cheart a dhéanamh?**
  Le haghaidh na ndaoine óga, ceapaim gur tríd na meáin shóisialta nó ar Facebook agus Instagram an bealach is fearr le haghaidh go mbeadh an Ghaeilge ‘cool’ arís. Ba cheart freisin an tasc seo a thabhairt do na daoine óga sa gceantar, cúnamh a thabhairt dóibh le imeachtaí agus rudaí den tsórt a eagrú.

**4**

- **An bhfuil tú i bhfad thar lear?**
  Beidh mé anseo sé bliana i mí Mheán Fómhair
- **An bhfuil dream eile as Ceantar na nOileán/Conamara/Éirinn timpeall ort thall?**
  Tá neart anseo as Conamara.
- **An mbíonn an Ghaeilge á cloisteáil am ar bith san áit a bhfuil tú lonnaithe? Cé hiad na hócáidí nó áiteanna a chloisfeá Gaeilge?**
  Cloisim Gaeilge gach lá. Cloistear Gaeilge nuair a bhuaileann tú le muintir Chonamara, sna tithe ósta, siopaí agus i gCanton áit a mbíonn peil Ghaelach á imirt gach deireadh seachtaine.
- **An mbíonn tú ag caint le do mhuintir sa mbaile go minic?**
  Bím ag caint le m’athair gach lá beagnach
- **An dtagann tú abhaile go minic?**
  Téim abhaile uair nó dhó gach bliain
- **An mbíonn tú ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta nó ag breathnú ar TG4 ar an idirlíon?**
  Bím ag éisteacht leis uaireanta, ach bím ag féachaint ar TG4 ar líne níos minice. Tá aithne agam ar go leor daoine a bhíonn ag éisteacht le RnaG go laethúil maidir le nuacht agus torthaí na gcluichí peile nó iománaíochta
- **An bhfuil an Ghaeilge tábhachtach duit?**
  Tá an Ghaeilge tábhachtach dom. Ceapaim go bhfuil an t-ádh orm i ndáiríre go bhfuil mé in ann Gaeilge a labhairt agus í a thuiscint. Cé gur as Sasana mo mháthair bhí an

Ghaeilge á labhairt sa teach sin againne i gcónaí, ach is as Conamara tuismitheoirí mo mháthar. Tá dhá ghasúr óga agam agus labhraím Gaeilge leo gach lá mar ba mhaith liom go mbeadh an dá theanga acu mar atá agamsa. Beidh sé mar bhuntáiste acu amach anseo dá mbeadh siad ag dul ar scoil in Éirinn nó díreach ar saoire, bheadh an Ghaeilge ag teastáil uathu agus ní bheadh aon drogall orthu í a labhairt.

- **An raibh aon bhuntáiste agat ariamh as Gaeilge a bheith agat?**
  Bhí, tá sé iontach Gaeilge a bheith agat, cuireann sé iontas ar dhaoine anseo i Meiriceá nuair a chloiseann siad an Ghaeilge agus deirtear liom i gcónaí go bhfuil an t-ádh liom go bhfuil dhá theanga agam, ba bhreá leo féin dá mbeadh sí acu
- **Ar cheap tú ariamh go raibh an Ghaeilge do do choinneáil siar?**
  Bhí sé deacair ar scoil uaireanta ach níor choinnigh sí siar riamh mé.
- **An gcuirfeadh sé as duit dá mbeadh an Ghaeilge ag éirí níos laige i gCeantar na nOileán?**
  Chuirfeadh sé as dom dá mbeadh an teanga ag lagan sna hOileáin, bheadh sé sin aisteach le bheith macánta faoi ach caithfimid í a labhairt chun go mairfidh sí.

- **An bhfuil clann agat thall? Má tá, an bhfuil Gaeilge acu?**
  Tá, tá mé pósta agus dhá ghasúr agam agus labhraítear Gaeilge leo gach lá. Ba mhaith liom go mbeadh an buntáiste sin acu í a labhairt agus a thuiscint, agus go mbeadh an cumas sin acu an teanga a labhairt le héinne
- **An gceapann tú go mbeidh tú ag teacht ar ais go Ceantar na nOileán chun cónaí ann amach anseo?**
  Bhogfainn abhaile amárach, ach b’fhéidir tar éis bliana
- **Maidir leis an tasc atá tugtha dúinne, ˈs é sin teacht suas le plean chun an teanga a láidriú i gCeantar na nOileán, an mbeadh aon mholtaí agat féin céard ba cheart a dhéanamh?**
  Díreach leanacht ar aghaidh ag labhairt Gaeilge, na ranganna Gaeilge a choinneáil ag imeacht chun an deis a thabhairt do dhaoine í a fhoghlaim.

# Aguisín 2

**Ceistneoirí agallaimh. Seo iad na ceisteanna a cuireadh ar rannpháirtithe le linn na n-agallamh.**

**Ceistneoir (Oideachas)**

*Ráiteas maidir le Clásal Rúndachta:*

Is é an fheidhm atá leis an gceistneoir seo ná eolas a bhailiú faoi úsáid na Gaeilge ar son plean teanga Cheantar na nOileán. De réir an Achta um Chosaint Sonraí **ní bheidh** d'ainm luaite le haon eolas a chuireann tú ar fáil dúinn. Is ar bhonn **deonach** atá an **rannpháirtíocht.**

1. **Cé mhéid gasúr atá ag freastal ar an scoil/seirbhís?**

2. **Cén aois ghrúpa atá i gceist sa scoil/seirbhís?**

3. **Cé mhéid gasúr a thagann isteach sa scoil/seirbhís nach bhfuil Gaeilge acu?**

4. **Cé mhéid gasúr a cheapann tú a thagann as teaghlach nach mbíonn an Ghaeilge á labhairt acu?**

5. **An bhfuil polasaí i bhfeidhm sa scoil/seirbhís maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla?**

6. **Cad iad na dúshláin a fheiceann sibh in bhur gcuid oibre ó thaobh cúrsaí teanga?**

7. **Cad a theastódh chun feabhas a chur ar an scéal?**

**Ceistneoir (Gnólachtaí)**

*Ráiteas maidir le Clásal Rúndachta:*

Is é an fheidhm atá leis an gceistneoir seo ná eolas a bhailiú faoi úsáid na Gaeilge ar son plean teanga Cheantar na nOileán. De réir an Achta um Chosaint Sonraí **ní bheidh** d'ainm luaite le haon eolas a chuireann tú ar fáil dúinn. Is ar bhonn **deonach** atá an **rannpháirtíocht.**

1. **Cén teanga is mó a bhíonn in úsáid ag do chuid custaiméirí agus iad anseo?**

2. **An gcloiseann tú mórán Béarla ag custaiméirí, an turasóirí a bhíonn iontu seo nó dream as an áit, nó daoine b'fhéidir** atá **tagtha isteach sa cheantar ón taobh amuigh?**

3. **An bhfuil polasaí Gaeilge agaibh, an bhfuil Gaeilge ag an bhfoireann anseo?**

4. **An bhfuil an Ghaeilge láidir sa gceantar seo?**

5. **Aon mholtaí agat féin ó thaobh an Ghaeilge a láidriú agus a chur ar aghaidh sa cheantar seo (Aon mholadh maidir leis an bpróiseas pleanála teanga)?**

**Ceistneoir (Daoine Óga)**

(Fuarthas cead ó na tuismitheoirí maidir le haon taifead a déanadh ag cloí le dea-chleachtais agus eitice maidir le cúrsaí taighde.)

*Ráiteas maidir le Clásal Rúndachta:*

Is é an fheidhm atá leis an gceistneoir seo ná eolas a bhailiú faoi úsáid na Gaeilge ar son plean teanga Cheantar na nOileán. De réir an Achta um Chosaint Sonraí **ní bheidh** d'ainm luaite le haon eolas a chuireann tú ar fáil dúinn. Is ar bhonn **deonach** atá an **rannpháirtíocht.**

**1. Tháinig figiúirí nua an daonáirimh amach le gairid a thaispeáin go bhfuil an Ghaeilge thar a bheith láidir i gCeantar na nOileán, céard a cheapann sibh féin faoi seo, an n-aontódh sibh leis?**

**2. An bhfuil an Ghaeilge láidir i measc an aos óig i gCeantar na nOileán seachas ceantair Ghaeltachta eile?**

**4. An buntáiste í an Ghaeilge ó thaobh postanna?**

**5. Maidir le plean teanga Cheantar na nOileán céard ba mhaith libh féin a fheiceáil ann maidir le cur chun cinn na Gaeilge sa gceantar?**

**6. An bhfuil bród agus féiniúlacht Ghaeltachta tábhachtach daoibhse? mar shampla- ceol, amhránaíocht, bádóireacht?**

**7. An mbíonn sibh ag imirt spóirt? An mbíonn an Ghaeilge in úsáid agaibh ag traenáil /ag imirt cluichí, an buntáiste é seo nuair a bhíonn sibh in aghaidh foirne eile nach bhfuil an teanga acu?**

**8. Céard ar mhaith libh a fheiceáil sa bPlean Teanga maidir le áiseanna/deiseanna do dhaoine óga i gCeantar na nOileán mar shampla caitheamh aimsire, saol sóisialta, (Crib na nÓg, club óige)?**

**9. An mbeadh fonn oraibh fanacht i gCeantar na nOileán agus teach a thógáil ann amach anseo?**

**Ceistneoir (Daoine aosta)**

*Ráiteas maidir le Clásal Rúndachta:*

Is é an fheidhm atá leis an gceistneoir seo ná eolas a bhailiú faoi úsáid na Gaeilge ar son plean teanga Cheantar na nOileán. De réir an Achta um Chosaint Sonraí **ní bheidh** d'ainm luaite le haon eolas a chuireann tú ar fáil dúinn. Is ar bhonn **deonach** atá an **rannphháirtíocht.**

**1. An bhfuil an Ghaeilge láidir i gCeantar na nOileán**

**2. An bhfuil sí láidir i measc an aos óig?**

**3. An bhfuil meas ag an aos óg ar an nGaeilge?**

**4. An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí don aosach sa gceantar?**

**5. An mbíonn tú ag féachaint ar TG4?**

**6. Céard a cheapann tú don phlean teanga?**

# Aguisín 3

Tugadh deis don phobal moltaí a dhéanamh don phlean teanga. Seoladh foirmeacha amach trí na scoileanna agus reáchtáladh cruinniú poiblí ar an 19 Iúil 2017. Tá trí chuid san aguisín seo: (1) foirm na moltaí, (2) cóip den fhógra don chruinniú poiblí agus (3) blaiseadh de thuairimí breise ón bpobal.

## ***<u>Moltaí don Phlean Teanga, Ceantar na nOileán</u>***

Fáiltíonn Coiste Pleanála Teanga Ceantar na nOileán roimh moltaí faoi ghníomhaíochtaí ba cheart a chur ar bun chun an Ghaeilge a chur chun cinn tuilleadh sa gceantar. Má tá moltaí le déanamh agatsa, ba mhór againn dá líonfá an fhoirm seo agus dá gcuirfeá ar ais í chuig: An Coiste Pleanála Teanga f/ch Comhairle Ceantar na nOileán, Tír an Fhia, Leitir Móir, Co na Gaillimhe. **Seol ar ais an fhoirm le do thoill faoin dáta deiridh: Déardaoin, 15 Meitheamh**

| **Moladh:**<br>**Cur síos gearr** | **Cé a bheadh freagrach as é a chur i bhfeidhm?** | **Cén toradh a bheifeá ag súil leis?** | **Cén bealach a bheadh ann chun monatóireacht a dhéanamh agus a fheiceáil an bhfuil sé ag obair?** |
|---|---|---|---|
| | | | |

*Comhairle Ceantair na nOileán teo Fón: 091-551922/091-551761 Faics:091-551921 R-phost:ceantarnanoilean@eircom.ne*

**Fógra, Cruinniú Poiblí**

# ***Comhairle Ceantar na nOileán***

# **Cruinniú Poiblí**

## *Plean Teanga Cheantar na nOileán*

Cur i láthair ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ar an bplean & deis a thabhairt don phobal tuairimí agus moltaí a roinnt linn.

**7.00 Dé Céadaoin, 19 Iúil 2017 (Halla Thír an Fhia).**

**Mar pháirt den suirbhé a scaipeadh ar an bpobal bhí deis ag daoine a dtuairim féin a thabhairt, seo thíos roinnt samplaí de na tuairimí sin:**

*Measaim go bhfuil locht ar thuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Béarla sa gceantar. Tá na scoileanna ag déanamh a ndícheall ach tá lánúnacha a rugadh agus a tógadh anseo ag labhairt Béarla lena gclann óg sa mbaile, cén mhaith plean Gaeilge mura bhfuil a leithéidí sin sásta a meon i leith na teanga a athrú??*

*Obair atá uainn.*

*Tá an Ghaeilge an-tzábhachtach.*

*Ní raibh i gCeantar na nOileán riamh ach Gaeilge bheadh muid réidh gan í. Níl a malairt againn.*

*Tá an ghlúin óg go mór isteach i mBéarla.*

*Ní ualach ar aon duine Gaeilge a labhairt.*

*Tá an Ghaeilge an-thábhachtach i gCeantar Gaeltachta agus tá go leor daoine óga sa gcathair ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim. Bheinn féin níos compordaí ag labhairt Ghaeilge mar is leis an Ghaeilge a tógadh mé agus labhraím í i gcónaí.*

*Although I get the gist of what the questionnaire is about, I cannot fill it in as I do not have enough Irish and there is no English version. I hope you still manage to get some services to help us learn Irish here.*

*Sí an Ghaeilge mo theanga agus is í atá agus a bheidh agam.*

*An Ghaeilge an-lag ag na daoine óga sa bpobal.*

*Ta an Ghaeilge tábhachtach domsa, ach dar liom caithfidh an teanga tosnú sa mbaile agus níl sé sin ag tarlú i go leor tithe, agus tá sí ag fáil bháis dá bharr.*

*Sí an Ghaeilge an áis is tábhachtaí atá againn chun buntáistí a bhaint aisti sa gceantar.*

*Is í an Ghaeilge mo chéad teanga is breá liom i a labhairt.*

*Níos mó cúrsaí a bheith ann do dhaoine nach bhfuil Gaeilge acu. Tá Gaeilge tábhachtach, sí teanga na tíre í. Ba cheart í a choinneáil beo agus tá sé tábhachtach do sheandaoine nach bhfuil Béarla maith acu, go mbeadh seirbhísí ar fáil dóibh thrí Ghaeilge.*

*Cuireann an Ghaeilge go leor postanna ar fáil le linn an tsamhraidh i dtaobh na coláistí Samhraidh. Is í teanga na Gaeilge a bhí i gCeantar na nOileán riamh cén fáth go n-athrófaí anois é?*

*Tá Ceantar na nOileán ag brath go mór ar an Ghaeilge, tá éagsúlacht áirithe ag baint leis an gceantar nach bhfuil le fáil in aon áit eile sa tír mar thoradh ar labhairt na Gaeilge. Ba mhór an feall dá mbeadh sé sin imithe don chéad ghlúin eile. Teastaíonn ionad ar leith san áit le hais ionad spóirt. Teastaíonn áit ón dream óg nach bhfuil go mór le spóirt etc. Áit le*

*píosa a chaitheamh le chéile ag ól tae nó caife, an idirlíon a úsáid dá mba mhaith leo nó ceol a chur ar siúl ar nós ceirníní, cur síos ar eachtraí an lae nó ag tabhairt cúnamh dá cheile leis an obair baile. Níl aon ionad caife sa gceantar do dhaoine mar cuairteoirí nó muintir na háite, is mór an buille é sin.*

*Níl mórán suime fanta ag na daoine óg sa Ghaeilge agus beidh sé deacair ag an teanga maireachtáil.*

*Tá teanga na Gaeilge tábhachtach ar chuile bhealach.*

# Aguisín 4

## Na Critéir & Réimsí Pleanála Teanga

### Na Critéir Pleanála Teanga do Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta a forordaíodh faoi Acht na Gaeltachta (2012) 1.
### ÚnaG Treoirlínte Pleanála Teanga - Eagrán 3: Bealtaine 2016

1. Eagraíocht, arna roghnú ag ÚnaG faoi fho-alt (6), (10)(a) nó (13)(a), de réir mar is cuí, d'alt 7 d'Acht 2012, a bheith ann chun an plean teanga a ullmhú agus a chur i ngníomh sa limistéar iomchuí.
2. An cion den daonra arb í an Ghaeilge an teanga labhartha atá acu sa limistéar iomchuí, ag féachaint do thionchar tosca déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta ar an limistéar iomchuí.
3. Na socruithe a shonraítear maidir le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa limistéar iomchuí.
4. Forálacha Acht 1998 a bheith á n-úsáid, de réir mar is cuí, chun tacú leis an nGaeilge sa limistéar iomchuí, ag féachaint go háirithe do mhíreanna (i) agus (j) d'alt 6 den Acht sin.
5. Oideachas bunscoile agus iarbhunscoile trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí, de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear sruthanna a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge i scoileanna Béarla agus roinnt ábhar a bheith á múineadh trí Ghaeilge i scoileanna Béarla, de réir mar is cuí.
6. Beartais teanga chuí a bheith ann laistigh den timpeallacht scoile a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha lasmuigh den chóras oideachais sa limistéar iomchuí.
7. Seirbhísí cuí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga, a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge sa limistéar iomchuí.
8. Socruithe cuí a bheith ann sa limistéar iomchuí chun tacú le húsáid na Gaeilge ag leanaí ó theaghlaigh nach í an Ghaeilge an teanga labhartha atá sa bhaile acu.
9. Socruithe cuí a bheith ann sa limistéar iomchuí chun tacú le foghlaim na Gaeilge ag leanaí réamhscoile, d'fhonn tacú le rollú i mbunscoileanna Gaeilge.
10. Gníomhaíochtaí sóisialta cuí trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga agus d'aoisghrúpaí eile a bheith ar fáil agus beartais teanga chuí a bheith ann i dtaca leis na gníomhaíochtaí sin sa limistéar iomchuí.
11. Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais.
12. A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa limistéar iomchuí.
13. Cuideachtaí agus gnóthaí a bheith ann a sholáthraíonn seirbhísí trí mheán na Gaeilge don phobal sa limistéar iomchuí.
14. Beartais fostaíochta agus earcaíochta a bheith ann atá á gcur i ngníomh ag cuideachtaí agus gnóthaí sa limistéar iomchuí ar mhodh a chinntíonn go bhfuil ar a gcumas seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar.
15. A mhéid a úsáideann eagraíochtaí pobail agus comharchumainn an Ghaeilge sa limistéar iomchuí.
16. A mhéid a úsáideann na meáin chumarsáide áitiúla an Ghaeilge sa limistéar iomchuí.
17. Forálacha iomchuí na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2013 a bheith á n-úsáid chun tacú leis an nGaeilge sa limistéar iomchuí.
18. Seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí.
19. A mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne sa limistéar iomchuí leis an bplean teanga

**Réimsí Pleanála Teanga**
**ÚnaG Treoirlínte Pleanála Teanga - Eagrán 3: Bealtaine 2016**

A. An córas oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais).
B. Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga.
C. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile.
D. Deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais.
E. An Earnáil Ghnó.
F. Eagraíochtaí pobail agus comharchumainn.
G. Na Meáin Chumarsáide.
H. Seirbhísí Poiblí.
I. Pleanáil agus Forbairt fhisiceach;
J. Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire
K. Staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina leith.